# FORFÁS TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2013

Forfás

# Don Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta

De bhun an Achta um Fhorbairt Tionscail, 1993, cuireann Forfás, leis seo, a thuarascáil agus a chuntais i láthair don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2013.





Eoin O'Driscoll
Cathaoirleach

Martin D. Shanahan
Príomhfheidhmeannach

# Clár na nÁbhar


| | |
|---|---|
| Maidir Linne | 5 |
| Bord Fhorfás | 15 |
| Bainistíocht Fhorfás | 17 |
| Forbhreathnú an Chathaoirligh agus an Phríomhfheidhmeannaigh | 19 |
| Gníomhaíochtaí Beartais | 27 |
| Fiontraíocht | 31 |
| Eolas agus Nuálaíocht | 53 |
| Iomaíochas | 67 |
| Daoine | 77 |
| Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú | 85 |
| Rialachas Corparáideach | 91 |
| Ráitis Airgeadais | 97 |
| Aguisín 1: Comhairlí Comhairleacha | 123 |
| Aguisín 2: Foilseacháin Fhorfás | 127 |

# Maidir Linn

*"Más amhlaidh go bhfuilimid chun an ghluaiseacht dheimhneach seo a chothú agus dlús a chur fúithi, ní mór don Rialtas ar fad leanúint ar aghaidh ag díriú gan staonadh ar phoist agus ar an iomaíochas. Sin é an fáth go bhfuil na cumais láidre atá ag Forfás maidir le déanamh beartais á gcomhtháthú againn i gcroílár an Rialtais, chun cabhrú le beartais um chruthú post a chur chun cinn ar fud an Rialtais.*

*Is mór an méid atá déanta ag Martin Shanahan agus a fhoireann chun cur leis an móiminteam atá tógtha againn ar dhúshlán na bpost le dhá bhliain anuas. Táim ag tnúth le leanúint ar aghaidh leis an gcomhoibriú láidir atá tógtha againn, le leasuithe nua a chur chun cinn maidir le cúrsaí fostaíochta agus le beartais iomaíochais, agus leis na poist a theastaíonn uainn a chruthú"*

Richard Bruton TD, Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta

# Maidir Linne

Is é Forfás an bord náisiúnta comhairleach beartais um fhiontraíocht, thrádáil, eolaíocht, theicneolaíocht agus nuálaíocht. Chomh maith lena chuid príomhfheidhmeanna beartais, áiríodh creidiúnú agus seirbhísí corparáideacha comhroinnte le gníomhaíochtaí eile Fhorfás in 2013.





## Anailís agus Comhairle Bheartais

Is gníomhaireacht de chuid na Roinne Post, Fiontar agus Nuálaíochta (RPFN) é Forfás, a oibríonn go dlúth leis an RPFN agus le comhghníomhaireachtaí Fhorfás, Fiontraíocht Éireann, GFT Éireann agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann, chun comhchuibheas beartas a chinntiú ar fud na ngníomhaireachtaí forbartha fiontar d'fhonn tacú le fás fiontar agus cruthú post.

Cuireann Forfás comhairle neamhspleách maidir le beartas ar fáil don Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, don RPFN agus don Rialtas i raon réimsí beartais ó thaobh na fiontraíochta de. Tá a lán de na réimsí beartais a mbíonn tionchar acu ar chúrsaí fiontar faoi shainchúram an Aire, agus tá an fhreagracht i ndáil le réimsí eile faoi shainchúram airí agus ranna eile, ach bíonn tionchar díreach nó indíreach acu ar fhorbairt na fiontraíochta. Fágann sé sin nach mór d'Fhorfás feidhmiú thar réimse ranna agus gníomhaireachtaí rialtais.

## Forfás, a Chomhghníomhaireachtaí agus a Chomhairlí Comhairleacha




### Tacaíocht Beartais

Chomh maith le hobair beartais leanúnach, soláthraíonn Forfás comhairle beartais fhreagrúil, fhíor-ama don Aire agus don RPFN ar raon saincheisteanna a thagann chun cinn. Ina theannta sin, tacaíonn Forfás leis an RPFN i ndáil lena chuid comhairle a chur chun cinn agus a chur chun feidhme.

Bainistíonn Forfás an obair a dhéanann an Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais agus an Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí agus cuireann sé taighde agus tacaíocht anailíse ar fáil dóibh.

Tá ról comhordaithe beartas ag Forfás maidir le feidhmeanna a chomhghníomhaireachtaí, Fiontraíocht Éireann, GFT Éireann agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann. Déanann Forfás measúnú freisin ar idirghabhálacha beartais fiontraíochta.

## Fócas 2013

Sa chomhairle a thug Forfás faoi chúrsaí beartais in 2013, tugadh aghaidh ar cheithre réimse beartais uileghabhálacha atá ríthábhachtach ó thaobh rath na fiontraíochta in Éirinn, agus tá cur síos ar ár gcuid oibre sa rannóg Gníomhaíochtaí Beartais ar leathanach 27 den tuarascáil seo.

| | |
|---|---|
| **Fiontraíocht** | Tacú le forbairt fiontar agus post inbhuanaithe |
| **Eolas & Nuálaíocht** | Taighde agus teicneolaíocht a chur ag obair do ghnó agus d'Éirinn |
| **Iomaíochas** | A chinntiú gur áit mhaith í Éire le dul i mbun gnó |
| **Daoine** | Lucht saothair ardoilte, cumasach agus solúbtha a fhorbairt |

### Fiontraíocht - Tacú le forbairt fiontar agus post inbhuanaithe

Tá bonn láidir fiontar in Éirinn, idir iad siúd faoi úinéireacht dhúchasach agus eachtrach araon, chomh maith le cultúr a spreagann cuideachtaí chun forbairt agus leathnú. Ina chuid oibre leis na gníomhaireachtaí forbartha fiontar agus le réimse leathan páirtithe leasmhara, soláthraíonn Forfás comhairle bheartais thar réimse leathan de na saincheisteanna fiontraíochta is tábhachtaí chun cur le timpeallacht ina gcothaítear fiontair inbhuanaithe, rathúla.

In 2013 rinne Forfás roinnt suirbhéanna ar fhiontair, lena soláthraítear sonraí cuimsitheacha ar chliantchuideachtaí na ngníomhaireachtaí forbartha fiontar agus a bhfuil ionchur díreach acu maidir le hanailís bheartais agus comhairle Fhorfás. Ina theannta sin, chuir Forfás i gcrích, agus ról ceannais á ghlacadh aige, naoi ngníomh tríd an *bPlean Gníomhaíochta do Phoist 2013* agus bhí baint aige le seachadadh 21 gníomh eile in éineacht le ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais eile. Bhí baint lárnach ag Forfás le cur chun cinn Athchóiriú Suaiteach an Rialtais ar Olltiomsú Sonraí agus Anailísíocht Sonraí agus cuireadh de chúram air seirbhís chomhtháite um iarratais ar cheadúnú a sheachadadh atá dírithe ar mhéid suntasach airgid a spáráil do ghnólachtaí agus fiontraithe ar fud na hÉireann.

Píosa suntasach oibre a bhí i gceist leis an *bPlean Gníomhaíochta do Phoist 2014* agus d'fhorbair Forfás é thar ceann an Rialtais, agus é ag obair go dlúth leis an RPFN agus le ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais eile. Sa Phlean Gníomhaíochta, cuirtear cruthú post i gcroílár na mbeartas sna ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais ar fad agus táthar á chinntiú leis go bhfuil na príomhghníomhartha a aithníodh á gcur chun feidhme.

Tá na céimeanna deiridh á nglacadh ag Forfás ina chuid meastóireachta ar thart ar 70 clár gníomhaireachta um fhorbairt fiontraíochta (Fiontraíocht Éireann, GFT Éireann, Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus iar-Bhoird Fiontar Contae), atá á ndéanamh tríd an bPlean Gníomhaíochta do Phoist. Is riachtanach an rud é measúnú a dhéanamh ar thacaíochtaí don ghnó chun a chinntiú go bhfuil an fhianaise againn chun treoir a sholáthar maidir le cinntí beartais agus le dearadh agus seachadadh idirghabhálacha atá éifeachtach ó thaobh costais, atá cuí, agus a imreoidh tionchar.

Rinne Forfás athbhreithniú ar bheartas infheistíochta dírí eachtraí a bheidh ina threoir maidir le Ráiteas an Rialtais ar Infheistíocht Dhíreach Eachtrach agus ina chreat d'fhorbairt straitéis GFT Éireann. Ina theannta sin, bhí ionchur ag Forfás maidir le Straitéis Gheilleagrach Mheántéarmach an Rialtais, agus d'fhoilsigh sé an dá thuarascáil straitéiseacha earnála thábhachtacha *Ireland's Construction Sector: Outlook and Strategic Plan to 2015* agus *Making it in Ireland*, straitéis d'earnáil na déantúsaíochta, agus d'oibrigh sé chun iad a chur chun feidhme go héifeachtach.

Eochairghné is ea gineadh an fháis inbhuanaithe, bunaithe ar an onnmhairiú, maidir le geilleagar na hÉireann a atógáil, agus chuir Forfás treoir ar fáil don chlár oibre um beartas

trádála i rith na bliana. Rinneamar aighneachtaí freisin maidir le cánachas d'fhonn acmhainneacht easpórtála gnólachtaí a áirithiú, mar aon le tarraingteacht na hÉireann mar ionad d'infheistíocht dhíreach eachtrach (FDI) agus forbairt an chreidmheasa cánach um T&F. Ghlac Forfás páirt sa Ghrúpa Comhlachtaí Stáit um Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide (FBManna), a bhfuil sé de chuspóir aige a chinntiú go mbeidh fáil ag FBManna ar mhaoiniú chun cur leis an téarnamh agus an fás.

### Eolas agus Nuálaíocht - Taighde agus teicneolaíocht a chur ag obair do ghnó agus d'Éirinn

Níl aon teorannacha leis an nuálaíocht. Féadann sí eascairt ó sholáthraithe agus custaiméirí, iomaitheoirí agus fostaithe, in Éirinn nó ar fud an domhain. D'fhéadfadh go mbeadh baint aici le haon ghné den ghnó – táirgí, seirbhísí, feidhmchláir teicneolaíochta, próisis, dearthaí agus struchtúir eagraíochtaí nua nó feabhsaithe. Tá an nuálaíocht ina gné bhunúsach lena saineofar rath na fiontraíochta in Éirinn amach anseo.

Tá bonn láidir eolaíochta tógtha in Éirinn anois de bharr beartais, agus tá an beartas sin dírithe anois ar a chinntiú go ndéanfar an toradh geilleagrach agus sóisialta ar an infheistíocht a dhéanaimid san eolaíocht, sa teicneolaíocht agus sa nuálaíocht (ETN) a neartú agus dlús a chur faoi. Tá beartú tosaíochta ó thaobh an taighde ina phríomhthionscnamh chun an toradh sin a sheachadadh, agus tá sé á chur chun feidhme tríd an nGrúpa Gníomhaíochta um Beartú Tosaíochta Taighde (PAG) ó mhí an Mhárta 2012 i leith. Tá ról lárnach ag Forfás maidir leis an gcur chun feidhme trí thacaíocht theicniúil agus thacaíocht bheartais a sholáthar don Ghrúpa Gníomhaíochta um Beartú Tosaíochta (PAG), agus trí bhainistiú a dhéanamh ar obair an Ghrúpa sin.

Bíonn Forfás i mbun oibre leis an RPFN agus le ranna rialtais eile chomh maith, d'fhonn a chinntiú go ndéanfaidh beartais eolaíochta, teicneolaíochta agus nuálaíochta fás agus poist a sheachadadh d'Éirinn trí bhonn láidir fianaise a chur le chéile agus a anailísiú ónar féidir comhairle beartais a sholáthar i ndáil le saincheisteanna tábhachtacha ETN, idir náisiúnta agus idirnáisiúnta. In 2013, rinne Forfás athbhreithniú straitéiseach ar fheidhmíocht na hÉireann um thaighde, forbairt agus nuálaíocht agus i réimse na tacaíochtaí don nuálaíocht i seirbhísí agus i bpróisis ghnó. Ina theannta sin, thug Forfás faoi staidéar ar an nuálaíocht i ngnólachtaí arna dtacú ag gníomhaireachtaí agus a bhfuil rátaí arda fáis acu, agus ghlac sé páirt i mbeartas ardleibhéil idirnáisiúnta um thaighde agus nuálaíocht d'fhonn tuairimí na hÉireann a chur ar fáil.

Déanann Forfás roinnt suirbhéanna ina ndéantar sonraí a bhailiú agus a anailísiú chun monatóireacht a dhéanamh ar thaighde agus forbairt agus ar ghníomhaíochtaí nuálaíochta in Éirinn. Áiríodh leo sin in 2013 *Caiteachas Stáit ar T&F* agus *Caiteachas Gnó ar Thaighde agus ar Fhorbairt*.

### Iomaíochas - A chinntiú gur áit mhaith í Éire le dul i mbun gnó

Tá sé ríthábhachtach go mbeimid in ann dul san iomaíocht ar mhargaí idirnáisiúnta agus líon na n-earraí agus na seirbhísí ard-bhreisluacha a chuirimid ar fáil a mhéadú le go dtiocfaidh rath ar an ngeilleagar agus go mbeidh caighdeán maith maireachtála againn amach anseo.

Cuirimid fáilte roimh na feabhsuithe le déanaí ar ár gcuid iomaíochais idirnáisiúnta, ach tá Éire ag pointe casaidh maidir lena cumas iomaíochta agus ní mór di a chinntiú go ndéanfar na beartais lena spreagtar an t-iomaíochas i ngach réimse den gheilleagar a chur chun feidhme gan staonadh. Ní mór dúinn díriú isteach ar chostais sa gheilleagar a laghdú, cur le táirgiúlacht, a chinntiú go mbeidh ár mbeartais trádála oiriúnaithe don rathúlacht sna margaí idirnáisiúnta, agus go ndíreofar an infheistíocht chaipitil phoiblí ar réimsí a bheidh ina mbonn taca ag forbairt fiontar sa todhchaí. Soláthraíonn Forfás, as féin agus mar aon lena chuid

oibre leis an gComhairle Náisiúnta Iomaíochais, raon taighde, anailíse agus comhairle ar shaincheisteanna a bhaineann lenár gcumas iomaíochais náisiúnta, agus atá dírithe ar ár dtarraingteacht mar áit le dul i mbun gnó inti a chaomhnú. In 2013 áiríodh leis sin staidéar chun sainaithint a dhéanamh ar na hathruithe i bhfeidhmiú na rialtóirí earnála a chuirfeadh leis an iomaíochas, staidéar ina ndearnadh tagarmharcáil ar phríomhtháscairí iomaíochais, staidéar ar an iomaíochas i margadh saothair na hÉireann, mar aon le tuarascáil *Consumer Costs and Inflation*, ina ndéantar tagarmharcáil ar bhoilsciú agus ar an leibhéal praghsanna in Éirinn os coinne na bpríomhthíortha a bhíonn san iomaíocht linn.

Mar aitheantas ar an tábhacht a bhaineann le seirbhísí bonneagair agus seirbhísí bainteacha den chéad scoth, ar phraghas iomaíoch, maidir le tacú le fás geilleagrach, leis an iomaíochas agus le cruthú post, bhí Forfás ag obair go dlúth leis na gníomhaireachtaí forbartha fiontar ar bheartas bonneagair a fhorbairt agus a chur chun feidhme. In 2013 d'oibríomar go háirithe i réimsí na teileachumarsáide, na heitlíochta, an iompair ar tír agus na seirbhísí uisce ó thaobh fiontar.

### Daoine - Lucht saothair ardoilte, cumasach agus solúbtha a fhorbairt

Tá infheistíocht straitéiseach leanúnach i bhforbairt mhuintir na hÉireann ina gné ríthábhachtach do rath geilleagrach na hÉireann. Soláthraíonn Forfás comhairle ar bheartais a chinntíonn go soláthraíonn Éire oideachas, oiliúint agus breisoiliúint a chomhlíonann riachtanais na bhfiontar reatha agus na todhchaí agus a thacóidh le solúbthacht sa mhargadh saothair.

As a stuaim féin, agus trína chuid oibre leis an Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí, leanann Forfás ar aghaidh ag tacú le beartais atá dírithe ar lucht saothair na hÉireann a fhorbairt trí raon anailíse agus comhairle a sholáthar ar na riachtanais scileanna atá ag fiontair Éireannacha agus ar conas is féidir linn freastal ar na riachtanais sin.

I rith 2013 thug Forfás faoi dhá thuarascáil ar scileanna earnála mar atá ceangailte faoin *bPlean Gníomhaíochta do Phoist 2013* de chuid an Rialtais. Sa chéad cheann, bhí sé ina chuspóir réamhaisnéis a sholáthar ar an éileamh ar ghairmeacha scileanna TFC ardleibhéil ar fud gach earnála den gheilleagar agus moltaí a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt orthu i gcomhthéacs nuashonraithe ar Phlean Gníomhaíochta TFC an rialtais agus an tionscail; agus bhí sé ina chuspóir sa dara ceann aghaidh a thabhairt ar na scileanna a theastaíonn chun freastal ar uaillmhian an Rialtais maidir le hÉire a bheith ina tír a bheadh chun tosaigh san Eoraip ó thaobh Olltiomsú Sonraí.

Anois agus níos mó daoine ag gabháil don oideachas agus don oiliúint ar bheagnach gach leibhéal, is níos tábhachtaí ná riamh an taighde agus an anailís faoi na deiseanna fostaíochta sa todhchaí agus na scileanna a bheidh ag teastáil uathu chun an treoir agus an t-eolas a thabhairt dóibh a chuirfidh ar a gcumas dul ar aghaidh chuig fostaíocht. I dtaca leis sin, tá aighneacht Fhorfás chuig Straitéis um Cháilíocht agus Chaighdeáin na hÉireann (QQI) agus an tAthbhreithniú Printíseachta araon dírithe ar a chinntiú go mbeidh riachtanais na margaí saothair chun tosaigh agus go bhfeabhsófar scileanna gnóthaithe poist na mac léinn agus an lucht cuardaigh fostaíochta trí rannpháirtíocht fheabhsaithe le fostóirí.

Sholáthair Forfás treoir don Ghlao um Thionscnamh Springboard in 2013 lenar cuireadh thart ar 6,000 áit páirtaimseartha ar fáil dóibh siúd ar an mBeochlár.

I gcomhthéacs Éire a bheith ina hóstach ar Uachtaránacht an AE i rith na chéad sé mhí den bhliain, sholáthair Forfás plépháipéir don Chomhairle EPSCO Neamhfhoirmiúil i gCaisleán Bhaile Átha Cliath i mí Feabhra agus thug sé aitheasc ag Ceardlann Chomhdháil CSE ar Ghníomhachtú an Mhargaidh Shaothair trí Oideachas Treasach i mí na Bealtaine.

Baineann tábhacht ar leith leis an gcumas daoine soghluaiste a bhfuil buanna agus taithí acu a mhealladh ó ar fud an domhain, i réimsí ardéilimh go sonrach, maidir le fás a spreagadh in earnálacha lárnacha den gheilleagar. Rinneadh athruithe móra i rith na bliana ar an réimeas imirce agus thug Forfás comhairle faoi na scileanna agus na gairmeacha atá gann agus faoin tslí is fearr leis an gcóras a ailíniú chun dul i ngleic leo.

## Creidiúnú agus Seirbhísí Comhroinnte agus Corparáideacha

### Creidiúnú

Is é Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (INAB) an comhlacht náisiúnta ceaptha le freagracht iomlán as creidiúnú in Éirinn agus is fo-bhord agus rannóg de chuid Forfás é.

Tá sé freagrach as creidiúnú saotharlanna, comhlachtaí deimhniúcháin agus comhlachtaí cigireachta. Is é an t-aon sínitheoir amháin de chuid na hÉireann do na comhaontuithe iltaobhacha (MLAanna) don Eoraip trí mheán an Chomhair Eorpaigh um Chreidiúnú (EA) agus ar bhonn domhanda trí mheán an Chomhair Idirnáisiúnta um Chreidiúnú Saotharlainne (ILAC) agus an Fhóraim Idirnáisiúnta Creidiúnaithe (IAF).

Cuireann sé creidiúnú ar fáil de réir na sraithe caighdeán agus treoracha ISO 17000 ábhartha um Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCaighdeán agus de réir shraith comhchuibhithe EN 45000 na gcaighdeán Eorpach.

Is é Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú an t-aon chomhlacht náisiúnta amháin um chreidiúnú d'Éirinn de bhun Rialachán 765/2008 lena soláthraítear creat dlíthiúil i ndáil le soláthar seirbhísí creidiúnaithe ar fud na hEorpa.

Lean an méadú ar an éileamh ar sheirbhísí an Bhoird ar fud na gclár ar fad in 2013. Tá an t-éileamh ar chreidiúnú saotharlanna tástála leighis fós ag dul i méid, mar aon le creidiúnú comhlachtaí a dhéanann scéimeanna bia a dheimhniú. In 2013 tháinig réimsí nua gníomhaíochta chun cinn freisin: tástáil astúchán simléar, táirgeoirí ábhar tagartha agus rialacháin nua lena rialaítear trádáil astuithe gáis cheaptha teasa.

### Seirbhísí Comhroinnte agus Corparáideacha

Soláthraíonn Forfás seirbhísí corparáideacha comhroinnte áirithe d'Fhiontraíocht Éireann, GFT Éireann agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann. Soláthraítear na seirbhísí comhroinnte seo i réimsí inar féidir le Forfás éifeachtacht agus éifeachtúlacht na seirbhísí seo a fheabhsú nó sa chás go bhfuil oibleagáidí ar Fhorfás mar fhostóir dhlíthiúil na foirne sna gníomhaireachtaí sin. Cuimsítear leo gnéithe d'acmhainní daonna, pinsin, comhordú árachas corparáideach agus bainistíocht líonra um Shaoráil Faisnéise do na gníomhaireachtaí fiontraíochta agus do roinnt comhlachtaí poiblí eile.

Suas go dtí an 30 Meitheamh 2013, áiríodh leis na seirbhísí freisin seirbhísí bainistíochta saoráidí agus réadmhaoine, earraí isteach, agus seirbhísí fáiltithe/teileafónaí. Roimh dhíscaoileadh beartaithe Fhorfás mar eintiteas dlíthiúil ar leith, agus aistriú a chuid feidhmeanna éagsúla chuig comhlachtaí eile, aistríodh freagracht as na réimsí deiridh sin de na seirbhísí comhroinnte go dtí GFT Éireann le héifeacht ó 1 Iúil 2013.

### Bainistíocht Pinsean

Ina cháil mar fhostóir dlíthiúil foirne ar fud na ngníomhaireachtaí forbartha (Fiontraíocht Éireann, GFT Éireann agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann, agus roinnt comhaltaí foirne de

chuid an Údaráis um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann, déanann Forfás bainistiú lárnach ar scéimeanna pinsean Fhorfás féin agus scéimeanna pinsin na n-eagraíochtaí a tháinig roimhe[1], ar na hoibleagáidí comhlíonta pinsin gaolmhara agus ar na scéimeanna gaolmhara árachais agus sochar foirne. Déileálann Forfás ar bhonn lárnach le fiosruithe pinsean áirithe ó chomhaltaí foirne ar fud na ngníomhaireachtaí, riarann sé cúraimí a bhaineann le pinsin d'os cionn 1,253 pinsinéir chomh maith lena dtaifid ghaolmhara agus taifid agus fiosruithe ó thart ar 431 iarfhostaí a bhfuil sochair phinsin iarchurtha acu. Íocann Forfás gach sochar pinsin, ar bhonn leanúnach, d'fhoireann scortha agus d'fhoireann atá ag dul ar scor ó GFT Éireann, Fiontraíocht Éireann, Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus Forfás, chomh maith leis na heagraíochtaí a bhí ann rompu.

San Acht um Fhorbairt Tionscail (Forfás a Dhíscaoileadh), 2014 (Uimh. 13 de 2014), ina ndéantar foráil do dhíscaoileadh Fhorfás, foráiltear don mhéid seo a leanas:

(i) bunú Fhiontraíocht Éireann, GFT Éireann agus Fhondúireacht Eolaíochta Éireann mar fhostóirí dlíthiúla ar leithligh;

(ii) gach gníomhaireacht a scéim pinsin féin a fhorbairt;

(iii) comhaltaí foirne na ngníomhaireachtaí féin a bheith ina gcomhaltaí de na scéimeanna sin; agus

(iv) na gníomhaireachtaí sin a bheith cuntasach i leith na nDliteanas Pinsin bainteach faoi FRS17. Beidh freagracht dhlíthiúil ar an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta as na scéimeanna Pinsin atá ann cheana, mar aon leis na pinsinéirí agus iar-chomhaltaí foirne le sochair chaomhnaithe

**Bainistiú Saoráidí agus Réadmhaoine**

Nuair a rinneadh atheagrú ar na gníomhaireachtaí forbartha fiontar i 1994, tugadh freagracht d'Fhorfás as na leasa léasacha agus as cothabháil agus deisiú iarfhoirgnimh Cheanncheathrú an Údaráis Forbartha Tionscail, Teach Carrisbrook i nDroichead na Dothra agus Teach Knockmaun ar Shráid an Mhóta, agus as Teach Pháirc Wilton. Tá Teach Pháirc Wilton ina cheanncheathrú faoi láthair ag ceithre ghníomhaireacht Stáit (GFT Éireann, Fondúireacht Eolaíochta Éireann, Forfás agus Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann) agus is ann atá a gcuid príomhoifigí margaíochta, agus tá tionónta amháin de chuid na hearnála príobháidí ann chomh maith.

Ar an 1 Iúil 2013, aistríodh an fhreagracht as an leas léasach agus bainistiú na bhfoirgneamh sin chuig GFT Éireann, roimh dhíscaoileadh beartaithe Fhorfás mar eintiteas dlíthiúil ar leithligh agus aistriú a chuid feidhmeanna éagsúla go dtí comhlachtaí eile.

## Comhtháthú Fhorfás leis an RPFN

Amach in 2011, d'fhógair an tAire Bruton go raibh sé ar intinn aige cumas taighde beartais Fhorfás a chomhtháthú leis an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta (RPFN). I mí Aibreáin 2013, ar iarraidh ón Aire, chomhaontaigh an Rialtas tús a chur le dréachtú reachtaíochta chun éifeacht a thabhairt don athrú sin, agus tá an reachtaíocht sin rite anois ag Tithe an Oireachtais agus tá sí sínithe ina dlí ag an Uachtarán. Foráiltear sa reachtaíocht sin do

1 An tÚdarás Forbartha Tionscail, Eolas, an Bord Náisiúnta Eolaíochta agus Teicneolaíochta, an Bord Tráchtála agus Comhairle Earraí Éireann.

dhíscaoileadh Fhorfás mar eintiteas dlíthiúil agus d'aistriú gach ceann dá chuid feidhmeanna, freagrachtaí agus dliteanas go dtí eintitis dhlíthiúla eile.

Táthar ag súil go gcuirfear chun feidhme sna seachtainí atá romhainn amach na hOrduithe Tosaithe is gá chun éifeacht a thabhairt d'fhorálacha éagsúla na reachtaíochta (An tAcht um Fhorbairt Tionscail (Forfás a Dhíscaoileadh) (Uimh. 13 de 2014)) as a dtiocfaidh díscaoileadh Fhorfás agus an t-aistriú freagrachtaí.

Is é an aidhm atá leis an gcomhtháthú sin cumas agus acmhainn an RPFN a neartú ó thaobh beartas fiontraíochta a fhorbairt agus a chur chun feidhme. Tá sé curtha in iúl ag an Aire go mbeidh Forfás mar chroílár rannáin nua um beartas straitéiseach atá á bhunú laistigh den RPFN.

Go hachomair, áirítear le forálacha na reachtaíochta:

- Comhtháthú a dhéanamh leis an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta ar chumas fhoireann Fhorfás agus bhaill foirne bhainteacha maidir le beartas taighde
- Aistriú Bhord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú chuig an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta.
- Aistriú na freagrachta dlíthiúla maidir le scéimeanna pinsin leagáide agus pinsin arna n-íoc go dtí an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta agus foráil do riaradh na bhfreagrachtaí dlíthiúla sin, ar bhonn seachfhoinsithe ag Fiontraíocht Éireann, thar ceann na Roinne Post, Fiontar agus Nuálaíochta.
- Aistriú freagrachta an fhostóra maidir le baill foirne de chuid Fhorfás i GFT Éireann, i bhFiontraíocht Éireann, i bhFondúireacht Eolaíochta Éireann agus líon beag foirne san Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann go dtí fostaíocht dhíreach leis na Gníomhaireachtaí sin.
- Aistriú cumhachtaí um dheonú deontas ar bhonn díreach chuig GFT Éireann agus Fiontraíocht Éireann

Tá Forfás ag obair go dlúth leis an RPFN agus le comhlachtaí eile ar gach ceann de na céimeanna a bhfuil gá leo chun éifeacht a thabhairt d'fhorálacha na reachtaíochta agus na socruithe praiticiúla a bhaineann leo. Tá foireann feidhmiúcháin, faoi chathaoirleacht Ard-Rúnaí an RPFN agus atá comhdhéanta de Phríomhfheidhmeannach Fhorfás agus oifigigh shinsearacha ón RPFN, ó Fhorfás agus ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, tar éis a bheith ag teacht le chéile go rialta chun cur chun feidhme rathúil an tionscnaimh sin a chur chun cinn agus maoirseacht a dhéanamh air. Tá plean gnó mionsonraithe don bhliain 2014 ag Forfás ina leagtar amach a chuid príomhthosaíochtaí beartais agus míreanna clár oibre agus, nuair a chuirfear an comhtháthú chun críche, beidh an plean oibre sin ina chuid de Phlean Gnó an RPFN do 2014.

## Deontas Oireachtais

Tá Ráitis Airgeadais mhionsonraithe Fhorfás le fáil ar leathanach 89 den tuarascáil seo.

Chuir an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta cistiú deontais Oireachtais dár luach €40.076 milliún ar fáil d'Fhorfás in 2013. Bhí 15 faoin gcéad den chistiú sin ceaptha i gcomhair caiteachais ar ghníomhaíochtaí beartais agus ar sheirbhísí corparáideacha agus seirbhísí comhroinnte. Bhí 85 faoin gcéad den deontas Oireachtais ceaptha chun pinsin a íoc le pinsinéirí trasghníomhaireachta (.i. Forfás, Fiontraíocht Éireann, GFT Éireann, Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus na heagraíochtaí a tháinig rompu).

# Bord Fhorfás

## Bord Fhorfás



**Eoin O'Driscoll**
**Cathaoirleach, Forfás**
Cathaoirleach,
Iardheisceart



**Martin D. Shanahan**
Príomhfheidhmeannach
Forfás



**Mark Ferguson**
Ard-Stiúrthóir
Fondúireacht Eolaíochta
Éireann



**John Murphy**
Ard-Rúnaí
An Roinn Post, Fiontar
agus Nuálaíochta



**Barry O'Leary**
Príomhoifigeach
Feidhmiúcháin
GFT Éireann



**Julie Sinnamon**
Príomhoifigeach
Feidhmiúcháin
Fiontraíocht Éireann



**Michael O'Leary**
Rúnaí an Bhoird

D'éirigh Frank Ryan as Bord Fhorfás nuair a d'imigh sé ar scor óna phost mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin Fhiontraíocht Éireann i mí na Samhna 2013.

Tháinig Julie Sinnamon go dtí Bord Fhorfás ar a ceapachán mar Phríomh-Oifigeach Feidhmiúcháin Fhiontraíocht Éireann i mí na Samhna 2013.

D'imigh Eoin O'Driscoll agus John Murphy ar scor mar chomhaltaí de Bhord Fhorfás ar bhonn róta i mí na Nollag 2012 agus athcheapadh an bheirt acu i mí Eanáir 2013.


## Coiste Iniúchóireachta Fhorfás

John Murphy (Cathaoirleach)

Eoin O'Driscoll

Mark Ferguson

# Lucht Bainistíochta Fhorfás


Martin D. Shanahan
Príomhfheidhmeannach
Declan Hughes
Baínisteoir Rannóige, an Rannóg um Beartas Fiontar, Trádàla agus Nuálaíochta
Adrian Devitt
Baínisteoir Roinne Anaílís Eacnamaíoch, Iomaíochas, Bonnegar, Cáin agus Airgeadas
Marie Bourke
Baínisteoir Roinne Oideachas Scileanna Comhshaol agus Anailís Suirbhés
John Dooley
Baínisteoir Roinne Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht
Karen Hynes
Baínisteoir Roinne Trádáil, Rialáil, Fiontar Nuálaíocht agus Plean Gníomhaíochta do Phoist
Maria Ginnity
Baínisteoir RoinneBeartas Fiontraíochta & Luachálacha
Tom Clayton
Baínisteoir Roinne Airgeadas
Michael O'Leary
Baínisteoir Roinne Oifig an Rúnaí, Acmhainní agus Pinsin agus Cumarsáid, Trasghníomhaireachta
Adrienne Duff
Baínisteoir, Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú

# Forbhreathnú an Chathaoirligh agus an Phríomh-fheidhmeannaigh

# Comhthéacs

Tá geilleagar na hÉireann ar chosán níos dearfaí anois. Tá dóchas éigin ann de bharr an fháis mheasartha, mar aon le hacmhainn an Stáit um iasachtaí a fháil a bheith ar ais aige, leis an bhfeabhas ar inbhuanaitheacht an airgeadais phoiblí, leis an treocht anuas sa dífhostaíocht agus láidreacht leanúnach na hearnála easpórtála. D'fhás OTI faoi 0.2 faoin gcéad agus d'fhás OTN faoi 1.8 faoin gcéad in 2012. Tháinig laghdú beag ar OTI (0.4 faoin gcéad) in 2013 agus lean an fheidhmíocht láidir ó thaobh OTN (3.3 faoin gcéad).



Eoin O'Driscoll
Cathaoirleach



Martin D. Shanahan
Príomhfheidhmeannach

## Fás Níos Cothroime

Tá na comharthaí luatha fáis sin níos éagsúla agus léirítear leo cothromaíocht níos fearr sa gheilleagar. Le blianta beaga anuas, ba iad na glan-onnmhairí an t-aon rud dearfach amháin a chuidigh le fás, ach in 2013 tháinig borradh beag faoin éileamh tomhaltais agus d'fhan infheistíocht an rialtais ar an leibhéal ag an raibh sí. Neartaigh an ghníomhaíocht gheilleagrach dhomhanda sa dara leath de 2013 agus táthar ag súil go dtiocfaidh feabhas breise uirthi in 2014-15. Táthar ag súil gur ó gheilleagair atá tagtha chun cinn a thiocfaidh cuid shuntasach d'fhás na mblianta 2014-2015 – athrú ar an gcás le blianta beaga anuas, tráth ar eascair an fás domhanda ó gheilleagracha i mbun forbartha den chuid ba mhó. Dar leis an gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta, táthar ag súil go mbeidh fás dearfach le sonrú i limistéar an euro (go háirithe sa Ghearmáin). Mar sin féin, beidh coinníollacha sriantacha creidmheasa agus an t-ualach fiachais chorparáidigh ard fós ina mbac ar fhás. Táthar ag súil go bhfeidhmeoidh na Stáit Aontaithe go láidir in 2014, le cúnamh ó théarnamh sa mhargadh intíre um eastát réadach. Sa Ríocht Aontaithe, tá fás beagnach 3 faoin gcéad tuartha do 2014.

## Feidhmíochta na nGníomhaireachtaí Fiontraíochta

Tá treocht dhearfach um méadú fostaíochta ó 2011 i leith le sonrú sna cuideachtaí arna dtacú ag na gníomhaireachtaí forbartha fiontar. Sa *Suirbhé Fostaíochta Bliantúil 2013* de chuid Fhorfás (féach leathanach 32 le haghaidh tuilleadh sonraí), léiríodh go raibh 303,155 duine fostaithe sna cuideachtaí sin, méadú 8,579 post san fhostaíocht bhuan lánaimseartha iomlán ó thráth suirbhé na bliana 2012. Bhí méadú le sonrú san fhostaíocht pháirtaimseartha freisin, ó 3,827 post go dtí 46,167 post. Tá athrú struchtúrach leanúnach ar bun san fhostaíocht earnála.

I dtorthaí an *tSuirbhé Gnó Bliantúil ar Thionchar Eacnamaíochta* is déanaí de chuid Fhorfás, léirítear go bhfuil na cuideachtaí arna dtacú ag gníomhaireachtaí fiontraíochta fós ag cur go suntasach le geilleagar na hÉireann. Tháinig méadú 4.4 faoin gcéad ar dhíolacháin, 5.1 faoin gcéad ar onnmhairí, 3.6 faoin gcéad ar bhreisluach agus 3.8 faoin gcéad ar chaiteachas díreach i leith an gheilleagar. Léirítear go soiléir sna figiúirí sin an méid suntasach, dearfach a chuireann cuideachtaí onnmhairithe dúchasacha agus cuideachtaí faoi úinéireacht eachtrach araon le fás agus téarnamh gheilleagar na hÉireann.

## Téarnamh Leochaileach

Tá comharthaí téarnaimh le sonrú, gan amhras, ach ní mór dúinn a bheith aireach agus smachtaithe i gcónaí. Tá ualach trom fiachais ar gach earnáil den gheilleagar go fóill. Cé go bhfuil feabhas suntasach bainte amach san airgeadas poiblí, taifeadadh easnamh 7.2 faoin gcéad ar OTI in 2013. Tá an fiachas ginearálta rialtais i measc na bhfiachas is airde i limistéar an euro agus san ECFE araon. Measann an Coimisiún Eorpach go bhfuil an buaicphointe bainte amach ag an bhfiachas ag luach 122 faoin gcéad de OTI na bliana 2013, agus táthar ag súil le laghdú beag in 2014. Fágann na leibhéil arda fiachais neamh-airgeadais chorparáide agus fiachais teaghlaigh go bhfuil an geilleagar i mbaol, agus maolaíonn siad an tomhaltas agus an infheistíocht araon.

Tá bagairtí le sonrú i ndáil leis an mbonn costais fiontraíochta agus tá an geilleagar ag pointe casaidh i dtéarmaí iomaíochas costais. Ní mór gnóthachain le déanaí ó thaobh iomaíochas costais a chosaint agus tá gá le hathruithe struchtúracha d'fhonn leibhéil praghsanna a laghdú sa chás nach bhfuil siad i gcomhréir le noirm an AE agus an ECFE.

I gcás geilleagar beag oscailte ar nós na hÉireann, tá gineadh fáis atá bunaithe ar onnmhairithe ina straitéis cheart chun fás agus rathúnas fadtéarmach a dhaingniú. I bhfianaise na ndálaí deacra sa mhargadh domhanda, bhí feidhmíocht trádála fhoriomlán na hÉireann dearfach den chuid ba mhó ó tharla an cúlú, ach tá fadhbanna le réiteach go fóill. Is féidir go mbeimid ag brath an iomarca ar bhonn ró-chung comhpháirtithe agus earnálacha trádála, a fhéadfadh muid a fhágáil nochta do rioscaí earnála agus rioscaí a bhaineann le margaí ar leith.

# Beartas Fiontraíochta

Tá feidhmíocht na hearnála gnó ríthábhachtach maidir le méadú ioncam agus méadú ar leibhéil fostaíochta in Éirinn. Ní mór ár dtimpeallacht fiontraíochta agus ár gcuid beartas tacaíochta a bheith mar is ceart chun ról riachtanach a imirt maidir lenár dtéarnamh geilleagrach.

Sa straitéis fiontraíochta, *Making it Happen: Growing Enterprise in Ireland*, leag Forfás agus an RPFN béim ar an tábhacht a bhaineann le straitéis fáis atá bunaithe ar an onnmhairiú; nach bhfuil aon ghníomh amháin ina bhonn ag forbairt na fiontraíochta; nach mór cur chuige uile-Rialtais a ghlacadh chun dul chun cinn breise a dhéanamh i ndáil leis an gclár oibre fiontraíochta; agus, rud is suntasach, gurbh ann d'easnamh maidir le cur chun feidhme. Thug an Rialtas freagra ar na dúshláin sin in 2011 nuair a d'fhorbair sé an chéad Phlean Gníomhaíochta do Phoist.

## Plean Gníomhaíochta do Phoist

Sa Phlean Gníomhaíochta do Phoist, cuirtear fiontair agus cruthú post i gcroílár bheartas an Rialtais. Tá cuspóir an Phlean soiléir: é a fhágáil níos éasca ag gnólachtaí a bheith i mbun gnó, agus, dá bharr sin, fostaíocht inbhuanaithe a chruthú. Tá sé de chuspóir aige freisin feabhas a chur ar an seasamh atá againn ó thaobh iomaíochas idirnáisiúnta agus Éire a bheith ar an tír bheag is fearr ar domhan ó thaobh a bheith i mbun gnó.

Ó bunaíodh an clár rollta faoin bPlean Gníomhaíochta do Phoist, bhí Forfás ag obair go dlúth leis an Aire Richard Bruton, leis an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta agus le ranna agus gníomhaireachtaí eile maidir le dearadh, forbairt agus cur chun feidhme an Phlean.

Is léir go bhfuil an Plean Gníomhaíochta do Phoist ina bhealach éifeachtach chun cur chun feidhme beartais a chur chun cinn, agus bíonn úinéir agus amlíne seachadta leagtha amach i gcomhair na dtascanna ar fad. Tá córas trédhearcach tuarascálacha ráithiúla ar dhul chun cinn i bhfeidhm, trína gcinntítear gur féidir leis an bpobal grinnscrúdú a dhéanamh ar an gcur chun feidhme. Bhí cur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta do Phoist an-ard in 2012 agus 2013, ag 92% agus 94% faoi seach. Tugadh isteach maoirseacht agus cuntasacht leis, agus chuir an ECFE síos air, san Athbhreithniú a rinne sí le déanaí ar an bPlean Gníomhaíochta do Phoist, mar "nuálaíocht i leith beartas poiblí". Ina réamhrá in *Athbhreithniú an ECFE ar an bPlean Gníomhaíochta do Phoist*, deir Ard-Rúnaí an ECFE, Angel Gurría: "Is é an nuálaíocht is suntasaí sa Phlean Gníomhaíochta do Phoist i gcomhthéacs bheartas poiblí na hÉireann ná meicníocht comhordaithe lena gcinntítear tiomantas polaitiúil agus maoirseacht pholaitiúil ar leibhéal ard, rannpháirtíocht uile-rialtais, agus bunú spriocanna ráithiúla arna dtacú ag córas monatóireachta daingean. Tá siadsan ina gcéimeanna tábhachtacha i dtreo dul i ngleic le bearnaí atá ann le fada an lá lena gcuirtear bac ar fhorfheidhmiú rathúil beartais". *[The APJ's most striking innovation in the Irish public policy context is a coordination mechanism that ensures high-level political buy-in and oversight, whole-of-government engagement and the establishment of quarterly targets underpinned by a robust monitoring system. The ECFE review also acknowledges that the plan is underpinned by sound policies, a focus on private sector led, export oriented job creation by getting the business conditions right.]* Admhaítear freisin in athbhreithniú an ECFE go bhfuil an plean tógtha ar bheartais stuama agus go bhfuil sé dírithe ar chruthú post atá bunaithe ar an onnmhairiú, san earnáil phríobháideach ar dtús, trí dhálaí gnó cuí a chruthú.

Trí phróiseas an Phlean Gníomhaíochta, cruthaítear fócas uile-Rialtais ar chruthú post, tugtar ranna le chéile, cuirtear dlús faoi bhearta nithiúla d'fhonn feabhas a chur ar an iomaíochas, agus tá cur chuige spriocdhírithe, comhoibritheach ann dá bharr. Dírítear sa phlean ar na réimsí is tábhachtaí ó thaobh gnó – Rochtain ar Airgeadas; Costais; Táirgiúlacht, Infhaighteacht Scileanna; Taighde agus Forbairt, agus Nuálaíocht agus Díol Thar Lear. Tá sé de chuspóir leis tógáil ar láidreachtaí agus deiseanna nua a fhorbairt, agus cuirtear beartais i bhfeidhm ann atá dírithe ar thacú le fiontair na hÉireann agus ar infheistíocht dhíreach eachtrach in earnálacha tábhachtacha a mhealladh.

Cé go bhfuil sé deacair uaireanta measúnú a dhéanamh ar an nasc idir tionscnaimh beartais aonair agus cruthú post, is eol dúinn gur fhás fostaíocht na hÉireann ag an ráta ba thapúla san AE in 2013. Cruthaíodh 61,000 post breise le linn 2013 agus laghdaigh an dífhostaíocht de 41,000. Tá 1,888,200 duine fostaithe anois agus tá an dífhostaíocht laghdaithe ó 15.1% go dtí 11.8%. Tá feabhas ag teacht ar iomaíochas na hÉireann, agus d'ardaigh an rang atá againn i Rangú Iomaíochais Dhomhanda IMD ó 24 in 2011 go 15 in 2014. Thug Forbes an chéad áit d'Éirinn ina liosta de na tíortha is fearr le haghaidh gnó.

I dtimpeallacht gheilleagrach ina bhfuil an ráta ard dífhostaíochta fós do-ghlactha agus áit nach ann d'aon ghníomh amháin nó d'aon líon beag gníomhartha a dhéanfaidh an difríocht ó thaobh fiontraíochta agus post. Ní mór dúinn díriú ar dhul chun cinn marthanach a dhéanamh ar fud na réimsí ar fad a mbíonn tionchar acu ar ghnó. Ina fhianaise sin, creidimid go bhfuil an bhéim cheart againn sa Phlean Gníomhaíochta do Phoist 2014 ar an iomaíochas thar an raon iomlán saincheisteanna.

### Iomaíochas agus an Margadh Saothair

Cé go ndealraíonn sé go bhfuil tionchar dearfach á imirt ag an bPlean Gníomhaíochta do Phoist, agus cé go bhfuil dea-thorthaí le sonrú i dtéarmaí an mhargaidh post, tá 258,100 duine dífhostaithe in Éirinn go fóill, agus de réir mar a thagann ár ngeilleagar chuige féin tá

iomaíochas na hÉireann ag teacht faoi bhrú arís. Tá réimsí sa Phlean Gníomhaíochta nach bhfuil dul chun cinn leordhóthanach déanta againn ina leith go fóill, lena n-áirítear oideachas agus scileanna, bearta gníomhachtaithe do dhaoine dífhostaithe, costais inrialaithe agus rochtain ar airgeadas.

Cé go bhfuil laghdú leanúnach tagtha ar an dífhostaíocht, tá baol tromchúiseach ann go mbeidh dífhostaíocht struchtúrtha sna sála ar an dífhostaíocht thimthriallach. Tá fíor-imní le sonrú i ndáil le hóg-dhífhostaíocht agus le daoine a bhíodh ag obair mar oibrithe tógála, agus ní mór iarracht spriocdhírithe a dhéanamh tacú leo siúd ar an mBeochlár post a fháil. Is féidir linn dúshláin na hard-dífhostaíochta a shárú trí chomhpháirtíocht réamhghníomhach do na daoine atá páirteach i seachadadh na dtrí shnáithe um fhorbairt an mhargaidh saothair - cruthú post, gníomhachtú post, agus oideachas agus oiliúint.

Ní mór dúinn tuilleadh feabhsuithe a bhaint amach maidir lenár n-iomaíochas ó thaobh costas. Ní féidir le hÉire glacadh le haon mhaolú ar ár n-iomaíochas idirnáisiúnta má táimid chun na spriocanna um fhás fiontraíochta agus na spriocanna fostaíochta a bhaint amach. Ní mór na gnóthachain le déanaí ó thaobh iomaíochas costais a chosaint agus tá gá le hathruithe struchtúracha d'fhonn leibhéil na bpraghsanna a laghdú sa chás nach bhfuil siad i gcomhréir le noirm an AE agus an ECFE. Tá feabhas tagtha ar bhonn costais na hÉireann thar raon méadrachtaí le roinnt blianta anuas, rud a fhágann go bhfuil gnólachtaí Éireannacha níos iomaíche go hidirnáisiúnta agus go bhfuil Éire ina suíomh níos tarraingtí do ghnólachtaí lena gcuid oibríochtaí a bhunú ann. Mar sin féin, in ainneoin na bhfeabhsúchán sin, tá iomaíochas costais coibhneasta na hÉireann fós ina dhúshlán, agus tá sraith brúnna costais aníos ag teacht chun cinn. Tá sé tábhachtach chomh maith go gcoinneodh Éire, laistigh den chomhthéacs foriomlán idirnáisiúnta, réimeas cánach corparáide lena bhfuil luach saothair le fáil de bharr infheistíochta sa táirgeadh, agus go ndíreofar ar bhonn leanúnach ar chinnteacht, cobhsaíocht agus intuarthacht a chinntiú d'infheisteoirí.

## Cultúr Nuálaíochta, Meastóireachta agus Solúbthachta

Ní raibh sé riamh níos ábhartha ná mar is amhlaidh anois go gcuirfimid an luach is fearr ar airgead ar fáil in úsáid na n-acmhainní poiblí agus go gcinnteoimid go bhfuil na tacaíochtaí fiontraíochta ag cur ar chumas gnólachtaí iad féin a bhunú go rathúil, a bheith ag fás, a bheith iomaíoch agus poist a chruthú. Bhí sé de chúram ar Fhorfás meastóireacht a dhéanamh ar ár dtimpeallacht fiontraíochta agus leanfaimid orainn á dhéanamh sin sa ról nua a bheidh againn mar Rannán Beartais Straitéisigh an RPFN. Trí mheasúnú a dhéanamh ar thacaíochtaí, féadaimid an fhianaise a fháil atá riachtanach chun treoir a sholáthar maidir le cinntí beartais agus le dearadh agus seachadadh idirghabhálacha atá éifeachtach ó thaobh costais, atá cuí, agus a imreoidh tionchar.

Ní mór go mbeadh an tsolúbthacht ina bunchloch bhunúsach don bheartas fiontraíochta. Tá gá le freagraí nuálacha chun freastal ar na riachtanais a bhaineann le timpeallacht ghnó chasta. Ní mór dúinn leanúint ar aghaidh ag forbairt cultúr measúnaithe lena dtugtar an oiread eolais agus is féidir dúinn ionas go dtuigfimid cad a oibreoidh agus go mbeimid sofhreagrach i gcónaí i leith riachtanais athraitheacha gnó.

Bhí Forfás rannpháirteach i gclár cuimsitheach measúnuithe ar thacaí de chuid ghníomhaireachtaí fiontraíochta an Stáit (Fiontraíocht Éireann, GFT Éireann, Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus na Boird Fiontar Contae) tríd an bPlean Gníomhaíochta do Phoist. Sna meastóireachtaí sin, a chuirfear i gcrích in 2014, fuarthas amach go bhfuil na tacaí foriomlána aonair iomchuí, éifeachtúil agus éifeachtach, agus go bhfuil siad i gcomhréir leis

an mbeartas náisiúnta. Tá dearadh, forbairt agus athbhreithniú na dtacaí do ghnó á dtreorú cheana féin ag na meastóireachtaí. Tá Forfás ag obair leis na gníomhaireachtaí forbartha fiontar chun cultúr meastóireachta a leabú, chun cumas a fheabhsú agus chun an úsáid a bhaintear as meastóireachtaí ex-ante láidre a neartú ag céimeanna dearaidh clár nó céimeanna athfhorbartha clár. Is é an cineál sin cur chuige i seachadadh tacaí a neartóidh ár dtimpeallacht fiontraíochta.

### Na Deiseanna

Is earnálacha iad Eolaíochtaí Saoil, TFC, Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta, Seirbhísí Gnó Ábhair agus Tomhaltóirí, agus Innealtóireacht agus Agraibhia ar dócha a nginfear fostaíocht iontu sna blianta atá le teacht. De réir mar a leanfaidh na hearnálacha ag teacht chun cinn, d'fhéadfadh sé go mbeadh deiseanna iniúchta i ndeighleáin mhargaidh nua (m.sh. aosú cliste, spóirt agus cothú, eangacha cliste), i bhfo-earnálacha (m.sh. teiripic, seirbhísí teicneolaíochta suíomh-bhunaithe) agus de réir mar a leanfaidh an choinbhéirseacht thapa agus briseadh síos tapa na dteorainneacha idir earnálacha atá ann cheana féin i réimsí ar nós nútraiceodach agus ábhar digiteach.

Tá cur chuige eolasach, dinimiciúil agus solúbtha riachtanach d'fhonn coinneáil ar an eolas faoi theacht chun cinn gach earnála agus faoi na treochtaí sa todhchaí, agus d'fhonn athnuachan rialta a dhéanamh ar thograí sainiúla do mhargaí geografacha ar leith. Ní mór dúinn a chinntiú go gcuirimid béim ar scanadh agus oiriúnú fadtéarma ar thograí luacha i gcomhréir le forbairtí reatha agus forbairtí tuartha in earnálacha agus i gcuideachtaí ar leith.

Tá an deis ann anois giaráil iomlán a dhéanamh ar infheistíocht an Stáit i réimsí tosaíochta taighde chun an fhiontraíocht a spreagadh agus infheistíocht dhíreach eachtrach a mhealladh. Le hinfheistíocht taighde i réimsí cosúil le hanailísíocht sonraí, eangacha cliste, cathracha cliste, aosú cliste, teiripic, bia le haghaidh sláinte s.rl., soláthrófar bonn taca don infheistíocht dhíreach eachtrach agus d'fhorbairt fiontar dúchasach araon in earnálacha ina bhfuil láidreachtaí agus cumais ag Éire faoi láthair.

## Forfás 2013

### Gníomhaíocht Beartais

In 2013, lean Forfás ar aghaidh ag soláthar comhairle beartais agus moltaí ardchaighdeáin, atá bunaithe ar fhianaise, don Rialtas. Le trí bliana anuas ach go háirithe, bhí ról ní ba mhó ag Forfás sa phróiseas lárnach um dhéanamh beartas agus bhí ról lárnach aige in ullmhú an Phlean Gníomhaíochta do Phoist.

### Gníomhaíocht Neamhbheartais

Is é príomhfheidhm Fhorfás comhairle beartais a sholáthar, ach thug sé faoi fheidhmeanna suntasacha eile in 2013 freisin, lena n-áirítear creidiúnú, agus seirbhísí corparáideacha agus comhroinnte.

#### Creidiúnú

Tá ról tábhachtach ag creidiúnú ag ráthú rochtain ar tháirgí Éireannacha do na margaí AE agus domhanda araon. Leanann Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú, ar rannán agus fo-bhord de chuid Fhorfás é agus an comhlacht náisiúnta ainmnithe a bhfuil freagracht aonair aige as creidiúnú in Éirinn, ar aghaidh ag soláthar buntáiste iomaíoch agus cuireann sé chun cinn caighdeáin agus cleachtais oibre fheabhsaithe.

**Seirbhísí Comhroinnte**

Lean foireann Fhorfás um sheirbhísí corparáideacha comhroinnte ag soláthar seirbhísí tábhachtacha, éifeachtúla do GFT Éireann, Fiontraíocht Éireann, Fondúireacht Eolaíochta Éireann, agus Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann ar feadh 2013. In 2013, áiríodh leis na seirbhísí sin gnéithe de sheirbhísí airgeadais agus cuntasaíochta, acmhainní daonna, pinsin, bainistíocht saoráidí agus réadmhaoine, earraí isteach, teachtairí, seirbhísí fáiltithe/teileafónaí, comhordú árachas corparáideach agus bainistíocht líonra um Shaoráil Faisnéise do na gníomhaireachtaí fiontraíochta agus do roinnt comhlachtaí poiblí eile. Mar chuid den chomhtháthú leis an RPFN, aistríodh saoráidí, bainistíocht réadmhaoine agus seirbhísí inmheánacha go dtí GFT Éireann in éineacht leis an bhfoireann a bhíonn ag obair sna réimsí sin.

## Tús Nua

Sna seachtainí atá amach romhainn, déanfar Forfás a chomhtháthú isteach sa RPFN agus ina dhiaidh sin díscaoilfear mar eintiteas dlíthiúil é. Beidh feidhmeanna beartais Fhorfás á n-aistriú go dtí an RPFN agus beidh siad i gcroílár Rannán Beartais Straitéisigh nua. Beidh gníomhaíocht creidiúnaithe Fhorfás (Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú) á aistriú chuig an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta, agus aistreofar gníomhaíochtaí eile, mura bhfuil siad aistrithe cheana, chuig ár gcuid gcomhghníomhaireachtaí, GFT Éireann, Fiontraíocht Éireann nó Fondúireacht Eolaíochta Éireann. Bhí foirne bainistíochta sinsearaí Fhorfás, na Roinne Post, Fiontar agus Nuálaíochta agus na ngníomhaireachtaí ag obair go dícheallach chun a chinntiú go nglacfar gach céim is gá don chomhtháthú agus rinneadh an méid sin ar bhealach éifeachtach, éifeachtúil. Tá creidiúint ag dul do na daoine ar fad a raibh baint acu leis na haistrithe réidhe, lenar cinntíodh gur leanadh leis an obair ar chaighdeán ard agus gan tionchar ar ár gcuid cliant agus páirtithe leasmhara.

## Buíochas

Le linn an 20 bliain ina raibh Forfás ar an bhfód, ní fhéadfadh sé a bhfuil déanta aige a bhaint amach murach na daoine lasmuigh dár n-eagraíocht a d'oibrigh i gcomhpháirt linn, a thug treoir agus eolas dúinn agus a chomhroinn linn an taithí atá acu ar chúrsaí gnó in Éirinn agus thar lear. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil leis na daoine sin agus táim ag tnúth le caidreamh oibre táirgiúil a bheith againn leo fós agus muid ag aistriú isteach sa RPFN.

Le linn 2013 d'oibrigh Forfás ní ba dhlúithe ná riamh lenár máthair-roinn, an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta. Ba mhaith linn aitheantas a thabhairt do thacaíocht agus obair na roinne, go háirithe le linn na tréimhse seo ina bhfuil ár n-eagraíocht á comhtháthú agus á hathrú. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil le Richard Bruton T.D., Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta agus lena chomhghleacaithe John Perry, T.D., Aire Gnóthas Beag agus Sean Sherlock, T.D., Aire Taighde agus Nuálaíochta ag an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta. Ba mhaith linn freisin aitheantas a thabhairt don tacaíocht shuntasach a fuaireamar ón Ard-Rúnaí, John Murphy.

Ina theannta sin, Ba mhaith linn aitheantas a thabhairt don tacaíocht a fuaireamar ó Roinn an Taoisigh, ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus ón Roinn Airgeadais. Tá Forfás buíoch as an leibhéal rannpháirtíochta agus tiomantais a léirigh na ranna uile Rialtais agus a gcuid gníomhaireachtaí maidir le hobair bheartais uile Fhorfás.

Ba mhaith linn buíochas a ghabháil freisin lenár gcomhghníomhaireachtaí, Fiontraíocht Éireann, GFT Éireann agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann, as a gcomhoibriú agus a n-ionchur i rith na bliana 2013. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil freisin le SOLAS, Forbairt na Sionna, Údarás na Gaeltachta, Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann, an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta, an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann agus leis an Údarás Ardoideachais. Oibrímid go dlúth leis an bPríomh-Oifig Staidrimh ar shuirbhéanna agus ar bhailiú sonraí agus is mór againn an comhoibriú a thugann siad dúinn.

Bainistíonn Forfás an obair a dhéanann dhá chomhairle chomhairleacha agus tacaíonn sé leo. Ba mhaith linn aitheantas a thabhairt don obair a dhéanann na grúpaí sin agus a gcathaoirligh, an Dr Don Thornhill (An Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais) agus Una Halligan (Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí). Ba mhaith linn aitheantas a thabhairt freisin d'obair Bhord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú, faoi chathaoirleacht Tom O'Neill.

Is mian linn buíochas a ghabháil leis an bpobal níos leithne de pháirtithe leasmhara a chuireann go mór lenár gcuid oibre chomh maith, lena n-áirítear grúpaí a dhéanann ionadaíocht ar son fostóirí, ceardchumann, institiúidí tríú leibhéal agus comhlachtaí oideachais agus oiliúna eile.

Ba mhaith linn ár mbuíochas a chur in iúl go háirithe do lucht gnó agus fiontraithe na hÉireann a thugann a gcuid ama go toilteanach chun dul i mbun rannpháirtíochta linn, bíodh sé sin go díreach nó trína gcuid grúpaí ionadaíocha. Tá a gcuid rannpháirtíochta agus an t-ionchur uathu fíor-riachtanach ó thaobh luach ár gcuid taighde agus comhairle.

Mar fhocal scoir, ba mhaith linn buíochas a ghabháil le comhaltaí foirne Fhorfás as ucht a dtiomantas leanúnach do sheachadadh na hoibre den scoth. Bhí an tréimhse seo atá caite ina tréimhse dhúshlánach, inar tharla a lán athruithe dár n-eagraíocht agus ghlac an fhoireann go léir leis an dúshlán, agus obair ardchaighdeáin á déanamh aici ina ndírítear ar sheachadadh agus ar thionchar. Beidh a gcuid scileanna agus an taithí atá acu, atá aitheanta go forleathan, ag gabháil leo go dtí a n-eagraíocht nua agus níl amhras ar bith go gcuirfidh siad i bhfeidhm ina gcuid oibre iad leis an ngairmiúlacht, an nuálaíocht agus an saineolas atá feicthe againn ar fud Fhorfás i réimsí uile a chuid oibre ó bunaíodh é.

**Nóta pearsanta ón gCathaoirleach**

I mo cháil mar Chathaoirleach, ba mhaith liom mo mheas pearsanta ar gach comhalta d'fhoireann Fhorfás a chur in iúl as ucht na hoibre den scoth atá déanta acu ar son forbairt beartais agus fás geilleagrach le 20 bliain anuas. Tá sárchumas ag comhaltaí foirne Fhorfás maidir le taighde beartas fiontraíochta a sholáthar atá bunaithe ar fhianaise. Bhí an taighde sin ina threoir do bheartas fiontraíochta agus bhí comhchuibheas beartais idir na gníomhaireachtaí fiontraíochta ina thoradh air. Le comhtháthú Fhorfás sa RPFN, tá an fhéidearthacht ann tógáil ar an rathúlacht sin.

# Gníomhaíochtaí Beartais

| | |
|---|---|
| Fiontraíocht | 31 |
| Suirbhéanna Fiontraíochta | 32 |
| ▪ Suirbhé Fostaíochta Bliantúil 2013 | 32 |
| ▪ Suirbhé Gnó Bliantúil ar Thionchar Eacnamaíoch 2012 | 33 |
| Plean Gníomhaíochta do Phoist 2013 | 34 |
| Plean Gníomhaíochta do Phoist 2014 | 35 |
| Athbhreithniú ar Sheirbhísí Meantóireachta Gnó | 39 |
| Measúnuithe ar Chláir na nGníomhaireachtaí - Tacaíochtaí Forbartha Gnó | 40 |
| Athbhreithniú ar an mBeartas um Infheistíocht Dhíreach Eachtrach | 42 |
| Clár Oibre Comhtháite um Fhorbairt Earnála a Chur Chun Cinn | 43 |
| Earnáil Tógála na hÉireann: Forbhreathnú agus Plean Straitéiseach go dtí 2015 | 44 |
| Déantúsaíocht | 45 |
| Olltiomsú Sonraí agus Anailísíocht Sonraí | 46 |
| Córas Comhtháite um Iarratais ar Cheadúnú | 47 |
| Treoirlínte um Chúnamh Réigiúnach | 48 |
| Polasaí Trádála | 49 |
| Cánachas | 49 |
| Eolas agus Nuálaíocht | 53 |
| Suirbhéanna T&F | 54 |
| ▪ Caiteachas Stáit ar T&F | 54 |
| ▪ Caiteachas Gnó ar T&F | 56 |
| Beartú Tosaíochta Taighde | 57 |
| Athbhreithniú Straitéiseach ar Fheidhmíocht Taighde, Forbartha agus Nuálaíochta in Éirinn | 59 |
| Tacaíochtaí Taighde, Forbartha agus Nuálaíochta don Nuálaíocht i Seirbhísí agus i bPróisis Ghnó | 60 |
| Straitéis Náisiúnta na hÉireann um Speisialtóireacht Chliste - forbairt agus cur chun feidhme an Chleachtaidh Náisiúnta um Beartú Tosaíochta Taighde | 61 |

| | |
|---|---|
| An Nuálaíocht i nGnólachtaí Ard-Fáis in Éirinn | 62 |
| Beartas Taighde agus Nuálaíochta Idirnáisiúnta | 64 |
| Iomaíochas | 67 |
| Rialáil Earnála agus Iomaíochas Costais | 68 |
| Feidhmíocht Iomaíochais na hÉireann 2013 | 68 |
| Iomaíochas an Mhargaidh Shaothair 2013 | 69 |
| Measúnú ar Thionchar na Leasuithe ar Mheicníochtaí um Shocrú Pá Earnála | 70 |
| Praghsanna Tomhaltóirí agus Boilsciú | 70 |
| Bonneagar | 72 |
| An Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais | 74 |
| Daoine | 77 |
| Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí | 78 |
| Aghaidh a thabhairt ar an Éileamh ar Scileanna TFC Ardleibhéil sa Todhchaí | 78 |
| Éileamh ar Scileanna um Olltiomsú Sonraí agus Anailísíocht Sonraí go dtí 2020 | 80 |
| Ailíniú Níos Fearr a Chur Chun Cinn ar an Ardoideachas le Riachtanais Scileanna na bhFostóirí | 81 |
| Aighneacht ó Fhorfás, an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta, GFT Éireann agus Fiontraíocht Éireann chuig an Athbhreithniú Printíseachta | 81 |
| Aighneacht Fhorfás chuig Ráiteas Straitéise 2014 - 2016 um Cháilíocht agus Chaighdeáin na hÉireann (QQI) | 82 |
| Comhairle ar an mBeartas Imirce Eacnamaíochta | 82 |
| Ráiteas Gníomhaíochta 2013 an tSainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí | 83 |
| Dul chun cinn ar chur chun feidhme moltaí na tuarascála EGFSN | 83 |
| Comhoibriú leis an Aonad Taighde Margaidh Shaothair agus Scileanna SOLAS | 83 |
| Tathant | 84 |

# Fiontraíocht


## Suirbhéanna Fiontraíochta

Tugann Forfás faoi roinnt suirbhéanna gach bliain ina mbailítear sonraí cuimsitheacha ar chliantchuideachtaí na ngníomhaireachtaí forbartha fiontar (Fiontraíocht Éireann, GFT Éireann agus Údarás na Gaeltachta). I dtaca leis sin, tugann Aonad Suirbhé Fhorfás faoi *Shuirbhé Fostaíochta Bliantúil* agus faoi *Shuirbhé Gnó Bliantúil ar Thionchar Eacnamaíochta* chun a chur ar chumas Fhorfás taighde bunaithe ar fhianaise a dhéanamh lena dtreoraítear beartas. Tá sé de shainchúram ar Fhorfás chomh maith réimse staitisticí náisiúnta oifigiúla a tháirgeadh i réimse an taighde, na forbartha agus na nuálaíochta. Áirítear leo sin an suirbhé bliantúil ar *Infheistíocht Stáit i T&F*, an suirbhé débhliantúil ar *T&F san Ardoideachas*, agus (i gcomhpháirt leis an bPríomh-Oifig Staidrimh) an suirbhé débhliantúil ar *Chaiteachas Gnó ar T&F* agus an suirbhé débhliantúil ar *Nuálaíocht Phobail* (féach leathanach 51).

### Suirbhé Fostaíochta Bliantúil

Tugann Forfás faoi dhaonáireamh bliantúil fostaíochta i gcliantchuideachtaí arna dtacú ag gníomhaireachtaí (iad siúd a fhaigheann cúnamh ó GFT Éireann, Fiontraíocht Éireann agus Údarás na Gaeltachta). Rinneadh na cuideachtaí a ndearnadh suirbhé orthu roimhe seo i gcáil chuideachtaí Fhorbairt na Sionna a chur san áireamh i bpunann cliant GFT Éireann nó i bpunann cliant Fhiontraíocht Éireann in 2013. Clúdaítear níos mó ná 8,000 cliantchuideachta sa suirbhé. Tá sé ar bun ó 1972 i leith agus déantar rianú ann ar fhostaíocht bhuan, lánaimseartha, chomh maith le fostaíocht shealadach, pháirtaimseartha, agus figiúirí um ghnóthachan agus chaillteanas comhlán agus glan.


**Figiúr 1: Fostaíocht Bhuan Lánaimseartha i gCuideachtaí arna dTacú ag Gníomhaireachtaí, 2004-2013**




- B'ionann an fhostaíocht bhuan lánaimseartha i gcuideachtaí arna dtacú ag gníomhaireachtaí agus 303,155 in 2013, méadú 8,579 post (2.9 faoin gcéad) ar na leibhéil fostaíochta in 2012. Bhí méadú le sonrú san fhostaíocht pháirtaimseartha freisin, ó 3,827 post go dtí 46,167 post, rud a d'fhág gurbh ionann an fhostaíocht iomlán i ngnólachtaí arna dtacú ag gníomhaireachtaí agus 349,322 in 2013.
- B'ionann an fhostaíocht lánaimseartha i gcuideachtaí faoi úinéireacht na hÉireann agus 150,966 in 2013, méadú 3 faoin gcéad nó 4,361 post breise thar an mbliain roimhe sin, ag leanúint na treochta aníos ó 2010 i leith. Tháinig méadú 1,732 ar fhostaíocht pháirtaimseartha, go dtí 26,030.

- I measc cuideachtaí faoi úinéireacht eachtrach, b'ionann an fhostaíocht lánaimseartha iomlán agus 152,189 in 2013, méadú 4,218 post (2.9 faoin gcéad) ar an mbliain roimhe sin. Tháinig méadú 2,095 ar fhostaíocht pháirtaimseartha, go dtí 20,137.

**Figiúr 2: Gnóthachain, Caillteanais & Glanathrú Post i bhFostaíocht Bhuan Lánaimseartha sna Cuideachtaí ar Fad arna dTacú ag Gníomhaireachtaí, 2004-2013**




Léirítear i bhFíor 2 an gnóthachan comhlán post lánaimseartha, an caillteanas comhlán post agus an glanathrú post i measc na ngnólachtaí arna dtacú ag gníomhaireachtaí le linn na tréimhse 2004 - 2013.


- Sa tréimhse 2004-2007 taifeadadh gnóthachan post glan i measc cuideachtaí arna dtacú ag gníomhaireachtaí, agus caillteanas post glan ina dhiaidh sin idir 2008 agus 2010 le caillteanas post comhlán trom arbh ionann é agus 48,055 post in 2009.
- Ó 2010 i leith, taifeadadh gnóthachan post glan i measc cuideachtaí arna dtacú ag gníomhaireachtaí, le gnóthachan glan 8,188 post in 2012 agus 8,579 post in 2013.
- In 2013, bhí an caillteanas post comhlán, arbh ionann é agus 15,316, ar an leibhéal b'ísle le deich mbliana anuas.

Suirbhé Fostaíochta Bliantúil 2013 *[Annual Employment Survey 2013]*

## Suirbhé Gnó Bliantúil ar Thionchar Eacnamaíochta

Tugann Forfás faoi shuirbhé gnó bliantúil fostaíochta ar chliantchuideachtaí atá laistigh de GFT Éireann, Fiontraíocht Éireann agus Údarás na Gaeltachta agus a bhfuil deichniúr nó níos mó fostaithe iontu (thart ar 4,000 cuideachta). Déantar rianú sa suirbhé, i measc nithe eile, ar dhíolacháin, onnmhairí, breisluach agus caiteachas díreach i ngeilleagar na hÉireann, mar atá léirithe i bhFigiúr 3.

**Figiúr 3: Príomhtháscairí Gnó do Chliantchuideachta Uile na nGníomhaireachtaí 2003-2012**




- Thuairiscigh na cliantchuideachtaí de chuid na ngníomhaireachtaí méadú ar dhíolacháin agus onnmhairí in 2012 i gcomparáid le figiúirí na bliana roimhe sin. Leanann sé sin an treocht aníos sna torthaí tar éis an choir chun donais sa gheilleagar in 2009.
- Bhí méadú le sonrú sna figiúirí um Breisluach i ngeilleagar na hÉireann ag cliantghnólachtaí freisin in 2012, go dtí €62.4 billiún.
- D'fhan an Caiteachas Díreach i nGeilleagar na hÉireann cothrom thar an tréimhse ama sin, agus é thart ar €40.8 billiún
- Ba bhliain rathúil í 2012 tríd is tríd do chliantchuideachtaí de chuid na ngníomhaireachtaí, agus tuairiscíodh méaduithe foriomlán in 2011 i ngach ceann de na príomhtháscairí geilleagracha:

| | |
|---|---|
| Díolacháin | + 4.4% |
| Onnmhairí | + 5.1% |
| Breisluach | + 3.6% |
| Caiteachas Díreach i nGeilleagar na hÉireann | + 3.8% |

ABSEI 2012

## Plean Gníomhaíochta do Phoist 2013

Tionscnamh ilbhliantúil, uile-Rialtais is ea an Plean Gníomhaíochta, atá dírithe ar 100,000 post breise a chruthú faoi 2016. Ina theannta sin, leagtar amach ann spriocanna maidir le teacht chun cinn mar an tír is fearr beag le bheith i mbun gnó inti agus maidir le háit a bhaint amach i measc na cúig thír is fearr iomaíochais ar domhan. Tarraingítear sa Phlean ar na Ranna Rialtais ar fad chun tacú le cruthú fostaíochta agus in 2013 bhí 333 gníomh leagtha amach thar 16 Roinn agus 46 Gníomhaireacht.

Rinneadh 92 faoin gcéad de na gníomhartha a sheachadadh in 2012; rinneadh 90 faoin gcéad de na gníomhartha a sheachadadh in 2013. Rud níos tábhachtaí fós, tá an Plean

Gníomhaíochta á sheachadadh ar an láthair agus léirítear sa Suirbhé Ráithiúil Náisiúnta ar Theaghlaigh do R4 2013 gur tháinig méadú 61,000 ar líon na ndaoine fostaithe i gcomparáid le R4 2012. Meastar gur tháinig fás 0.4 faoin gcéad ar an éileamh intíre in 2013, an chéad mhéadú ar an bhfigiúr comhiomlán sin ó thosaigh an ghéarchéim. Tá rangú iomaíochais na hÉireann ag feabhsú freisin – mar shampla, tá feabhas tagtha ar rangú na hÉireann i mBliainiris Iomaíochais an IMD ón 24ú háit in 2011 go dtí an 20ú háit in 2012 agus an 17ú háit in 2013. Mar sin féin, in ainneoin go bhfuil dul chun cinn déanta, admhaítear go bhfuil an dífhostaíocht fós ró-ard.

Thacaigh Forfás leis an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta agus é ag forbairt an *Phlean Gníomhaíochta do Phoist 2013*. Ina theannta sin, is ar Fhorfás a bhí an phríomhfhreagracht maidir le seachadadh naoi ngníomh in 2013 agus d'oibrigh sé i gcomhar le gníomhaireachtaí nó ranna Rialtais eile i seachadadh 21 gníomh.

Tugtar tuairisc mhionsonraithe ar na gníomhartha a raibh an phríomhfhreagracht ar Fhorfás ina leith in áiteanna eile sa tuarascáil seo agus áirítear leo:

- Measúnú a dhéanamh ar thionscnaimh atá ann cheana agus ar thionscnaimh bheartaithe ar fud an Rialtais agus na hearnála príobháidí trínar féidir cur le cáil na hÉireann mar cheannaire i réimse na hanailisíochta sonraí agus i réimse an Olltiomsaithe Sonraí (leathanach 44);
- Measúnú mionsonraithe a dhéanamh ar an éileamh ar anailísíocht sonraí agus scileanna gaolmhara chun tógáil ar mheastacháin reatha agus chun iniúchadh a dhéanamh ar na cáilíochtaí beachta atá de dhíth agus mapáil a dhéanamh ar na scileanna a bhfuil gá leo i gcoinne na gclár atá ann cheana (leathanach 71);
- Tabhairt faoi staidéar i leith "Aghaidh a thabhairt ar an éileamh ar scileanna TFC ar leibhéal ard ar fud gach earnála den gheilleagar in Éirinn" (leathanach 70);
- Córas comhtháite um iarratais ar cheadúnú don earnáil mhiondíola a sheachadadh (leathanach 45);
- Measúnú a dhéanamh ar thionchar na leasuithe ar mheicníochtaí um shocrú pá earnála (An tAcht Caidrimh Thionscail (Leasú), 2012) maidir leis an iomaíochas sa mhargadh saothair a chur chun cinn (leathanach 64);
- Measúnú a dhéanamh ar an acmhainneacht le haghaidh gníomhartha breise chun tacú le feabhsúcháin ar an iomaíochas sa mhargadh saothair (leathanach 63); agus
- Tuarascáil Fhorfás ar Fhiontar Sóisialta a fhoilsiú agus gníomhartha a aithint a bheidh le déanamh bunaithe ar thorthaí na tuarascála (féach Tuarascáil Bhliantúil 2012 de chuid Fhorfás)

Plean Gníomhaíochta do Phoist 2013 *[Action Plan for Jobs 2013]*

## Plean Gníomhaíochta do Phoist 2014

Seoladh an Plean Gníomhaíochta do Phoist 2014, atá forbartha ag Forfás thar ceann an Rialtais, agus é ag obair go dlúth leis an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta (RPFN) agus le ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais eile, i mí Feabhra 2014.

Tá 385 gníomh leagtha amach sa Phlean, a bhaineann le gach Roinn Rialtais agus le 46 Gníomhaireacht. Tá an uaillmhian ardleibhéil fós dírithe ar an timpeallacht a chruthú chun tacú le méadú 100,000 ar an bhfostaíocht faoin 2016, agus leagtar síos sprioc nua de 2.1

milliún duine i bhfostaíocht faoi 2020 i gcomhréir leis an *Straitéis Gheilleagrach Mheántéarmach 2014 - 2020.*

Tá Forfás ina bhall den Choiste Monatóireachta don Phlean Gníomhaíochta do Phoist, in éineacht le Roinn an Taoisigh, an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta, an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus Oifig an Tánaiste.

Léirítear ceithre théama lárnacha sa Phlean Gníomhaíochta:

### Iomaíochas

Cuirtear béim ar leith ar an iomaíochas agus an táirgiúlacht sa Phlean Gníomhaíochta. Cé go bhfuil feabhas tagtha ar rangú na hÉireann ar bhonn idirnáisiúnta, de réir mar a fheabhsóidh an fás geilleagrach beidh an baol ann go bhféadfaí roinnt de na gnóthachain, ar chuir muid an oiread stró orainn féin ina dtaobh, a chailleadh. Dá bhrí sin, trí Chóras an Choiste Comh-Aireachta, agus go háirithe an Coiste Comh-Aireachta um Théarnamh Geilleagrach agus Poist, déanfaidh an Rialtas monatóireacht ar dhul chun cinn maidir le saincheisteanna iomaíochais atá aitheanta ag an gComhairle Náisiúnta Iomaíochais agus ag daoine eile; breithneoidh sé gníomhartha breise chun feabhas a chur ar ár n-iomaíochas idirnáisiúnta; agus cuimhneoidh sé ar thionscnaimh chun é a fhágáil níos éasca a bheith i mbun gnó in Éirinn.

### Ról an fhiontraí agus na gcuideachtaí nuathionscanta maidir le cruthú post

I bPlean na bliana 2014, leagtar amach mar fhís go mbeadh Éire i measc na náisiún ar domhan is treise an fhiontraíocht iontu. Tá feidhmiú líonra na nOifigí Fiontair Áitiúla (OFA), arna dtacú ag ionad barr feabhais i bhFiontraíocht Éireann, ina thionscnamh lárnach i ndáil leis sin, chomh maith le cláir chun díriú ar fhiontraithe óga, ar fhiontraithe ban agus ar fhiontraithe thar lear. Seolfaidh an Rialtas Ráiteas Beartais Fiontraíochta in 2014 chomh maith.

### Tacaíocht don earnáil FBM chun cur le líon na bpost

Trí bheagnach gach gníomh sa *Phlean Gníomhaíochta do Phoist 2014*, tacófar le fás FBManna, ach dírítear go háirithe ar an rochtain ar mhaoiniú agus tugtar éifeacht trí na gníomhartha sin do thosaíocht an Rialtais maidir lena bheith ag obair leis an earnáil phríobháideach chun cur le cistiú bainc agus neamhbhainc le haghaidh FBManna. Beidh tionchar suntasach ag na gníomhartha a bhaineann le clár oibre na scileanna, tacaíocht do thaighde agus nuálaíocht agus forbairt bainistíochta ar FBManna chomh maith. Ar deireadh, tá gníomhartha a bhaineann le hearnálacha ar leith ann, lena n-áirítear bia agus deoch, an geilleagar glas, miondíol, tógáil, ríomhshláinte agus seirbhísí cruthaitheacha.

### Tionchar a uasmhéadú trí chumarsáid éifeachtach

Le trí bliana anuas, tugadh isteach cláir agus tionscnaimh nua, nuálacha atá dírithe ar an bhfiontraíocht agus ar na daoine atá dífhostaithe. Baineann tábhacht ar leith leis na tionscnaimh sin a chur in iúl go soiléir agus iad a bheith inrochtana ag na spriocghrúpaí maidir leis an nglacadh a bheidh leo agus an tionchar deiridh a bheidh acu. Beidh sé ina thosaíocht in 2014 feasacht a ardú i measc FBManna agus fiontraithe maidir leis an tsraith iomlán tacaí forbartha gnó atá ar fáil trí straitéis chuimsitheach chumarsáide a mbeidh an réimse is leithne is féidir de pháirtithe leasmhara páirteach inti agus lena mbainfear leas as acmhainneacht iomlán na nOifigí Fiontair Áitiúla. Déanfaidh an Roinn Oideachais agus Scileanna agus an Roinn Coimirce Sóisialaí an bhrandáil a chomhordú maidir leis an raon tionscnamh scileanna atá dírithe ar an tionscail, lena gcuimsítear Springboard, cúrsaí tiontaithe scileanna TFC, Momentum, cláir Skillnets, JobBridge agus JobsPlus, agus cuirfidh siad leis an bhfeasacht ina leith.

Tá struchtúr an Phlean Gníomhaíochta do Phoist 2014 ag teacht le pleananna roimhe seo agus áirítear ann caibidlí ar:

- Athchóirithe Suaiteacha
- Iomaíochas
- Straitéis 'Pathways to Work'
- Rochtain ar Airgeadas
- Cur leis an bhFiontraíocht in Éirinn
- Tionchar um Infheistíocht Dhíreach Eachtrach a Fhorbairt agus a Threisiú
- Deiseanna Earnála




**Seoladh an Tríú Plean Gníomhaíochta do Phoist**

D'fhoilsigh an Taoiseach, an Tánaiste agus an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta an Plean Gníomhaíochta do Phoist 2014, an tríú tráthchuid bhliantúil sa phlean Rialtais atá dírithe ar gheilleagar inbhuanaithe atá ag fás a thógáil agus ar phoist a chruthú.

Tugadh isteach na hAthchóirithe Suaiteacha in 2013 mar bhearta nua trasghearrtha, ardtionchair, a bhféadfadh tionchar suntasach a bheith acu ar chruthú post, chun tacú le fiontair agus/nó réimsí ina bhféadfaí Éire leas a bhaint as buntáiste nádúrtha nó deis a thiocfaidh chun cinn sa gheilleagar. Leanadh ar aghaidh in 2014 le sé chinn de na seacht nAthchóiriú Shuaiteacha a sainaithníodh sa Phlean Gníomhaíochta 2013, lena n-áirítear:

- Olltiomsú Sonraí agus Anailísíocht Sonraí
- Scileanna TFC
- Seirbhís Chomhtháite um Iarratais ar Cheadúnú
- Trádáil Ar Líne
- Éifeachtúlacht Fuinnimh
- Mol Náisiúnta Nuálaíochta Sláinte

Ina theannta sin, tugadh isteach trí Athchóiriú Shuaiteacha nua:

- Fiontraíocht – tá sé seo dírithe ar fheidhmiú céimneach na nOifigí Fiontair Áitiúla; athbhreithniú ar scéimeanna cáinbhunaithe d'fhiontraithe; agus seoladh ciste €2 mhilliún d'fhiontraithe óga.
- Gnóthachan Thar Lear – tá sé seo dírithe ar acmhainní a mheadú in oifigí thar lear na ngníomhaireachtaí fiontraíochta.
- Déantúsaíocht: Athrú Céime Náisiúnta – tá sé seo dírithe ar athrú céime a bhaint amach maidir le táirgiúlacht na gcuideachtaí déantúsaíochta ar cliaint iad de chuid Fhiontraíocht Éireann, GFT Éireann agus na nOifigí Fiontair Áitiúla.

Áirítear leis na príomhbhearta atá faoi stiúir Fhorfás in 2014:

- Oibriú leis an RPFN chun tacú leis an Tascfhórsa ar Olltiomsú Sonraí agus Anailísíocht Sonraí agus measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá bainte amach ag Éirinn maidir le seasamh ceannaireachta a fhorbairt san Eoraip sa réimse sin;
- An Córas Comhtháite um Iarratais ar Cheadúnú a chur chun cinn ar son na nÚdarás Ceadúnaithe agus a chinntiú go mbeadh sé i bhfeidhm don earnáil mhiondíola faoi R3 2014;
- Tagarmharcáil a dhéanamh ar chostais ghnó lárnacha agus tuarascáil a fhoilsiú ina ndíreofar ar réimsí nach bhfuil costais fiontair na hÉireann i gcomhréir le hiomaitheoirí lárnacha iontu (An Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais);
- Thar ceann Roinn an Taoisigh, láidreachtaí na hÉireann maidir le hAosú Cliste a mhapáil agus deiseanna a aithint le haghaidh na fiontraíochta;
- Leanúint ar aghaidh, in éineacht leis an RPFN, ag cur chun cinn an fheidhmithe um beartú tosaíochta taighde trí Ghrúpa Gníomhaíochta an Rialtais um Beartú Tosaíochta;
- Oibriú leis an RPFN chun dul chun cinn a dhéanamh i dtreo tabhairt isteach samhla um Eagraíocht Taighde Teicneolaíochta chun tacú le taighde, forbairt agus nuálaíocht, agus chun cur leis an éiceachóras atá ann cheana féin ó thaobh ionaid taighde in Éirinn; agus
- Ráiteas Beartais um Infheistíocht Dhíreach Eachtrach a chríochnú agus a fhoilsiú faoi R2, chun treo straitéiseach an bheartais um infheistíocht dhíreach eachtrach go dtí 2020 a leagan amach.

Plean Gníomhaíochta do Phoist 2014 *[Action Plan for Jobs 2014]*



### Athbhreithniú an ECFE ar an bPlean Gníomhaíochta do Phoist

Sa phictiúr ag ócáid foilsithe athbhreithnithe an ECFE ar an bPlean Gníomhaíochta do Phoist tá (ó chlé) Martin Shanahan; Príomhfheidhmeannach Fhorfás; An tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, Richard Bruton, TD; agus Yves Leterme, Leas-Ardrúnaí, ECFE.

## Athbhreithniú ar Sheirbhísí Meantóireachta Gnó

Bhí *an tAthbhreithniú ar Seirbhísí Meantóireachta Gnó* in Éirinn de chuid Fhorfás, ar tionscnaíodh é tríd an *bPlean Gníomhaíochta do Phoist 2013*, faoi stiúir Fhorfás agus á mhaoirsiú ag Grúpa Stiúrtha an tionscadail, ina raibh ionadaithe ó Fhiontraíocht Éireann agus an RPFN.

Sa staidéar, rinneadh athbhreithniú ar na seirbhísí meantóireachta atá ar fáil do ghnólachtaí nuathionscanta agus do ghnólachtaí beaga agus sainaithníodh gníomhartha a bheidh le déanamh chun aghaidh a thabhairt ar réimsí ar féidir iad a neartú.  Déantar mapáil ann ar staid na meantóireachta in Éirinn faoi láthair (lena n-áirítear soláthraithe príobháideacha agus soláthraithe na hearnála poiblí) agus déantar meastóireacht ar an príomhsoláthraithe a fhaigheann cistiú poiblí.

Chuaigh Forfás i mbun comhairle go forleathan ar feadh an phróisis, agus chuir sé ar bun roinnt ceardlann ar a d'fhreastail ionadaithe an tionscail, soláthraithe seirbhíse, an RPFN agus gníomhaireachtaí ábhartha chun iniúchadh a dhéanamh ar thorthaí taighde, na himpleachtaí a phlé agus roghanna a mheas.

### Príomhthorthaí

- Tá an t-éiceachóras meantóireachta gnó an-éagsúil in Éirinn, agus tá réimse leathan soláthraithe i gceist ann. Aithníodh 176 eagraíocht san iomlán atá gníomhach in Éirinn i soláthar na meantóireachta gnó, ina ndéanann thart ar 3,000 meantóir seachadadh ar 21,000 tasc in aghaidh na bliana.
- Tá idir mheantóireacht neamhspleách aonair agus chineálacha cur chuige i bhfad níos déine agus níos comhtháite i gceist.
- Tá thart ar dhá thrian de na tascanna meantóireachta go léir dírithe ar chuideachtaí réamhthionscanta agus ar chuideachtaí nuathionscanta, agus tá an chuid eile díobh dírithe ar ghnólachtaí bunaithe.
- Is samhail chomhordaithe duine le duine atá i gceist le formhór na meantóireachta gnó in Éirinn. Is éard atá i gceist leis an gcomhordú an cliant gnó a mheaitseáil leis an meantóir is oiriúnaí, agus é á aithint gurb amhlaidh in a lán cásanna go dteastóidh

cúnamh ó na cliaint ghnó maidir leis na príomhdhúshláin atá le sárú ag a gcuid gnólachtaí a aithint.

Trí mheasúnú a dhéanamh ar na seirbhísí meantóireachta a bhíonn á soláthar ag na príomhsholáthraithe arna dtacú ar bhonn poiblí (Fiontraíocht Éireann, na Boird Fiontar Contae agus na líonraí Skillnets), tugadh tacaíocht d'éifeachtúlacht na gcineálacha cur chuige a úsáidtear. Dírítear aird sa tuarascáil ar ghníomhartha chun dul i ngleic le réimsí ar féidir iad a neartú, lena n-áirítear:

- Feabhas a chur ar éifeachtúlacht agus éifeachtacht, trí bhunachar sonraí amháin meantóirí gnó a chruthú le haghaidh na ngníomhaireachtaí, agus cineálacha cur chuige níos comhtháite a spreagadh mar is cuí;
- Raon feidhme na nOifigí Fiontair Áitiúla a leathnú, agus iad a ullmhú chun freagra a thabhairt ar éileamh méadaithe féideartha, agus dhá nó trí Oifig Fiontair Áitiúil a shainaithint a bhainfeadh triail as cur chuige níos réamhghníomhaí d'fhonn éileamh a spreagadh go gníomhach sa chohórt níos bunaithe cuideachtaí beaga;
- Feabhas a chur ar chomhsheasmhacht agus ar ghairmiúlacht trí Chóid Chleachtais agus Téarmaí agus Coinníollacha na nOifigí Fiontair Áitiúla le haghaidh meantóireachta gnó a chur i bhfeidhm, agus cur chuige comhsheasmhach a fhorbairt maidir le hoiliúint agus forbairt do mheantóirí, bunaithe ar chur chuige srathach a oireann do leibhéal na rannpháirtíochta;
- An painéal meantóireachta a leathnú ionas go n-áireofaí leis sciar níos mó meantóirí deonacha i réimsí speisialtóireachta ina bhfuil easpa ionadaíochta ó shaineolaithe, agus cur leis an ionchur ó dhaoine a bhfuil spéis acu sa réimse ar leith agus atá fostaithe faoi láthair sa bhonn ilnáisiúnta cuideachtaí anseo;
- Cur chuige monatóireachta agus meastóireachta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm; agus
- Triail a bhaint as meicníochtaí seachadta malartacha, lena n-áirítear seachadadh ar líne seirbhísí meantóireachta, "uaireanta oifige" s.rl., bunaithe ar shamhlacha idirnáisiúnta, agus iadsan a mheas.

D'fhonn an forfheidhmiú a thiomáint, moltar go mbunófaí grúpa oibre, faoi stiúir an RPFN, a bheadh comhdhéanta d'ionadaithe ó Fhiontraíocht Éireann, na hOifigí Fiontair Áitiúla, na líonraí Skillnets, Forfás agus páirtithe leasmhara meantóireachta eile mar is cuí.

## Measúnuithe ar Chláir na nGníomhaireachtaí – Tacaíochtaí Forbartha Gnó

Tá dul chun cinn suntasach déanta ag Forfás sa mheastóireacht atá idir lámha aige ar thart ar 70 clár arna seachadadh ag na gníomhaireachtaí forbartha fiontar - Fiontraíocht Éireann, GFT Éireann, Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus na Boird Fiontar Contae - i réimse na dtacaí do chuideachtaí nuathionscanta agus don fhiontraíocht, sa taighde, san fhorbairt agus nuálaíocht; agus tacaíochtaí um fhorbairt gnó. Is é cuspóir foriomlán na measúnuithe ná treoir a thabhairt maidir le húsáid bharrmhaith acmhainní i dtimpeallacht shrianta chun cuspóirí beartais fiontraíochta a chomhlíonadh.

Cuireadh meastóireachtaí ar thacaí do chuideachtaí nuathionscanta agus don fhiontraíocht i gcrích go luath in 2012, agus foilsíodh na torthaí ina dhiaidh sin. Cuireadh na meastóireachtaí ar an tsraith clár forbartha taighde agus nuálaíochta i gcrích in 2013 agus foilsíodh na

príomhthorthaí i mí Aibreáin 2014 freisin. Bhí na torthaí sin ina dtreoir maidir le beartas fiontraíochta a fhorbairt agus maidir le haistriú na mBord Fiontar Contae go dtí Oifigí Fiontair Áitiúla, agus soláthrófar treoir leo maidir leis an éabhlóid ar chóras nuálaíochta náisiúnta na hÉireann agus a straitéis eolaíochta, teicneolaíochta agus nuálaíochta tar éis 2013.

Díríodh den chuid ba mhó in 2013 ar sheachadadh na meastóireachtaí a bhaineann le forbairt gnó. Cuimsítear leis sin raon leathan clár atá dírithe ar acmhainn agus cumas a thógáil. Rinneadh measúnú ar gach clár ina cheart féin; mar chomhchuid laistigh de limistéar téamach ábhartha; agus laistigh den chomhthéacs beartas fiontraíochta uileghabhálach.

Tá meastóireachtaí curtha i gcrích ina leith seo a leanas:

- Deontais de chuid GFT Éireann agus Fhiontraíocht Éireann le haghaidh infheistíochta agus leathnuithe;
- Tacaíochtaí de chuid Fhiontraíocht Éireann le haghaidh an idirnáisiúnaithe;
- Tacaíochtaí táirgiúlachta arna soláthar ag Fiontraíocht Éireann – go háirithe an clár ‘Lean’ agus an clár tacaíochtaí ríomhghnó; agus
- An clár ‘Leadership for Growth’ arna sholáthar ag Fiontraíocht Éireann, chomh maith le cláir forbartha agus oiliúna eile arna soláthar ag Fiontraíocht Éireann agus GFT Éireann araon.

### Tátail

Go ginearálta, measadh go raibh na tionscnaimh aonair cuí agus ar chomhréim leis an mbeartas, go raibh siad éifeachtach maidir le cuspóirí sonraithe a bhaint amach, agus go raibh siad éifeachtúil. Léiríodh san anailís go raibh teacht aniar ní b'fhearr thar thréimhse an chúlaithe ag na fiontair arna dtacú ag na gníomhaireachtaí forbartha; gur baineadh amach leibhéil fáis níos airde i ndáil le fostaíocht agus onnmhairí; gur baineadh amach feabhsuithe táirgiúlachta; agus go raibh an ráta marthanais le haghaidh cliant de chuid Fhiontraíocht Éireann ní b'airde i gcomparáid le riailghrúpa fiontar nach bhfuair tacaíocht faoin gclár a bhí á mheasúnú. Thuairiscigh cuideachtaí tacaithe leibhéil mhéadaithe scileanna agus cumas bainistíochta, tuiscint ní b'fhearr ar na margaí thar lear, sásamh as poist ní b'fhearr i measc fostaithe, muinín agus uaillmhian straitéiseach ní b'fhearr agus inbhuanaitheacht fheabhsaithe.  Áirítear leis na torthaí cainníochtúla a eascraíonn as meastóireachtaí ar chláir ar leith:

- Bhí €2.72 milliún san iomlán in onnmhairithe breise thar an tréimhse 2007 go dtí 2012 ina thoradh díreach ar Thacaíochtaí Fhiontraíocht Éireann um Idirnáisiúnú;
- Bhí an mheánfhostaíocht bhliantúil 33 faoin gcéad ní b'airde sna trí bliana tar éis ceadú agus tús tionscadail arna thacú ag Deontais Chaipitil agus Fostaíochta de chuid GFT Éireann;
- Na cuideachtaí a bhí rannpháirteach i gclár ‘Lean’ Fhiontraíocht Éireann, bhain siad amach aschur €37,000 in aghaidh an duine ní b'airde mar thoradh ar a rannpháirtíocht ná cuideachtaí nach bhfuair tacaíocht faoin gclár sin;
- Taifeadadh ráta marthanais 80 faoin gcéad do chuideachtaí faoi úinéireacht Éireannach a fuair tacaíocht faoi chlár leathnaithe cuideachta Fhiontraíocht Éireann i gcomparáid le 64 faoin gcéad ar an meán a baineadh amach sa riailghrúpa comparáideach.

I ngach cás ina ndearnadh anailís costais is tairbhe, baineadh amach toradh dearfach ar infheistíocht an Stáit, fiú amháin nuair a rinneadh coigeartú air do bhoinn tuisceana a bhí thar

a bheith coimeádach. Sa mheastachán ba choimeádaí thar na cláir ar fad a ndearnadh meastóireacht orthu, léiríodh toradh €1.95 do gach €1 a chaith an Stát.

Téama uileghabhálach ar fud an phróisis meastóireachta is ea an tábhacht a bhaineann le meastóireachtaí ex-ante láidre a chur chun feidhme, arna dtreorú ag creat measúnaithe Fhorfás, ar fud chláir na ngníomhaíochtaí forbartha fiontar. Leis sin, chinnteofaí gurb amhlaidh, de réir mar a dhéanfar cláir nua a dhearadh (nó cláir atá ann cheana a mhodhnú), go mbeidh na cuspóirí soiléir, go mbeidh an spriocphobal sainithe, go mbunófar riailghrúpaí (nuair is cuí), agus go sainaithneofar an mhéadracht is oiriúnaí don tomhas i dtús báire, mar aon le próisis i gcomhair bailiú sonraí.

Sa chuid eile de 2014, díreofar ar thuarascáil deiridh a fhorbairt ina dtabharfar le chéile na meastóireachtaí ar fud na ngnéithe uile. Leis an tsraith chuimsitheach measúnuithe sin, tá sé de chuspóir an bonn fianaise a sholáthar chun tacú le cinntí agus fócas um beartais fiontraíochta náisiúnta, a chinntiú go mbainfear an úsáid is fearr as acmhainní, agus go ndéanfar dearadh agus seachadadh leanúnach ar idirghabhálacha atá éifeachtach ó thaobh costais, atá cuí, agus a imreoidh dea-thionchar.

Meastóireacht ar Thacaíochtaí Fiontar maidir le Taighde, Forbairt agus Nuálaíocht *[Evaluation of Enterprise Supports for Research, Development and Innovation]*

Meastóireacht ar Thacaíochtaí Fiontar i gcomhair Gnólachtaí Nua-Thionscanta agus na Fiontraíochta *[Evaluation of Enterprise Supports for Start-Ups and Entrepreneurship]*



### Monatóir Fiontraíochta Domhanda (GEM) 2013

In 2013, thacaigh Forfás le forbairt an GEM 2013. Sa phictiúr, ag seoladh na tuarascála, tá: (C-D) Pat O'Neill, Zenith Adhesive Components (ZAC), Tom Hayes, Fiontraíocht Éireann; Theresa Keady, EC Charging, Declan Hughes, Forfás; Paula Fitzsimons, Fitzsimons Consulting, Comhordaitheoir Náisiúnta an GEM; agus an Dr Colm O'Gorman, Ollamh na Fiontraíochta, Scoil Ghnó DCU.

## Athbhreithniú ar an mBeartas um Infheistíocht Dhíreach Eachtrach

D'iarr an RPFN ar Fhorfás tabhairt faoi athbhreithniú ar bheartas na hÉireann um infheistíocht dhíreach eachtrach, agus cineál athraitheach na hinfheistíochta dírí eachtraí domhanda san áireamh mar aon le beartais um an infheistíocht sin atá ag teacht chun cinn i gcomhthéacs comparáideach idirnáisiúnta. In 2013, thug Forfás faoi thaighde agus anailís fhorleathan agus chuaigh sé i gcomhairle go hidirnáisiúnta agus go náisiúnta araon mar ionchur don athbhreithniú. Bhí an anailís a rinne Forfás ina bonn ag Ráitis Beartais ardleibhéil de chuid an

RPFN um infheistíocht dhíreach eachtrach, a fhoilseofar i gcomhréir leis na tiomantais faoin bPlean Gníomhaíochta do Phoist 2014.

Aithnítear san anailís a rinne Forfás an t-idirdhealú idir an creat beartais níos leithne um infheistíocht dhíreach eachtrach (táirge na hÉireann), lena n-éilítear tiomantas roinnt ranna rialtais, gníomhaireachtaí agus páirtithe leasmhara, agus cur chun cinn na hinfheistíochta, arb é ról GFT Éireann é den chuid is mó. Beidh an taighde a rinne Forfás ina threoir freisin maidir le forbairt straitéis chorparáideach GFT Éireann sna míonna amach romhainn.

Tá mealltacht na hinfheistíochta dírí eachtraí ina cuid lárnach de bheartas fiontraíochta na hÉireann ó chuir Éire bearta réamhghníomhacha i bhfeidhm sa chéad áit chun infheistíochtaí soghluaiste idirnáisiúnta a fháil sna 1950í. Sa lá atá inniu ann, cuireann gnólachtaí eachtrannacha go suntasach le honnmhairithe agus poist na hÉireann, leis an gcaiteachas i ngeilleagar na hÉireann agus leis an Státchiste:

Tá an méid seo a leanas amhlaidh maidir le cuideachtaí faoi úinéireacht eachtrach arna dtacú ag gníomhaireachtaí:

- Fostaíonn siad 172,326 duine ar bhonn díreach agus meastar go bhfostaíonn siad 124,000 duine eile ar bhonn indíreach;
- D'íoc siad 72 faoin gcéad den ioncam cánach corparáide iomlán in 2012;
- Chaith siad €13.2 billiún ar ábhair agus ar sheirbhísí arna bhfoinsiú in Éirinn (2012); agus
- Rinne siad infheistíocht ar fiú díreach faoi €1.4 billiún í i dTaighde agus Forbairt (2012), suim arb ionann í agus breis is 70 faoin gcéad den chaiteachas gnó ar fad ar Thaighde agus Forbairt.

Beidh an infheistíocht dhíreach eachtrach fós ina cuid ríthábhachtach de bheartas fiontraíochta na hÉireann; chun poist inbhuanaithe a sheachadadh go díreach agus go hindíreach araon; chun feabhas a chur ar an acmhainn agus an cumas atá againn maidir leis an nuálaíocht, chun rochtain ar shlabhraí luacha domhanda a chur ar fáil do chuideachtaí faoi úinéireacht Éireannach; agus chun cur le táirgiúlacht mhéadaithe, le breisluach agus le forbairt gheilleagrach réigiúnach. Tá ról lárnach ag gnólachtaí faoi úinéireacht eachtrach maidir le cumais agus mais chriticiúil na hÉireann a fhorbairt in earnálacha tábhachtacha agus in éiceachórais a dhéanann iad féin a chothú.

Sa Ráiteas Beartais um Infheistíocht Dhíreach Eachtrach, leagfar amach an treo straitéiseach go dtí 2020 agus na príomhghníomhartha a theastaíonn chun tarraingteacht agus timpeallacht ghnó na hÉireann a fheabhsú i gcomhthéacs na hiomaíochta idirnáisiúnta níos déine le haghaidh infheistíochta agus tallann.

## Clár Oibre Comhtháite um Fhorbairt Earnála a Chur Chun Cinn

Tá ról lárnach ag Forfás i gclár oibre comhtháite a fhorbairt atá dírithe ar earnálacha a fhorbairt in Éirinn i gcomhthéacs iomaíochas domhanda méadaithe. Ní mór athbhreithniú agus nuashonrú leanúnach a dhéanamh ar fhorbairt earnála chun éifeachtacht a chinntiú, agus áirítear leis sin scanadh ionchais agus anailís ar chora domhanda agus ar chora náisiúnta d'fhonn eolas a sholáthar do chlár oibre rollach gníomhaíochta. Oibríonn Forfás leis na gníomhaireachtaí forbartha fiontraíochta agus le páirtithe leasmhara eile chun athbhreithniú leanúnach a dhéanamh agus chun tús áite a thabhairt do bhacainní sonracha earnála agus nó cumasóirí d’fhonn cur le forbairt beartais, gníomhaíochtaí riachtanacha agus cur chun

feidhme. I sraith mionteagasc earnála a d'fhorbair Forfás, leagadh amach clár oibre trasghníomhaireachta comhaontaithe. Bhí an tsraith chéanna ina hionchur maidir leis an *Straitéis Gheilleagrach Mheántéarmach Airgeadais go dtí 2020* de chuid na Roinne Airgeadais, an *Straitéis um Speisialtóireacht Chliste* agus maidir le hullmhú na tuarascála *Making it in Ireland*: *Manufacturing 2020*. Rinne Forfás comhordú freisin ar anailís agus comhairle na ngníomhaireachtaí faoi bheartais an AE do na Treoirlínte um Chúnamh Réigiúnach.

In 2014, beidh Forfás ag obair i dtreo Straitéis Fiontraíochta Mheántéarmach go dtí 2025 a fhorbairt, straitéis láidir ina leagfar amach fís shoiléir, spriocanna agus méadracht agus ina dtabharfar le chéile snáitheanna beartais a bhaineann leis an bhfiontraíocht ar fud an rialtais. Mar chuid den athbhreithniú agus den fhorbairt ar an Straitéis Fiontraíochta sin (ailínithe leis an Straitéis Gheilleagrach Mheántéarmach agus a creat), díreofar in 2014 ar mheasúnú a dhéanamh ar conas is féidir feabhas a chur ar chur chuige na hÉireann um braisliú earnála agus fhorbairt éiceachórais i gcomhthéacs: iomaíocht dhomhanda shuntasach, threisithe; an riachtanas i leith an toradh geilleagrach a bharrfheabhsú; agus cineálacha cur chuige dea-chleachtais ar bhonn idirnáisiúnta.

## Earnáil Tógála na hÉireann: Forbhreathnú agus Plean Straitéiseach go dtí 2015

D'fhoilsigh Forfás a thuarascáil, *Ireland's Construction Sector: Outlook and Strategic Plan to 2015* i mí Iúil 2013. Déantar measúnú sa tuarascáil ar an aschur ionchasach intíre suas go dtí 2015, déantar athbhreithniú ar acmhainneacht idirnáisiúnaithe na hearnála agus leagtar amach 36 gníomh atá dírithe ar fhilleadh na hearnála ar bhealach fáis inbhuanaithe a luathú.

Áirítear leis na cúig phríomhréimse gníomhaíochta:

1. Constaicí a bhaint agus an mhuinín sa mhargadh baile a athbhunú;
2. Tuilleadh idirnáisiúnaithe a chur chun cinn;
3. Iomaíochas agus nuálaíocht a leabú;
4. A chinntiú go bhfuil an earnáil oilte i gcomhair seachadta; agus
5. Athrú ó bhonn a dhéanamh ar rialachas.

I nDoiciméad Straitéise an Rialtais, *Construction 2020, A Strategy for a Renewed Construction Sector*, a foilsíodh i mí na Bealtaine 2014, tógtar ar an gcreat mionsonraithe do ghnóthú luathaithe na hearnála a d'fhoilsigh Forfás in 2013. Gealltar sa Straitéis go seolfar Grúpa de chuid na hEarnála Tógála chun tacú le cur chun feidhme, le béim ar ghníomhartha a fhéadfar a chur i gcrích go luath.

Earnáil Tógála na hÉireann: Forbhreathnú agus Plean Straitéiseach go dtí 2015 *[Ireland's Construction Sector: Outlook and Strategic Plan to 2015]*




**Seoladh Iris SDAR Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (DIT)**

*"Ní hé an méid a d'fhéadfaí a dhéanamh ar son post agus fás geilleagrach an t-aon rud amháin a fhágann go mbaineann tábhacht leis an earnáil (tógála). Ó thaobh na fiontraíochta is toisc chriticiúil iomaíochais é as féin, toisc go soláthraítear leis na foirgnimh agus an bonneagar ar a mbraitheann gach earnáil eile den gheilleagar."*

Martin D. Shanahan, Príomhfheidhmeannach, Forfás, agus é ag labhairt ag seoladh Iris DIT um Dhearadh Inbhuanaithe agus Thaighde Feidhmeach.

## Déantúsaíocht

D'fhoilsigh Forfás *Making it in Ireland - Manufacturing 2020* i mí Aibreáin 2013. Leagadh amach fís fhadtéarmach sa straitéis sin don earnáil déantúsaíochta in Éirinn, agus leagadh amach plean le haghaidh gníomhaíochta a chabhródh leis an bhfís sin a fhíorú.

Mar thoradh ar thuarascáil Fhorfás, tugadh isteach an t-athchóiriú suaiteach um Athrú Céime Náisiúnta a bhfuil sé mar aidhm leis cúnamh a thabhairt earnáil déantúsaíochta na hÉireann a thabhairt chun tosaigh ar bhonn idirnáisiúnta agus feabhas a chur ar an iomaíochas, an táirgiúlacht agus an nuálaíocht. Chun na críche sin, i rith 2014, déanfaidh an Rialtas an méid seo a leanas:

- Tacú le 130 cuideachta dúchasach le tionscnamh chun feabhas a chur ar a dtáirgiúlacht mar chuid den Athrú Céime Náisiúnta i gcomhair na déantúsaíochta;
- Clár claochlaithe a sheachadadh ar fud 70 cuideachta déantúsaíochta agus seirbhísí faoi úinéireacht eachtrach in Éirinn chun ardú teicneolaíochta, feabhsú scileanna, feabhsú fuinnimh agus infheistíocht i saoráidí agus i dtrealamh nua a bhaint amach;
- Tacú le glacadh na Déantúsaíochta Barainní agus bearta eile atá dírithe ar an táirgiúlacht a fheabhsú thar raon leathan fiontar, lena n-áirítear micreafhiontair;
- A chinntiú go mbeidh Taighde & Forbairt atá cistithe go poiblí dírithe ar riachtanais na n-earnálacha déantúsaíochta agus tacú le rannpháirtíocht níos mó na bhfiontar déantúsaíochta san obair a dhéanann lárionaid taighde agus lárionaid teicneolaíochta atá dírithe ar riachtanais na n-earnálacha déantúsaíochta.

Beidh ionadaíocht ag Forfás arís eile in 2014 ar an bhFóram um Fhorbairt Déantúsaíochta, atá dírithe ar chur i bhfeidhm raon gníomhartha a chur chun cinn chun tacú le forbairt leanúnach na hearnála.

Á Dhéanamh in Éirinn - Déantúsaíocht 2020 *[Making it in Ireland - Manufacturing 2020]*




**Seolann an tAire Bruton agus an tAire Quinn Straitéis Déantúsaíochta Fhorfás**

Sa phictiúr ag saoráid déantúsaíochta Prodieco tá (c-d) Martin D. Shanahan, Príomhfheidhmeannach, Forfás; an tAire Richard Bruton, Robin Rennick, Cathaoirleach Prodieco agus an tAire Ruairí Quinn.

## Olltiomsú Sonraí agus Anailísíocht Sonraí

Bhí ról lárnach ag Forfás in 2013 maidir le cur chun cinn Athchóiriú Suaiteach an Rialtais ar Olltiomsú Sonraí agus Anailísíocht Sonraí mar atá leagtha amach sa Phlean Gníomhaíochta do Phoist 2013. Is é an uaillmhian a bhaineann leis an Athchóiriú Suaiteach ná Éire a bheith ina tír atá amuigh chun tosaigh san Eoraip maidir le hOlltiomsú Sonraí agus Anailísíocht Sonraí. Áirítear leis na gníomhartha sonracha ar thacaigh Forfás leo in 2013:

### Bunú Tascfhórsa Tionscail-Rialtais ar Olltiomsú Sonraí

Leis an Tascfhórsa Tionscail-Rialtais, soláthraítear meicníocht chun gníomhartha a chabhróidh le baint amach na huaillmhéine a bhaineann leis an Athchóiriú Suaiteach seo a chomhaontú agus a chur chun cinn. D'fhógair an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta ballraíocht an Tascfhórsa i Meitheamh 2013. Tá an grúpa faoi chathaoirleacht an RPFN agus cuimsítear leis Forfás, na gníomhaireachtaí forbartha fiontar, trí cinn de na comhpháirtithe tionscail arna gceapadh ag an Rialtas chun tacú leis an bPlean Gníomhaíochta do Phoist, Oifig an Phríomh-Oifigigh Faisnéise, Rialtas na hÉireann, chomh maith le hionadaithe ó lárionaid taighde thiomanta sa réimse seo. D'óstaigh Forfás ceithre chruinniú de chuid an Tascfhórsa sa dara leath de 2013.

### Mapáil Bhonneagair agus Tionscnamh um Olltiomsú Sonraí agus Anailísíocht Sonraí

Thug Forfás faoi mhapáil ar bhonneagar agus thionscnaimh atá ann cheana féin i réimse an Olltiomsaithe Sonraí agus na hAnailísíochta Sonraí chun obair an Tascfhórsa a threorú. Bhí an mhapáil bunaithe ar athbhreithniú ar fhaisnéis atá ar fáil go poiblí chomh maith le faisnéis a chomhroinn fiontair, taighdeoirí agus comhlachtaí Rialtais i rith roinnt ceardlann a d'eagraigh Forfás sular bunaíodh an Tascfhórsa. Clúdaíodh trí chatagóir leathana faisnéise sa mhapáil:

- Lárionaid Taighde agus Forbartha arna gcistiú go poiblí a thacaíonn le hOlltiomsú Sonraí agus Anailísíocht Sonraí;
- Cúrsaí ardoideachais a sholáthar a bhaineann go díreach le hOlltiomsú Sonraí agus Anailísíocht Sonraí; agus
- Samplaí de thionscadail agus thionscnaimh de chuid na hearnála poiblí/príobháidí a bhaineann le hOlltiomsú Sonraí agus Anailísíocht Sonraí.

### Treoirthionscadail chun Tionchar an Olltiomsaithe Sonraí agus na hAnailísíochta Sonraí a Léiriú

Bhí sé ina shaintáirge inseachadta ag an Tascfhórsa dhá threoirthionscadal ar a laghad a shainaithint ina bhféadfaí anailísíocht sonraí a úsáid chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin shonracha, d'fhonn tionchar geilleagrach agus/nó seirbhísí poiblí feabhsaithe a sheachadadh. Sna treoirthionscadail a shainaithin an Tascfhórsa in 2013, téitear i ngleic go sonrach le cur i bhfeidhm na hanailísíochta sonraí maidir le: táirgeacht feirmeoireachta a bharrfheabhsú; agus beartas gníomhachtaithe an mhargaidh shaothair in Éirinn:

Tá iliomad páirtithe leasmhara i gceist leis an dá thionscnamh agus cuirfear chun cinn iad i rith na bliana 2014 le hinstitiúidí treorach atá sainaitheanta maidir le gach ceann acu. Déanfaidh an Tascfhórsa monatóireacht ghrinn ar an dul chun cinn agus táthar ag súil go mbeidh na haschuir agus na ceachtanna tosaigh ó na treoirthionscadail ar fáil ó lár na bliana 2014 ar aghaidh.

Bhí an Tascfhórsa ina pháirtí leasmhar de chuid an Staidéir a rinne Forfás/Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí, *Éileamh ar Scileanna Olltiomsaithe Sonraí/Anailísíochta Sonraí go dtí 2020* (féach leathanach 71) agus de chuid na hoibre a rinne Grúpa Gníomhaíochta an Rialtais um Beartú Tosaíochta Taighde a bhaineann leis an réimse tosaíochta, Anailísíocht, Bainistiú, Slándáil agus Príobháideacht Sonraí.

Leanfaidh Forfás agus an RPFN ar aghaidh ag tacú le hobair an Tascfhórsa in 2014. Chomh maith leis an monatóireacht ar an dá threoirthionscadal atá luaite thuas, áirítear leis na gealltanais shonracha sa *Phlean Gníomhaíochta do Phoist 2014* sraith gníomhartha chun ardán oscailte sonraí a thabhairt isteach in Éirinn, cur a thuilleadh le rannpháirtíocht na bhfiontar san obair a dhéanann lárionaid taighde agus teicneolaíochta sa réimse seo agus cur chun cinn a dhéanamh ar mholtaí an EGFSN chun cuidiú lena chinntiú go mbeidh soláthar sásúil daoine gairmiúla oilte ar fáil chun freastal ar an éileamh ar scileanna sa réimse sin.

## Córas Comhtháite um Iarratais ar Cheadúnú

Bhí tabhairt isteach seirbhíse comhtháite um iarratais ar cheadúnú ar cheann de na hathchóirithe suaiteacha sa *Phlean Gníomhaíochta do Phoist 2013* de chuid an Rialtais. Cuireadh de chúram ar Fhorfás, i gcomhar leis an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta, an tseirbhís chomhtháite um iarratais ar cheadúnú a sheachadadh.

Mórthionscnamh is ea an tionscadal sin agus is céim athchóirithe é maidir le hualach an riaracháin agus an ró-oifigiúlachais le haghaidh gnó a laghdú. Trí sheirbhís chomhtháite um iarratais ar cheadúnú a sheachadadh, féadfar éascú a dhéanamh ar an bpróiseas a bhaineann le gnó a bhunú in Éirinn agus déanfar laghdú suntasach ar an obair a ghabhann le hathnuachan bhliantúil na gceadúnas de bharr na seirbhíse sin. Ba chóir go spárálfaí méid suntasach airgid ar ghnólachtaí agus ar fhiontraithe ar fud na hÉireann de bharr na seirbhíse comhtháite nua um iarratais ar cheadúnú trí shimpliú a dhéanamh ar an bpróiseas a bhaineann le cur isteach ar bhreis is ceadúnas amháin.

Ba chóir go gcuirfeadh an tseirbhís chomhtháite um iarratais ar cheadúnú le táirgiúlacht agus le héifeachtúlacht san earnáil phoiblí freisin trí shruthlíniú a dhéanamh ar riar na bpróiseas ceadúnúcháin agus de bharr na hacmhainneachta le haghaidh córais iniúchta agus comhlíonta níos comhtháite sa todhchaí, mar aon le feabhas ar chur i bhfeidhm an fhorfheidhmithe riosca-bhunaithe.

Bunaíodh Grúpa stiúrtha, faoi chathaoirleacht an Aire Perry agus lena gcuimsítear páirtithe leasmhara lena n-áirítear údaráis ceadúnúcháin agus Ranna Rialtais agus gníomhaireachtaí ábhartha, chun seirbhís chomhtháite um iarratais ar cheadúnú a fhorbairt ina ndíreofar ar an earnáil mhiondíola ar dtús.

Mar chuid d'anailís agus iniúchadh ar chórais, tugadh faoi roinnt athbhreithnithe:

- Athbhreithniú ar na próisis ceadúnaithe atá ann cheana féin;
- Athbhreithniú ar na bunriachtanais reachtúla;
- Anailís ar an ioncam iomlán a ghintear ó na ceadúnais agus líon na n-idirbheart (iarratais agus athnuachaintí) ar bhonn bliantúil; agus
- Tiomsú na bhfoirmeacha uile um iarratas ar cheadúnas.

D'aontaigh an Grúpa Stiúrtha samhail oibriúcháin sheachfhoinsithe 'maoiniú-dearadh-tógáil' a chur chun cinn. Chuir Forfás agus an RPFN tús leis an bpróiseas soláthair phoiblí chun soláthraí seirbhíse a shainaithint. Ceapadh an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil mar an t-údarás conarthach agus forbraíodh Iarratas ar Thairiscintí i ndlúthchomhar le hOifig Phríomh-Aturnae an Stáit. Foilsíodh an tairiscint sin i mí Feabhra 2014 trí Iris Oifigiúil an AE.

## Treoirlínte um Chúnamh Réigiúnach

Leagtar amach sna Treoirlínte um Chúnamh Réigiúnach an bunús dlí maidir le hinfheistíocht agus cúnamh oibriúcháin a dheonú do chuideachtaí i réigiúin ar fud an Aontais Eorpaigh. Tá cúnamh réigiúnach éagsúil ó chineálacha eile cúnaimh Stáit, amhail cúnamh atá dírithe ar thaighde, forbairt agus nuálaíocht, oiliúint, fuinneamh, talmhaíocht nó ar chosaint an chomhshaoil, a chlúdaítear faoi threoirlínte éagsúla um chúnamh Stáit. Chuir an Coimisiún Eorpach bailchríoch ar Threoirlínte nua um Chúnamh Réigiúnach don tréimhse 2014 go 2020 i Meitheamh 2013.

Ar feadh 2013, bhí Forfás ag obair le Grúpa Idirghníomhaireachta ar a raibh ionadaithe ó Fhiontraíocht Éireann, GFT Éireann, Údarás na Gaeltachta, an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus ón bPríomh-Oifig Staidrimh chun seasamh idirbheartaíochta na hÉireann a fhorbairt de réir mar a bhí reachtaíocht á forbairt agus chun measúnú a dhéanamh ar impleachtaí na n-athruithe a beartaíodh.

I dtéarmaí na n-athruithe tábhachtacha sa reachtaíocht nua a bhaineann leis na Treoirlínte um Chúnamh Réigiúnach 2014 - 2020:

- Tá clúdach daonra 51.28 faoin gcéad leithdháilte d'Éirinn le haghaidh na tréimhse 2014 – 2020 (méadú beag ar 50 faoin gcéad don tréimhse 2007 – 2013).
- Tá srian curtha ar chúnamh do ghnólachtaí móra i réigiúin 'c', agus, faoi na treoirlínte nua, ní cheadófar ach trí chatagóir infheistíochtaí i bhfiontair mhóra - chun gníomhaíocht nua a chruthú sa réigiún (lena n-áirítear freisin bunú forais nua); le haghaidh táirgí nua; agus le haghaidh nuálaíochtaí próisis nua.
- Laghdaíodh leibhéal an chúnaimh do ghnólachtaí chomh maith.

Tá an reachtaíocht nua le teacht i bhfeidhm ón 1 Iúil 2014. Chun na críche sin, cuireadh de chúram ar Éirinn léarscáil amháin um chúnamh réigiúnach a fhorbairt a bheidh infheidhme ón dáta sin laistigh den chlúdach daonra uasta 51.28 faoin gcéad a leithdháileadh. D'oibrigh Forfás agus an grúpa idirghníomhaireachta chun forbairt léarscáil na hÉireann a threorú agus

chun an clúdach a uasmhéadú ó thaobh na forbartha fiontar. D'fhaomh an Coimisiún Eorpach togra na hÉireann ina dhiaidh sin.

## Polasaí Trádála

In 2013, lean Forfás ag treorú an chláir oibre don bheartas trádála trína ionchur chuig an athbhreithniú gearr, spriocdhírithe ar straitéis an Rialtais ar thrádáil, turasóireacht agus infheistíocht, *Trading and Investing in a Smart Economy: A Strategy and Action Plan for Irish Trade, Tourism and Investment to 2015*, mar a leagadh amach sa *Phlean Gníomhaíochta do Phoist 2013*. Bhí Forfás ina bhall den ghrúpa athbhreithnithe agus sholáthair sé bonn fianaise le haghaidh beartú tosaíochta na margaí ag tarraingt ar obair a rinneadh cheana ar mhargaí ard-fáis agus ar mhargaí atá ag teacht chun cinn. Leis an aicmiú sin laistigh den athbhreithniú, cuirtear ar chumas na hÉireann dearcadh straitéiseach a leagan amach maidir le trádáil, turasóireacht agus infheistíocht do mhargaí tosaíochta agus cur chuige uile-rialtais a ghlacadh, agus cothromaíocht á baint amach aici idir na tosaíochtaí atá ag earnálacha éagsúla. Aithnítear sa chur chuige gurb amhlaidh, cé go dtabharfar tosaíocht do mhargaí lárnacha na hÉireann go fóill sa ghearrthéarma, nach mór dúinn leanúint ar aghaidh ag tógáil ardáin geilleagracha, caidrimh agus comhpháirtíochtaí i margaí ard-fáis agus margaí atá ag teacht chun cinn, ar féidir linn rath a thógáil orthu sa todhchaí.

### Feidhmíocht um Thrádáil agus Infheistíocht

Tá Forfás ina chomhalta den Chomhairle Trádála Easpórtála, faoi chathaoirleacht an Tánaiste. Ar feadh na bliana 2013, rinne Forfás measúnú ar an dul chun cinn atá á dhéanamh maidir leis na spriocanna atá leagtha amach sa Straitéis ar Thrádáil, Turasóireacht agus Infheistíocht, ag baint leasa as staidreamh ar thrádáil agus ar infheistíocht na hÉireann agus as suirbhéanna Fhorfás ar mhaithe le tuiscint níos leithne a fháil ar an ról a imríonn fiontar i ndáil le seasamh domhanda na hÉireann a chur chun cinn ó thaobh trádála, turasóireachta agus infheistíochta. Cuireadh tuarascáil mhionsonraithe maidir le trádáil, turasóireacht agus infheistíocht faoi bhráid na Comhairle ag a cruinniú i mí na Samhna. Tríd is tríd, sonraíodh i dtuarascáil na bliana 2012 go ndearnadh dul chun cinn an-mhaith i gcomhréir leis na spriocanna agus go bhfuil dearcadh dearfach ann i leith thorthaí na bliana 2013.

## Cánachas

### Aighneacht Réamh-Bhuiséid 2014

San Aighneacht Réamh-Bhuiséid Comhghníomhaireachta 2014 ó Fhorfás, Fiontraíocht Éireann agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann, cuireadh comhairle ar fáil maidir leis na himpleachtaí ó thaobh na bhfiontar de a d'fhéadfadh a bheith ag réimse athruithe cánach a bhí beartaithe. Ba é cuspóir príomha na haighneachta ná a chinntiú go dtacóidh Buiséad 2014 le fiontair, go háirithe an cumas onnmhairithe atá ag gnólachtaí agus tarraingteacht na hÉireann mar láthair le haghaidh infheistíocht dhíreach eachtrach.

Leag Forfás síos roinnt prionsabal uileghabhálach chun an cur chuige maidir le Buiséad 2014 a threorú, lena n-áirítear:

- Tacú le córas cánach atá báúil don fhiontraíocht trí athshonrú a dhéanamh ar thiomantas na hÉireann maidir leis an gcóras cánach corparáide 12.5 faoin gcéad a choimeád, agus trí mhonatóireacht ar chora idirnáisiúnta cánach lena chinntiú go bhfanfaidh Éire ina láthair iomaíoch, inbhuanaithe chun gnó a dhéanamh ó thaobh na cánach.

- Cinnteacht, intuarthacht agus cobhsaíocht a sholáthar d'fhiontair le go mbeadh siad in ann pleanáil agus fás.
- An bonn ioncaim a leathnú ar bhealach lena n-íoslaghdófar an damáiste dár n-iomaíochas agus dár dtéarnamh geilleagrach.
- Na moltaí a cuireadh ar aghaidh, bhí siad dírithe ar bhearta atá lárnach don earnáil fiontraíochta a choimeád, go háirithe an córas cánach corparáide a choimeád, gan aon mhéadú eile a dhéanamh ar cháin saothair, agus a chur in iúl cén uair a bheidh sé indéanta na rátaí imeallacha a laghdú faoi bhun 50 faoin gcéad. Chomh maith leis sin, aithníodh roinnt réimsí ina bhfuil tuilleadh forbartha ag teastáil i dtreo is go mbeidh Éire in ann leanúint lena hearnáil dhúchasach a fhás agus dul in iomaíocht go hidirnáisiúnta le haghaidh tionscadail infheistíochta, go háirithe i réimse an taighde agus na forbartha, in eochairscileanna a mhealladh agus a choinneáil agus in infheistíocht i bhfiontair a spreagadh. Cuireadh raon moltaí i láthair i mBuiséad 2014 lena n-áirítear moltaí ar chreidmheas cánach T&F, Clár Faoisimh Sannaí Speisialta (SARP), Asbhaint um Thuilleamh Eachtrach (FED), agus dreasachtaí chun tacú le hoiliúint bhreise a chur orthu siúd i mbun oibre.

### Aighneacht T&F

Rinne Forfás agus na gníomhaireachtaí forbartha aighneacht chuig athbhreithniú na Roinne Airgeadais ar an gcreidmheas cánach T&F in 2014. Bhí na moltaí san aighneacht dírithe ar an gcreidmheasa cánach T&F a choimeád agus a fhorbairt a thuilleadh trí athruithe a dhéanamh ar dhearadh na scéime agus ar na critéir incháilitheachta, mar aon le hathruithe chun roinnt saincheisteanna riaracháin a shimpliú. Rinneadh roinnt moltaí a sheachadadh i mBuiséad 2104.

### Airgeadas: Rannpháirtíocht sa Ghrúpa Comhlachtaí Stáit[2]

Sa *Phlean Gníomhaíochta do Phoist 2013*, sainaithníodh go bhfuil sé ina uaillmhian shoiléir rochtain ar mhaoiniú a bheith ina gné lárnach de phleananna an Rialtais um théarnamh agus fhás. Idir ghníomhaíochtaí an Ghrúpa Chomhlachtaí Stáit um FBManna agus rannpháirtíocht ghníomhach na ngníomhaireachtaí agus na ranna ar an ngrúpa stiúrtha, táthar ag obair le chéile chun an sprioc sin a bhaint amach.

Le linn 2013, cuireadh roinnt tionscnamh i bhfeidhm i réimsí tábhachtacha, mar shampla: sainchúram na hOifige um Athbhreithniú Creidmheasa a leathnú; an chéad ghlaoch ar thograí faoin Scéim Caipitil Síl agus Fiontair 2013 – 2018 a eisiúint; rannpháirtíocht mhéadaithe leis an mBanc Eorpach Infheistíochta agus leis an gCiste Eorpach Infheistíochta; rannpháirtíocht an Stáit i gCistí Caipitil Forbartha nua do FBManna na hÉireann; scrúdú a dhéanamh ar conas is féidir tacú le cuideachtaí ó thaobh scálaithe trí mheán Tairiscint Phoiblí Thosaigh, as a d'eascair an cinneadh a bhí sa Bhuiséad an muirear dleachtanna stampa a bhaint de scaireanna arna liostú ar Mhargadh na nUrrús Fiontraíochta (ESM); agus trasuíomh na Treorach

2 Tá na Grúpa Comhlachtaí Stáit um FBManna faoi chathaoirleacht na Roinne Airgeadais agus tá sé comhdhéanta d'oifigigh shinsearacha ón Roinn Airgeadais, Roinn an Taoisigh, an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta, an Roinn Oideachais agus Scileanna, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus na Mara, Forfás, Fiontraíocht Éireann, an Cúlchiste Náisiúnta Pinsean, Banc Ceannais na hÉireann, an Oifig um Athbhreithniú Creidmheasa agus Fáilte Éireann.

um Íocaíochtaí Déanacha. Bhí ról gníomhach ag Forfás maidir le raon tionscnamh a chur chun cinn – go háirithe, an t-athbhreithniú ar an scéim ráthaíochta iasachta.


# Eolas agus Nuálaíocht

## Suirbhéanna T&F

### Caiteachas Stáit ar T&F


Cuireann Forfás fardal bliantúil d'infheistíocht uile an Stáit in T&F i dtoll a chéile, ina n-áirítear T&F maoinithe go díreach ag an Rialtas, mar aon leis an gcaiteachas ar fad ar T&F curtha i gcrích ag Ranna agus Gníomhaireachtaí Rialtais. Tá eolas maidir le Leithreasuithe agus Eisíocaíochtaí Iomlána Bhuiséad an Rialtais ar Thaighde agus Forbairt (GBAORD) léirithe i bhFigiúr 5 anseo thíos don tréimhse 2003-2012.

**Figiúr 5: Treocht GBAORD (€m.) agus GBAORD mar chéatadán de OTN (2003-2012)**




- Thit na leibhéil chaiteachais fhoriomlána ó bhuaicleibhéal €938 milliún in 2008 go dtí €760 milliún in 2012 (-19 faoin gcéad).
- Meastar gur méadaíodh maoiniú díreach ón Rialtas do thaighde in 2013 go dtí €773 milliún.
- Táthar ag súil go bhfanfaidh leibhéal déine na hinfheistíochta ag 0.57 faoin gcéad de OTN in 2013, comhsheasmhach le figiúr táirgeachta 2012.

**Figiúr 6: Treocht GOVERD (€m) (praghsanna reatha) agus mar chéatadán de OTN, 2004-2013**





Tá léargas ar an treocht 10 mbliana do Chaiteachas Rialtais ar T&F (GOVERD), T&F atá á chur i gcrích ag ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais laistigh den earnáil Stáit, i bhFigiúr 6 agus léirítear ann:

- An laghdú sa chaiteachas ar T&F san earnáil Stáit ó bhuaic de €138 milliún in 2004 go dtí leithdháileadh €98 milliún in 2013 (-29 faoin gcéad).
- Léiríonn GOVERD mar chéatadán de OTN sa tréimhse deich mbliana idir 2004 agus 2013 laghdú ó 0.11 faoin gcéad in 2004 go dtí 0.07 faoin gcéad in 2012/13.

## Caiteachas Gnó ar Thaighde agus ar Fhorbairt (CGTF)

**Figiúr 7: Caiteachas Gnó ar Thaighde & ar Fhorbairt (CGTF), 2003-2012[3]**





Foinse: Banc Sonraí CSO, suirbhéanna CGTF 2003 agus 2005 de chuid Forfás

- Déanann Forfás agus an Phríomh-Oifig Staidrimh suirbhé débhliantúil i gcomhpháirt lena chéile ar chaiteachas T&F san earnáil ghnó (CGTF).
- Mhéadaigh CGTF faoi 68 faoin gcéad ó €1.1 billiún in 2003 go dtí €1.86 billiún in 2011
- Chaith fiontair in Éirinn €1.86 billiún ar thaighde agus ar fhorbairt inmheánach in 2011 agus meastar gur caitheadh €1.96 billiún in 2012, méadú 5.5 faoin gcéad.
- Mhéadaigh ráta déine CGTF (CGTF mar chéatadán de OTN) ó 0.93% in 2003 go dtí thart ar 1.47% in 2012. Níor tháinig aon athrú ar CGTF iomlán idir 2009 agus 2011, rud a chiallaíonn gur eascair an déine mhéadaithe as laghdú in OTN.

---

[3] Is ó 2005 anonn a rinneadh athruithe modheolaíocha ar shuirbhé CGTF. Tá úsáid bainte as líne bhréifneach chun léargas a thabhairt ar na torthaí a d'eascair as an dá chur chuige modheolaíocha i dtaca leis an suirbhé.

**Figiúr 8: Pearsanra taighde de réir gairme san earnáil ghnó (líon daoine), 2003-2011[4]**




Foinse: Banc Sonraí CSO, suirbhéanna CGTF 2003 agus 2005 de chuid Forfás

- Mhéadaigh pearsanra T&F san earnáil ghnó 58 faoin gcéad ó 12,034 in 2003 go dtí 19,068 in 2011.
- Mhéadaigh an líon taighdeoirí a bhfuil cáilíocht PhD bainte amach acu sa earnáil ghnó faoi thrí, ó 467 in 2003 go dtí 1,551 in 2011.
- Mhéadaigh an líon taighdeoirí eile ó 6,140 go 9,067, méadú 48 faoin gcéad idir 2003 agus 2011.
- Mhéadaigh an líon teicneoirí taighde fostaithe 60 faoin gcéad ó 2,799 go 4,479 idir 2003 agus 2011.
- Mhéadaigh an líon foirne tacaíochta T&F faoi 51 faoin gcéad ó 2,627 go 3,971 idir 2003 agus 2011.

## Beartú Tosaíochta Taighde

I rith 2013, lean Forfás i gcomhar le RPFN le tacaíocht theicniúil agus tacaíocht beartais a sholáthar don Ghrúpa Gníomhaíochta um Beartú Tosaíochta (PAG) agus clár oibre an Ghrúpa a bhainistiú.

Is é PAG an príomhfhóram atá ann chun maoiniú poiblí ar thaighde a chomhordú. Tá PAG freagrach ach go háirithe cur chun cinn agus monatóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme *Thuarascáil an Ghrúpa Stiúrtha um Beartú Tosaíochta Taighde [Report of the Research*

[4] Is ó 2005 anonn a rinneadh athruithe modheolaíocha ar shuirbhé CGTF. Tá úsáid bainte as líne bhréifneach chun léargas a thabhairt ar na torthaí a d'eascair as an dá chur chuige modheolaíocha i dtaca leis an suirbhé.

*Prioritisation Steering Group]*, a bhfuil sé mar aidhm léi dlús a chur faoi sheachadadh torthaí geilleagracha ó infheistíocht Rialtais in eagraíochtaí taighde poiblí trí infheistíocht phoiblí ó mhaoinitheoirí taighde amach anseo a ailíniú le 14 Réimse Tosaíochta. Cuimsíonn an grúpa oifigigh shinsearacha ó 11 gníomhaireacht stáit agus naoi roinn Rialtais, agus is é an tAire Taighde agus Nuálaíochta, Sean Sherlock, T.D., atá ina chathaoirleach air.

Mar fhreagairt ar mholadh sistéamach a rinneadh i *dTuarascáil an Ghrúpa Stiúrtha um Beartú Tosaíochta Taighde [Report of the Research Prioritisation Steering Group]*, d'fhorbair Forfás creat méadrachtaí agus spriocanna d'infheistíocht STI i gcomhar le comhaltaí PAG. Ar an gcéad dul síos, déanfaidh an Creat monatóireacht ar thionchar na hinfheistíochta STI poiblí i gcoitinne, agus ar an dara dul síos, déanfar monatóireacht ar thionchar chur chun feidhme um beartú tosaíochta taighde sa 14 Réimse Tosaíochta. Cuimsíonn an Creat trí leibhéal spriocanna: Spriocanna Náisiúnta Uileghabhálacha; Spriocanna ar leibhéal Rannach/Gníomhaireachta; agus Spriocanna Réimsí Tosaíochta. Tá na spriocanna á dtacú ag raon leathan de 79 méadracht mhonatóireachta a chlúdaíonn an timpeallacht tacaíochta fiontraíochta, lena n-áirítear ionchuir, aschuir agus torthaí. Ghlac an Rialtas leis an gCreat i mí an Mheithimh 2013.



**An tAire Sean Sherlock, TD, Cathaoirleach an Ghrúpa Gníomhaíochta um Beartú Tosaiochta**

Is é an Grúpa Gníomhaíochta um Beartú Tosaíochta an príomhfhóram i leith comhordú an mhaoinithe poiblí ar thaighde agus is é an tAire Taighde agus Nuálaíochta, Sean Sherlock, TD, cathaoirleach an ghrúpa

Chomh maith leis sin, tá glactha ag an Rialtas le Pleananna Gníomhaíochta aonair i leith gach ceann den 14 Réimse Tosaíochta. Cuimsíonn na Pleananna sraith chuimsitheach gníomhaíochtaí atá le cur i gcrích ag ranna agus gníomhaireachtaí maoinithe le formhór den mhaoiniú poiblí taighde iomaíoch a ath-ailíniú thart ar na réimsí tosaíochta i gcaitheamh na cúig bliana le teacht.

D'fhorbair Forfás modheolaíocht chun monatóireacht ráithiúil a dhéanamh ar chur chun feidhme na bPleananna Gníomhaíochta, a thionscain an Grúpa Gníomhaíochta um Beartú Tosaíochta. Chonacthas dul chun cinn maith i ndáil leis an 14 Plean le breis is 90 faoin gcéad den 150 gníomhaíocht a bhfuil garspriocanna acu chomh fada le deireadh 2013, curtha i gcrích nó dul chun cinn suntasach déanta i ndáil lena gcur chun feidhme.

Ceann de na príomhchéimeanna a bhaineann le cur chun feidhme um Beartú Tosaíochta Taighde is ea eolas a fháil maidir leis an mbealach is fearr a d'fhéadfadh an córas taighde phoiblí tacú ar bhonn níos fearr le riachtanais taighde na fiontraíochta. Chuige seo, thionóil

Forfás sraith sé cheardlann i bhfómhar 2013 chun an chomhroinnt faisnéise a éascú idir gníomhaireachtaí maoinithe taighde ranna Rialtais ar riachtanais taighde na fiontraíochta laistigh de réimsí earnála ginearálta: Bia; Fuinneamh; TFC; Déantúsaíocht; Sláinte; agus Seirbhísí. Meicníocht éifeachtach ba ea na ceardlanna seo chun faisnéis a bhailiú thar ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais. Beidh an fhaisnéis a bailíodh mar bhonn leis na cláir a bheidh á ndearadh ag maoinitheoirí taighde amach anseo.

Beartú Tosaíochta Taighde Creat do Mhonatóireacht Infheistíocht Phoiblí san Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht agus 14 Plean Gníomhaíochta *[Research Prioritisation: Framework for Monitoring Public Investment in Science, Technology and Innovation and 14 Action Plans]*

Tuarascáil an Ghrúpa Stiúrtha um Beartú Tosaíochta *[Report of the Research Prioritisation Steering Group]*

## Athbhreithniú Straitéiseach ar Fheidhmíocht Taighde, Forbartha agus Nuálaíochta in Éirinn

I rith 2013, reáchtáil Forfás athbhreithniú straitéiseach ar fheidhmiú reatha an chórais STI i gcomparáid leis an bhfís agus leis na cuspóirí a sonraíodh sa Straitéis Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta (SSTI) 2006-2013.

Is fianaise ar an tábhacht atá leagtha ag an Rialtas ar infheistíocht in eolaíocht, teicneolaíocht agus nuálaíocht ar mhaithe le forbairt leanúnach gheilleagrach agus shóisialta na hÉireann iad na leithdháiltí suntasacha atá curtha ar fáil don infheistíocht san eolaíocht, teicneolaíocht agus nuálaíocht sa Phlean Forbartha Náisiúnta reatha agus sna pleananna a bhí ann roimhe seo, agus trí mheán SSTI agus Cláir an Rialtais.

Léirigh athbhreithniú Fhorfás go bhfuil céimeanna suntasacha curtha i gcrích ar mhaithe le timpeallacht láidir taighde phoiblí a bhunú bunaithe ar sármhaitheas eolaíoch a fhorbairt i roinnt réimsí straitéiseacha, i go leor cásanna ag comhlíonadh spriocanna SSTI i leith méaduithe ar spriocanna taighdeoirí. Chomh maith leis sin, d'fheabhsaigh Éire a rangú ar Scórchlár Feidhmíochta um Nuálaíocht an Aontais Eorpaigh in 2014.

Tá an nuálaíocht ríthábhachtach ionas go mbeadh gnólachtaí Éireannacha rathúil i margaí domhanda, agus ríthábhachtach freisin chun infheistíocht ardleibhéil a mhealladh ó ilnáisiúntaigh eachtracha, a bhfuil a bhformhór nuálach go maith ó thaobh na teicneolaíochta de. Léirigh athbhreithniú Fhorfás go raibh dul chun cinn déanta freisin maidir le neartú acmhainn agus feidhmíocht taighde na hearnála fiontraíochta, á thaispeáint ag solúbthacht na bhfiontar dian ar thaighde agus nuálaíocht ó thráth an choir chun donais domhanda in 2008.

Tá fianaise freisin go bhfuil torthaí ag eascairt as infheistíocht na hÉireann in TFN leis an bhfíric go bhfuil an líon gnólachtaí feidhmiúla TFN agus scála a n-iarrachtaí TFN ag dul i méid. Mhéadaigh Caiteachas Gnó ar Thaighde agus ar Fhorbairt (CGTF) in Éirinn ó 0.77 faoin gcéad de OTI in 2001 go dtí 1.2 faoin gcéad in 2012. Ní mór tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh, áfach. Léiríonn sonraí ECFE meán-chaiteachas T&F an AE don bhliain 2012 cothrom le 1.98 faoin gcéad d'Olltáirgeacht Intíre (OTI). Lena chois sin, tá formhór na n-easpórtálacha ó fhiontair dhúchasacha fós ag teacht ó earnálacha ísealdéine T&F agus earnálacha gníomhacha neamh-T&F.

Is é Beartú Tosaíochta Taighde an príomhchreat atá ann anois do mhaoiniú poiblí TFN, i dtacú le sprioc an Rialtais torthaí geilleagracha agus sochaíocha ó infheistíocht phoiblí i dtaighde a

uasmhéadú. Tá dlús anois faoin gcur chun feidhme um beartú tosaíochta taighde; in 2013 mar shampla, bhí 94 faoin gcéad de na dámhachtainí ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI) ailínithe le réimsí tosaíochta.

Tá sprioc beartais an SSTI i leith cur le taighde teicneolaíoch agus feidhmeach agus acmhainn forbartha i ngnólachtaí d'fhonn tacú le táirgí agus seirbhísí ardluacha thar an mbonn fiontraíochta trí chéile fós bailí. In earnálacha inar tharla sé seo, d'feidhmigh na hearnálacha seo go maith agus d'fhás siad fiú i rith an chúlaithe eacnamaíochta.

In 2014, tabharfaidh Forfás faoi obair chun idirghabhálacha beartais a bharrfheabhsú le feidhmíocht agus tionchair TF&N na fiontraíochta in Éirinn a neartú a thuilleadh.

## Tacaíochtaí Taighde, Forbartha agus Nuálaíochta (TFN) le haghaidh Nuálaíochta i Seirbhísí agus i bPróisis Ghnó

Tá nuálaíocht i seirbhísí agus i bpróisis ghnó aitheanta mar phríomhthosaíocht do thacaíocht TFN in Éirinn faoi Thuarascáil an Ghrúpa Stiúrtha um Beartú Tosaíochta Taighde *[the Report of the Research Prioritisation Steering Group]*. Murab ionann agus na Réimsí Tosaíochta eile aitheanta, is réimse nua é agus níl an fhorbairt chéanna déanta ar an éiceachóras le tacú leis. D'iarr an Grúpa Gníomhaíochta um Beartú Tosaíochta (PAG) ar Fhorfás staidéar a dhéanamh le léargas níos soiléire a fhorbairt ar na bearta de dhíth chun dlús a chur faoin réimse deise seo in Éirinn.

Tá níos mó béime á leagan sa chomhthéacs idirnáisiúnta ar nuálaíocht i seirbhísí agus i bpróisis ghnó mar chomhchuid ríthábhachtach de gheilleagair forbartha, lena n-áirítear seirbhísí poiblí agus príobháideacha. Is gné thábhachtach de gach earnáil den gheilleagar anois iad seirbhísí, mar is léir i bhfianaise na dtreochtaí atá ann i leith tairbhe a bhaint as samhlacha gnó idirlín á spreagadh ag seirbhísí, agus seirbhísiú – comhchuid seirbhíse a sheachadadh mar bhreisluach – san earnáil déantúsaíochta. Ina theannta sin, is fearr a thuigeann lucht déanta beartas gur fianaise iad beartais agus tacaíochtaí reatha TFN ar ailíniú teoranta leis na tréithe agus na deiseanna atá á soláthar ag seirbhísí.

San áireamh i staidéar Fhorfás tá athbhreithniú ar chur chuige tacaíochta TFN poiblí agus ar chleachtais don nuálaíocht i seirbhísí agus i bpróisis ghnó, staidéar a théann go mór i muinín cleachtais chomparáideacha idirnáisiúnta i mbearta tacaíochta TFN poiblí, seasamh reatha a leithéid de thacaíochtaí in Éirinn, agus riachtanais ghnóthaí sa réimse seo.

Tarraingítear aird sa staidéar ar an bpointe nach ann do dhea-chleachtas oiriúnach amháin ar féidir le hÉire é a leanúint agus go dteastaíonn cur chuige tír-sonrach, agus cuntas a dhéanamh de thacaíochtaí reatha TFN agus riachtanais chuideachtaí agus cur le cur chuige comhtháite punainne lena n-áirítear TFN gnó agus feidhmeach; cláir thaighde; braislí/líonraí; agus tacaíochtaí beartais agus straitéise.

Aithníodh na sé príomhdhúshlán seo a leanas:

- Timpeallacht thacúil a sholáthar don nuálaíocht i seirbhísí agus i bpróisis ghnó (ISBP);
- Feasacht agus tuiscint ar ISBP a chur chun cinn;
- An bonn taighde ábhartha do ISBP a neartú;
- Tacú le ISBP i bhfiontar trí bhéim láidir a leagan ar an úsáideoir deiridh;
- Cur chuige ildisciplíneach a spreagadh chun tionscadail mhóra ISBP a bhunú; agus

- Meicníocht thacúil measúnaithe a bhunú trí mheascán cuí méadrachtaí traidisiúnta agus méadrachtaí nach bhfuil chomh traidisiúnta céanna a bhunú.

Tá treochlár mionsonraithe agus gníomhaíochtaí gaolmhara forbartha le dul i ngleic leis na dúshláin seo. Tá cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí á gcur chun cinn anois tríd an PAG.

## Straitéis Náisiúnta na hÉireann um Speisialú Cliste - forbairt agus cur chun feidhme an Chleachtaidh Náisiúnta um Beartú Tosaíochta Taighde

I rith R4 2013, ar iarratas RPFN, d'ullmhaigh Forfás doiciméad do Choimisiún an AE inar tugadh léargas ar an ailíniú um fhorbairt agus cur chun feidhme an Chleachtaidh Náisiúnta um Beartú Tosaíochta Taighde leis an gcoinníollacht ex-ante le haghaidh straitéis um speisialú cliste do thaighde agus nuálaíocht.

De réir an Choimisiúin Eorpaigh, ciallaíonn straitéis um speisialú cliste do thaighde agus nuálaíocht go bhfuil na straitéisí náisiúnta nó réigiúnacha taighde agus nuálaíochta a shocraíonn tosaíochtaí d'fhonn dlús a chur faoi bhuntáiste iomaíoch trína láidreachtaí taighde agus nuálaíochta féin a fhorbairt agus a mheaitseáil le riachtanais ghnó chun dul i ngleic le deiseanna nua agus forbairtí margaidh ar bhealach comhtháite, agus go mbíonn dúbailt agus ilroinnt iarrachtaí á seachaint, straitéisí a d'fhéadfadh a bheith i bhfoirm nó a d'fhéadfadh a bheith san áireamh i gcreat beartais straitéiseach náisiúnta nó réigiúnach taighde agus nuálaíochta.

Is ionann straitéis um speisialú cliste agus coinníollacht ex-ante chun tacaíocht airgeadais a fháil ón AE amach anseo trí na Cistí Struchtúracha don taighde agus nuálaíocht. Baineann an choinníollacht seo go sonrach le dhá cheann d'aon chuspóir téamach déag de Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE):

- Taighde, forbairt theicneolaíoch agus nuálaíocht a neartú (sprioc T&F),
- Rochtain ar agus úsáid TFC ar ardchaighdeán a fheabhsú (sprioc TFC).

Tá tuiscint mhaith in Éirinn ar an ngá atá le tosaíocht a thabhairt d'infheistíocht taighde phoiblí i líon beag réimsí leis an tionchar geilleagrach is mó ag baint leo. Chuir Rialtas na hÉireann Cleachtadh Náisiúnta um Beartú Tosaíochta Taighde i gcrích idir 2010 - 2012 (NRPE). Tá sé mar aidhm le Tuarascáil an Ghrúpa Stiúrtha um Beartú Tosaíochta Taighde *[the Report of the Research Prioritisation Steering Group]*, tuarascáil ar ghlac an Rialtas léi go foirmiúil in 2012 agus atá á cur chun feidhme ag an nGrúpa Gníomhaíochta um Beartú Tosaíochta, dlús a chur faoi sheachadadh torthaí geilleagracha ó infheistíocht Rialtais in eagraíochtaí taighde poiblí trí infheistíocht phoiblí a thiocfaidh ó mhaoinitheoirí taighde amach anseo a ailíniú le 14 réimse tosaíochta.

Tá roghanna cliste mar bhonn le beartú tosaíochta agus speisialú cliste. Baineann sé leis na tosaíochtaí cearta a roghnú agus acmhainní a ailíniú i dtreo na hinfheistíochtaí sin a bhféadfadh an tionchar is mó ar an ngeilleagar náisiúnta/réigiúnach a bheith acu.

Tá cur chun feidhme an NRPE ar phríomhfhócas le straitéis náisiúnta nuálaíochta na hÉireann. Bhunaigh an NRPE tosaíochtaí chun dlús a chur faoi bhuntáiste iomaíoch trí láidreachtaí taighde agus nuálaíochta a fhorbairt agus a mheaitseáil le riachtanais ghnó i bhfianaise deiseanna nua agus forbairtí margaidh a bheith tugtha faoi deara. Trína chur chun feidhme, tá comhtháiteacht le sonrú i maoiniú agus i bhfeidhmiú taighde sna réimsí tosaíochta. Le cois iarrachtaí leanúnacha ar thaighde poiblí a ailíniú le riachtanais an tionscail, trí phleananna

gníomhaíochta mionsonraithe, tá an t-éiceachóras agus creat beartais ghinearálta á ailíniú mórthimpeall ar réimsí tosaíochta chomh maith. Tá impleachtaí ag go leor gníomhaíochtaí ar eagraíochtaí nach bhfuil baint dhíreach acu le taighde ach atá fíorthábhachtach chomh fada is a bhaineann leis an éiceachóras nuálaíochta do réimse tosaíochta ar leith, lena n-áirítear comhlachtaí rialála, s.rl. Chomh maith leis sin, beidh an straitéis náisiúnta seo mar bhonn le forbairt agus le cur chun feidhme straitéisí nuálaíochta réigiúnacha agus cláir oibriúcháin atá ailínithe le straitéis 2020 an AE.


## Nuálaíocht i nGnólachtaí Ard-Fáis in Éirinn

In 2013 thug Forfás faoi staidéar ar nuálaíocht i ngnólachtaí ard-fáis (HGFanna) á dtacú ag gníomhaireachtaí. Eascraíonn an spéis seo in HGFanna as taighde idirnáisiúnta ar dhinimic gnólachta, taighde as a d'eascair an pointe seo a leanas: ní hamháin go mbaineann suntas le teacht agus imeacht gnólachtaí, ach chomh maith céanna le cohórt gnólachtaí eisceachtúla, HGFanna. Cuireadh in iúl go raibh ráta 20 faoin gcéad d'fhás bliantúlaithe á bhaint amach ag na HGFanna seo thar thréimhse trí bliana agus tá go leor airde idirnáisiúnta á tarraingt orthu mar go bhfuil siad ag cur ar bhealach díréireach le cruthú post agus saibhris.

Is beag taighde atá déanta, áfach, ar fheidhmiú HGFanna in Éirinn go dtí seo agus ba í an aidhm a bhí leis an staidéar seo é sin a chur ina cheart. Bhí an taighde dírithe ar eolas a thabhairt i leith an daonra HGF á thacú ag gníomhaireachtaí in Éirinn d'fhonn cur ar chumas na hÉireann a gníomhaíocht HGF á thacú ag gníomhaireachtaí a chur i gcomhthéacs idirnáisiúnta. Chomh maith leis sin, bhí sé mar aidhm leis an staidéar eolas a thabhairt maidir leis an tslí a bhféadfaí tacú le HGFanna agus HGFanna poitéinsiúla a fheabhsú trí thairbhe a bhaint as meascán de bheartas nuálaíochta in Éirinn. Tá an bhéim seo ar nuálaíocht ag teacht leis an tráchtaireacht atá déanta ina bhfuil aird tarraingthe ar nuálaíocht mar phríomhthiománaí rátaí arda fáis i ngeilleagair atá ag feidhmiú ag teorainn na teicneolaíochta.

D'aimsigh taighde Fhorfás i measc na ngnólachtaí á dtacú ag gníomhaireachtaí, gur cion bheag (idir 4.5 agus 6.3 faoin gcéad) de ghnólachtaí iad HGFanna, mar sin féin, níorbh ionann na HGFanna seo ach idir 33 faoin gcéad agus 45 faoin gcéad de phoist nua a cruthaíodh sa tréimhse idir 2002-2011. Léirítear an gaol seo a tuilleadh i bhFigiúr 9. Tá feidhmíocht na HGFanna á dtacú ag gníomhaireachtaí in Éirinn ag teacht le noirm idirnáisiúnta: ar fud náisiúin ECFE, is gnách gurb ionann HGFanna agus idir 3 faoin gcéad - 10 faoin gcéad de stoc gnólachtaí i ngeilleagar nó earnáil.

Figiúr 9: Cion agus Tionchar Fostaíochta HGFanna arna dtacú ag gníomhaireachtaí in Éirinn, 2002-2011




Lena chois sin, is ionann an taighde agus fianaise go bhfuil tréithe méid, aoise agus earnála chohórt na HGFanna á dtacú ag gníomhaireachtaí in Éirinn mórán mar an gcéanna leis na tréithe atá tuairiscithe maidir le cohóirt HGFanna i ndlínsí eile. Tá HGFanna á dtacú ag gníomhaireachtaí in Éirinn le fáil i measc gnólachtaí éagsúla, idir bheag agus mhór (cé gur dócha gur gnólachtaí beaga seachas a mhalairt atá i gceist), i ngach earnáil, nua-bhunaithe agus seanbhunaithe, ní gnólachtaí nuathionscanta amháin.

Bunaithe ar chúrsaí nuálaíochta, fianaise ba ea an taighde nach ann do mhúnla caighdeánach nuálaíochta HGF atá éagsúil le múnlaí neamh-HGFanna. Ach, le linn iarracht a bheith ar bun na fachtóirí sonracha a bhaineann le HGF nuálaíocht-bhunaithe a aithint, tá an chuma ar an scéal nach mbaineann suntas ar leith leis na tréithe seo a leanas de ghnólachtaí chomh fada is a bhaineann le hardrátaí fáis a chinntiú:

- Nuálaíocht fhorleatach, curtha chun feidhme trí ghnáthoibriúcháin (.i. tá an chuma ar an scéal gur gné shuntasach í an nuálaíocht);
- Ardleibhéal fiontraíochta i measc na foirne bainistíochta, agus i measc na n-oibrithe trí chéile, a chiallóidh go mbeifear in acmhainn deiseanna a aithint agus freagairt do na deiseanna sin;
- An cumas acmhainní a mheas lena n-áirítear foinsí traidisiúnta airgeadais agus bearta nua cosúil le comhpháirtíochtaí um riosca-comhroinnte; agus
- Seasamh i margadh ar féidir leis déileáil le rátaí ard-fáis (.i. margadh atá ag fás, nó margadh athraitheach).

D'eascair roinnt conclúidí as an staidéar seo arb ionann iad agus na chéad píosaí eolais maidir le HGFanna in Éirinn lena n-áirítear:

- Ba cheart go mbeadh aird chuí beartais agus próifíle ar HGFanna nuálaíocht-dírithe;

- Ní mór meicníochtaí nua a iniúchadh d'fhonn díriú ar HGFanna poitéinsiúla agus reatha nuálaíocht-dírithe, agus léargas níos fearr a thabhairt ar an stoc HGFanna in Éirinn;
- Ní mór go mbeadh nuálaíocht fréamhaithe agus forbartha i ngnólachtaí mianaidhme fáis d'fhonn tacú le caighdeán HGFanna poitéinsiúla agus tacú le HGFanna iarbhír forbairt go hinbhuanaithe;
- Tharraing athbhreithniú idirnáisiúnta ar thacaíochtaí do HGFanna aird ar sholáthar sain-oiliúnaithe mar thacaíocht phoitéinsiúil do HGFanna in Éirinn;
- D'fhéadfaí caighdeán na píblíne do HGFanna nuálaíocht-dírithe a fheabhsú trí thairbhe a bhaint as deiseanna a spreagann agus a thacaíonn leis na réimsí seo a leanas:
  - Mac-chuideachtaí ó ghnóthaí bunaithe;
  - Gnólachtaí nuathionscanta i measc gairmithe le taithí; agus
  - Fiontraíocht shrathach.

An bonn gnólachtaí níos leithne a spreagadh chun aithris a dhéanamh ar na HGFanna nuálaíocht-dírithe is coitianta, ar chóir go dtacódh sé le forbairt HGFanna nuálaíocht-dírithe ar chaighdeán níos airde amach anseo mar aon le fás agus iomaíochas feabhsaithe i measc gnólachtaí go ginearálta sa daonra gnólachtaí trí chéile. Chuige seo, tarraingíodh aird ar roinnt réimsí sonracha a bhféadfadh an Stát tacú leo, lena n-áirítear:

- Nuálaíocht a fhréamhú ag leibhéal gnólachta trí scileanna feabhsaithe an lucht saothair i réimse na nuálaíochta, lena n-áirítear cruthaitheacht, scanadh ionchais, agus fiontraíocht;
- Tacú le nuálaíocht i seirbhísí agus i bpróisis ghnó;
- Acmhainní in eolas institiúideach in eagraíochtaí taighde phoiblí a úsáid chun gnóthaí nua a chruthú, nó iomaíochas na ngnóthaí reatha a fheabhsú;
- Iompraíocht líonra a spreagadh agus a éascú agus béim a leagan ar naisc tháirgiúla idir-ghnólachta agus idir gnólachtaí agus ollscoileanna; agus
- Tacú le tráchtálú taighde agus níos mó béime a leagan ar thacú le hacmhainn bainistíochta IP agus gníomhaíochtaí ag leibhéal gnólachta.

## Beartas Taighde agus Nuálaíochta Idirnáisiúnta

Glacann Forfás páirt i bhfóraim ardleibhéil idirnáisiúnta um thaighde agus beartas nuálaíochta d'fhonn a chinntiú go bhfuil tuairimí phobal na hÉireann á gcur san áireamh thar ceann na Roinne Post, Fiontar agus Nuálaíochta. I measc na bhfóram seo áiritear an ECFE agus tionscnamh na nGeilleagar Beag Forbartha.

### An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE)

Déanann an ECFE comhar idirnáisiúnta agus comhordú beartais a chur chun cinn i réimsí de bheartas STI ar leibhéil domhanda idir os cionn 30 tír lena n-áirítear na Stáit Aontaithe, ballstáit an AE agus an tSeapáin agus an Chóiré. De réir a chéile, tá geilleagair éiritheacha, lena n-áirítear an tSín, ag éirí níos gníomhaí ina ról mar stáit bhreathnóireachta.

Rannpháirtí gníomhach ba ea Forfás i Suirbhé Eacnamaíochta na hÉireann 2013, staidéar a chuir an ECFE i gcrích i rith na bliana agus a foilsíodh i Meán Fómhair 2013. Bhí béim ar leith sa suirbhé ar nuálaíocht.

I rith 2013, ghlac Forfás páirt i roinnt coistí ECFE agus grúpaí oibre nuálaíochta, lena n-áirítear an Coiste ar Bheartas Eolaíoch agus Teicneolaíoch (CSTP) agus an Mheitheal Oibre ar Bheartas Nuálaíochta agus Teicneolaíochta (TIP). Cuireann rannpháirtíocht Fhorfás leis na coistí ECFE seo ar a chumas comhairle beartais a fhorbairt atá bunaithe ar na forbairtí is déanaí i gceapadh idirnáisiúnta beartais agus is ionann é freisin agus dearcadh idirnáisiúnta dár staidéir bheartais.

I measc na saincheisteanna ábhartha d'Éirinn a pléadh ag an CSTP agus TIP i rith 2013 bhí impleacht gheilleagrach infheistíocht phoiblí i TF&N a mheas, comhpháirtíochtaí straitéiseacha poiblí-príobháideacha don nuálaíocht agus beartais nuálaíochta a úsáid le déileáil le dúshláin shochaíocha.

### Tionscnamh na nGeilleagar Beag Sárfhorbartha

Is tionscnamh nua é seo atá bunaithe agus á chomhordú ag Príomhchomhairleoir Eolaíochta na Nua-Shéalainne i gcomhpháirt le cúig gheilleagar beag forbartha eile - an Danmhairg, an Fhionlainn, Iosrael, Singeapór agus Éire. Is é an cuspóir atá leis an tionscnamh ná a chur ar chumas tíortha beaga atá ar cóimhéad agus cothrom ó thaobh forbairt gheilleagrach de sonraí agus mionsonraí beartais maidir le taighde agus nuálaíocht agus saincheisteanna geilleagracha níos ginearálta a chomhroinnt ar mhaithe le tairbhe na bpáirtithe ar fad. Is rannpháirtí gníomhach sa tsraith taighde agus nuálaíochta é Forfás.

I rith na bliana, ghlac Forfás páirt in ullmhú na sonraí agus na méadrachtaí nuálaíochta agus an páipéar faoi thagarmharcáil méadrachtaí, páipéar a bhí mar bhonn le cruinniú spriocdhírithe dhá lá a reáchtáladh i mBaile Átha Cliath i nDeireadh Fómhair. Ag an gcruinniú seo aithníodh roinnt príomh-shaincheisteanna nach mór a fhorbairt mar chuid de shraith taighde agus nuálaíochta an tionscnaimh, saincheisteanna a dhaingnigh an grúpa tíortha iomlán ag a chruinniú iomlánach a reáchtáladh i gCóbanhávan i mí na Samhna. I measc na bpríomh-shaincheisteanna tá beartú tosaíochta taighde, tionchar taighde agus sonraí taighde foilsithe a úsáid do thagarmharcáil náisiúnta agus idir-tíortha.

# Iomaíochas

## Rialáil Earnála agus Iomaíochas Costais

Tá ról lárnach ag rialúchán déanta ag an Stát nó thar ceann an Stáit i gcinntiú go bhfuil gníomhaíocht gheilleagrach gníomhaithe geilleagracha aonair comhsheasmhach leis na cuspóirí ginearálta náisiúnta, lena n-áirítear cosaint tomhaltóirí, cáilíocht chomhshaoil, soláthar seirbhísí riachtanacha, iomaíocht, agus sláinte agus sábháilteacht.

Foilsíodh Ráiteas Beartais an Rialtais ar Rialáil Geilleagrach i mí Iúil 2013. Is é atá mar aidhm leis an Ráiteas seo, atá bunaithe ar staidéar Fhorfás *(Sectoral Regulation Study to Identify Changes to Sectoral Regulation to Enhance Cost Competitiveness)*, comhthéacs beartais agus straitéiseach níos soiléire a sholáthar inar féidir le ranna earnála treo beartais a bhunú agus a chur in iúl, i reachtaíocht, agus ag an am céanna deis a thabhairt do rialtóirí geilleagracha a gcuid dualgas a chur i gcrích go neamhspleách.

Mar chuid den Phlean Gníomhaíochta do Phoist, thug Forfás faoi staidéar ar Rialáil Earnála chun aird a tharraingt ar athruithe in oibriú rialtóirí earnála a chuirfeadh le hiomaíochas costais. Ar na hearnálacha a ndearnadh scrúdú orthu sa tuarascáil bhí fuinneamh, teileachumarsáid, iompar, dramhaíl agus uisce. Chomh maith leis sin, rinneadh measúnú sa tuarascáil ar fheidhmíocht costais sna hearnálacha seo i gcoibhneas lenár bpríomhthíorthaí iomaitheora agus na tionscnóirí costas, go háirithe na tionscnóirí sin atá laistigh agus lasmuigh dár rialú i ngach earnáil a ndearnadh staidéar uirthi.

D'aimsigh an staidéar, i go leor cásanna, go bhfuil tionchar i bhfad níos suntasaí ag gníomhaíochtaí beartais ar iomaíochas costais ná mar atá ag athruithe rialála. Tá roinnt réimsí, áfach, a mbeadh tionchar dáiríre agus dearfach ag athruithe ar fheidhmiú na rialtóirí earnála ar iomaíochas costais. Baineann na hathruithe seo leis an mbéim ar shainorduithe rialála, leibhéal agus leordhóthanacht acmhainní, cumhachtaí forfheidhmithe agus smachtbhannaí atá ar fáil do na rialtóirí, agus éifeachtúlacht an phróisis achomhairc.

Rialáil Earnála agus Iomaíochas Costais

## Feidhmíocht Iomaíochais na hÉireann 2013

I mí na Bealtaine 2013 foilsíodh, *Feidhmíocht Iomaíochais na hÉireann 2013 [Ireland's Competitiveness Performance 2013]*, ina ndéantar iomaíochas idirnáisiúnta na hÉireann a mheas i gcomparáid lena príomh-iomaitheoirí bunaithe ar bhreis is 40 táscaire iomaíochais sna réimsí costais, táirgiúlacht agus nuálaíocht, margadh fostaíochta agus scileanna, infheistíocht agus bonneagar, an timpeallacht ghnó agus cáilíocht beatha agus inbhuanaitheacht. Is ionann é agus measúnú ar láidreachtaí agus ar laigí na hÉireann agus tá sé ag cabhrú le lucht déanta beartas cinneadh a dhéanamh maidir leis na beartais a theastaíonn chun a chinntiú gur ionad níos iomaíche é Éire le dul i mbun gnó inti.

I measc chonclúidí na tuarascála tugtar le fios feabhas suntasach a bheith tagtha ar iomaíochas idirnáisiúnta na hÉireann le blianta beaga anuas – tá costais laghdaithe, tá feidhmíocht táirgiúlachta réasúnta láidir, agus tá an margadh fostaíochta cobhsaithe. Ar an drochuair, tá cúrsaí infheistíochta lag go leor agus tá ardleibhéil fiacha mar bhonn le héileamh náisiúnta ar fud an gheilleagair a choinneáil faoi chois. Chomh maith leis sin, tá rabhadh le fáil sa tuarascáil seo .i. má thagann feabhas ar fhás geilleagrach, tá riosca suntasach ann go bhféadfaí an bonn a bhaint de chuid de na buntáistí seo gan mórán moille. Baineann fíorthábhacht le hiomaíochas a fheabhsú trí leasuithe struchtúracha ar mhaithe le dul chun cinn inbhuanaithe geilleagrach agus sóisialta a chinntiú.

Ainneoin feabhas suntasach a bheith tagtha ar fheidhmiú iomaíochais na hÉireann le déanaí, ní mór d'Éire a bheith ar an airdeall. Tá go leor gnólachtaí fós ag déileáil le costais arda a chiallaíonn go mbaineann deacrachtaí le dul in iomaíocht ar leibhéal idirnáisiúnta. Tá gnólachtaí eile fós ag déileáil le saincheisteanna leagáide a chiallaíonn go mbaineann dúshlán suntasach le rochtain a fháil ar chreidmheas d'infheistíocht. Agus níl ar chumas gnólachtaí eile fós (m.sh. acmhainn nuálach, scileanna teanga agus díolachán idirnáisiúnta) buntáiste a bhaint as deiseanna fáis. Baineann fíorthábhacht le timpeallacht iomaíoch ghnó a chruthú a thacaíonn le méadú ar easpórtálacha ó na gnólachtaí seo d'fhonn a chinntiú go n-éiríonn le hÉire fás inbhuanaithe geilleagrach a bhaint amach mar aon le hardleibhéil d'fhás fostaíochta.

Tá athrú ag teacht freisin ar na nithe agus ar na réimsí a bhfuilimid in iomaíocht lena n-aghaidh ó tharla fás tapa a bheith ag teacht ar mhargaí tomhaltóirí i margaí éiritheacha agus de réir mar a théann gnólachtaí sna tíortha sin in iomaíocht sa slabhra breisluacha trí chéile ina margadh baile, san AE agus i margaí tríú tíortha. Ó tharla staid an gheilleagair dhomhanda a bheith fós dúshlánach, tá sé níos tábhachtaí anois ná riamh go ndéanfadh Éire iarracht a cion den mhargadh domhanda a fhorbairt, cur leis an gcion de shaineolaithe náisiúnta ó ghnólachtaí faoi úinéireacht dhúchasach agus easpórtálacha a éagsúlú i dtéarmaí táirgí táirgthe agus margaí a bhfuil freastal á dhéanamh orthu.

De dhroim na tuarascála seo,d'fhógair agus d'fheidhmigh an Rialtas plean chun anailís a dhéanamh ar thionchar gach cinneadh Rialtais ar iomaíochas, mar chuid d'iarracht a chinntiú go mba í Éire an tír bheag is fearr ar domhan le gnó a dhéanamh inti.

[Feidhmíocht Iomaíochais na hÉireann 2013]




**Richard Bruton TD, Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta i dteannta le Martin D. Shanahan, Príomhfheidhmeannach Fhorfás.**

## Iomaíochas an Mhargaidh Shaothair 2013

Is príomhchinntitheach in iomaíochas ag leibhéal gnólachta agus náisiúnta é costas saothair. Go ginearálta, déanann costais arda, agus costais arda saothair nach bhfuil táirgiúlacht ag tacú leo, damáiste do chruthú fostaíochta. Ba mar chuid den Phlean Gníomhaíochta do Phoist 2013, a cuireadh Iomaíochas an Mhargaidh Saothair 2013 i dtoll a chéile, cáipéis ina scrúdaítear treochtaí fostaíochta agus dífhostaíochta, agus ina ndéantar iomaíochas costais saothair na hÉireann a chur i gcomparáid lena príomh-iomaitheoirí agus ina sonraítear sraith moltaí a bhfuil sé mar aidhm leo feabhas a chur ar fheidhmiú an mhargaidh saothair agus tacú le fás fostaíochta.

Aimsítear sa tuarascáil, ainneoin fianaise a bheith ann ar laghduithe a bheith tagtha ar chostais saothair na hÉireann le blianta beaga anuas, go bhfuil na rátaí pá in Éirinn réasúnta casta. Le linn na géarchéime eacnamaíochta, laghdaigh go leor gnólachtaí an líon fostaithe atá fostaithe acu agus/nó an líon uaireanta ar conradh oibrithe, ar bhonn níos comhsheasmhaí agus ar bhonn níos fairsinge, ná uaireanta pá in aghaidh na huaire a leasú, cinneadh a raibh costais shuntasacha shóisialta agus gheilleagracha mar thoradh air.  Ainneoin na laghduithe a rinneadh, tá costais saothair in Éirinn níos mó ná na meánchostais san ECFE agus i limistéar an euro. I ndiaidh anailís a dhéanamh ar na sonraí tuillimh, is léir go bhfuil an 17ú leibhéal iomlán costas saothair is airde san ECFE-32 ag Éire mar aon leis an 11ú leibhéal glanphá is airde san ECFE-32.  Chomh maith leis sin, tá costais saothair na hÉireann ag éirí an athuair agus is ag tarlú i gcomhthéacs ráta dífhostaíochta ardaithe atá na méaduithe seo.

Ainneoin go leagtar béim sa tuarascáil ar an bpointe nach bhfuil an oiread sin tionchair ag an Stát ar leibhéil phá de bhrí go mbíonn a leithéid á socrú ag an margadh go ginearálta, déantar roinnt moltaí atá dírithe ar na réimsí sin den bheartas náisiúnta ar féidir leis an Stát tionchar suntasach a bheith aige orthu (.i. rátaí leasa shóisialaigh agus athsholáthair; comhaontuithe earnála fostaíochta; an t-íosphá náisiúnta; agus cáin ar shaothar).  Tá sé mar aidhm leis na moltaí seo bacainní ar chruthú fostaíochta a laghdú agus infhostaitheacht daoine aonair a fheabhsú.

Iomaíochas an Mhargaidh Shaothair 2013

## Measúnú ar Thionchar na Leasuithe ar Mheicníochtaí Socraithe Pá Earnála

Bunaíodh ceanglas sa Mheabhrán Tuisceana idir Éire agus an Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (CAI), an Banc Ceannais Eorpach agus an Coimisiún Eorpach chun leasuithe ar an margadh saothair a bhunú.  Chomhaontaigh Éire tionchar leasuithe ar mheicníochtaí socraithe-pá earnála a thuairisciú chuig an gCoimisiún Eorpach, an CAI agus an BCE faoi dheireadh an dara ráithe de 2013. Áiríodh an ghníomhaíocht seo sa *Phlean Gníomhaíochta do Phoist 2013* agus í curtha i gcrích ag Forfás.

Ba í príomhchonclúid an mheasúnaithe seo go bhfuil sé róluath fós chun measúnú a dhéanamh ar thionchar na leasuithe ar an margadh fostaíochta.  Is amhlaidh atá, i bpáirt, mar go bhfuil pá in aghaidh na huaire réasúnta casta agus nach bhfuil dóthain ama caite ón tráth achtaithe d'fhonn cur ar ár gcumas éifeachtaí ar bith atá ag eascairt as na leasuithe ar shonraí pá a dheimhniú. Is léir, áfach, nach bhfuil i rith na reachtaíochta ach príomh-gharsprioc amháin sa phróiseas leasaithe – tá roinnt céimeanna tábhachtacha eile fós le cur i gcrích. Baineann fíorthábhacht leis na céimeanna seo a thabhairt chun críche go rathúil agus go tráthúil chun leasuithe rathúla a bhaint amach.

Cuireadh an tuarascáil deiridh faoi bhráid na Triúrachta agus ina dhiaidh sin cuireadh san áireamh í sa tuarascáil ar Iomaíochas an Mhargaidh Fostaíochta.

## Praghsanna Tomhaltóirí agus Boilsciú

Déanann *Costais Tomhaltóirí agus Boilsciú* leibhéil bhoilscithe agus phraghais na hÉireann a thagarmharcáil i gcomparáid le príomh-iomaitheoirí na hÉireann.  Ba é Forfás a d'ullmhaigh an tuarascáil seo ar iarratas ón Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta mar chuid den *Phlean Gníomhaíochta do Phoist 2013* de chuid an Rialtais. Tharraing an Rialtas aird ar an tuarascáil ag tús 2014 agus foilsíodh í i mí Feabhra.

Trí aird a tharraingt ar nádúr idirnasctha an gheilleagair - bíonn tionchar ag costais tomhaltóirí ar chostais saothair, gnéithe a mbíonn tionchar acu araon ar chostais ghnó trí

chéile - leagtar béim sa tuarascáil ar phríomhthiománaithe boilscithe agus sonraítear ann raon moltaí a bhfuil sé mar aidhm leo iomaíochas costais na hÉireann a fheabhsú.

Ainneoin laghduithe ar phraghasleibhéil na hÉireann a bheith tugtha faoi deara, is í Éire an tríú tír is costasaí i limistéar an euro. In 2008 bhí praghasleibhéil tomhaltóirí in Éirinn beagnach 29 faoin gcéad os cionn an mheáin i limistéar an euro. Faoi 2012, mar thoradh ar rátaí boilscithe níos ísle in Éirinn, bhí an difríocht sna praghasleibhéil laghdaithe go dtí 13.6 faoin gcéad.

Luaitear sa tuarascáil go raibh meánráta boilscithe bliantúil na hÉireann (0.6%) don tréimhse 2008-2012 i measc na rátaí is ísle san AE agus i bhfad níos ísle ná na rátaí boilscithe in AE-28 (2.5%) agus i limistéar an euro (2.1%), fianaise ar bhuntáiste iomaíoch d'Éirinn. Is cúis imní é boilsciú seirbhísí, áfach, arb ionann é agus an príomhthiománaí boilscithe in Éirinn – bhí an boilsciú seirbhísí anseo níos airde ná an boilsciú seirbhíse i limistéar-17 an euro sa tréimhse idir 1997 agus 2012. Go sonrach, ba é ba chúis le boilsciú in Éirinn ó 2008 anonn méaduithe ar phraghas árachas sláinte; iompar poiblí; deochanna meisciúla agus tobac; agus oideachas.

Ainneoin go dtuigtear go mbraitheann boilsciú, go ginearálta, ar an margadh, déantar roinnt moltaí sa tuarascáil a bhfuil sé mar aidhm leo iomaíochas costais a fheabhsú agus leibhéil iarbhíre ioncaim a chosaint. Tá achoimre déanta ar na torthaí suntasacha anseo thíos.

- Costais saothair
  Ba chóir go mbeadh méaduithe pá nasctha le feabhas ar tháirgiúlacht seachas ar bhoilsciú - is é fás táirgiúlachta a chinnteoidh go mbeidh méaduithe pá inbhuanaithe.
- Beartas Iomaíochta
  Tá raon moltaí sa tuarascáil a bhfuil sé mar aidhm leo iomaíocht a spreagadh in earnálacha ar leith a bhfuil na praghasleibhéil agus/nó boilsciú réasúnta ard iontu. Áirítear ina measc seo gníomhaíochtaí a bhfuil sé mar aidhm leo iomaíocht a spreagadh sna réimsí seo a leanas - iompar poiblí, árachas sláinte, na hearnálacha cógaisíochta agus fiaclóireachta, mar aon leis an athbhreithniú pleanáilte ar an réimeas ceadúnaithe alcóil.
- Beartas Trádála
  Ag leibhéal AE, teastaíonn gníomhaíochtaí leantacha chun saormhargadh seirbhísí a chruthú, chun margadh aonair digiteach a fhorbairt agus chun margadh aonair Eorpach fuinnimh a fhorbairt. Chomh maith leis sin, baineann poitéinseal suntasach le hidirbheartaíocht rathúil na Comhpháirtíochta beartaithe Trádála agus Infheistíochta Trasatlantaí AE/SAM chun deiseanna trádála a chruthú agus costais ghnó agus tomhaltóirí a laghdú.
- Beartas Rialála
  Tarraingítear aird mar thosaíocht beartais le leanúint le cur chun feidhme Ráiteas Beartais an Rialtais ar Rialáil Eacnamaíochta mar mhodh chun iomaíochas costais na hÉireann a fheabhsú thar raon áirgiúlachtaí éagsúla. Chomh maith leis sin, tagraítear do rialúchán seirbhísí dlí, cúram leanaí agus an earnáil miondíola.
- Beartas Bonneagair agus Pleanála
  Tarraingíodh aird sa tuarascáil ar an ngá atá le hinfheistíocht i mbonneagair riachtanacha gheilleagracha mar mhodh chun éifeachtúlacht a fheabhsú, cur le táirgiúlacht agus costais a ísliú. Luaitear sa tuarascáil freisin gur chóir do Ghrúpa Idirghníomhaireachta an Mhargaidh Réadmhaoine moltaí a fhorbairt chun cruthú margaí boilscithe réadmhaoine marthanach a sheachaint amach anseo.

Praghsanna Tomhaltóirí agus Boilsciú

## Bonneagar

Braitheann fás geilleagrach na hÉireann ar acmhainn gnóthaí trádáil go rathúil i margaí domhanda atá ag éirí níos iomaíche an t-am ar fad. Baineann fíorthábhacht le hinfhaighteacht bonneagair den chéad scoth agus iomaíoch ó thaobh costais de (fuinneamh, teileachumarsáid, iompar, dramhaíl agus uisce) agus seirbhísí gaolmhara chun tacú le fás geilleagrach, iomaíochas agus cruthú post. Oibríonn Forfás i ndlúthchomhar le Fiontraíocht Éireann agus GFT Éireann chun aird a tharraingt ar riachtanais fiontair agus a chinntiú go bhfuil an fhorbairt atá á déanamh ar an mbeartas bonneagair agus cur chun feidhme an bheartais ag tacú leis na riachtanais sin. I measc na bpríomhréimsí a raibh aird á ndíriú orthu i rith 2013 bhí teileachumarsáid, eitlíocht, iompar ar tír agus seirbhísí uisce.

### Teileachumarsáid

Baineann fíorthábhacht le nascacht idirnáisiúnta agus náisiúnta na hÉireann a fheabhsú d'fhonn tacú leis na riachtanais a bheidh ag cuideachtaí bunaithe agus cuideachtaí nua in earnálacha atá dian ar shonraí amach anseo. I rith na bliana, d'oibrigh Forfás i ndlúthchomhar le GTF Éireann, Fiontraíocht Éireann agus an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha (RCFAN) ar roinnt saincheisteanna teileachumarsáide. Seo a leanas na príomhthosaíochtaí fiontraíochta:

- Nascacht idirnáisiúnta – nasc díreach le mórthír na hEorpa, nasc díreach nua chuig SAM ó ionad réigiúnach a mbeidh acmhainn ard agus tréimhse folaigh íseal á thairiscint aige mar aon le nascacht feabhsaithe réigiúnach, go háirithe chuig/ó na réigiúin sa deiseacht agus san iarthar;
- Aisiompar - aisiompar ar ardchaighdeán agus iomaíoch ó thaobh costais idir na príomhionaid uirbeacha;
- Seirbhísí seasta leathanbhanda - ardseirbhísí leathanbhanda ar phraghas iomaíoch sna príomhionaid uirbeacha; agus
- Seirbhísí móibíleacha – na hamscálaí comhaontaithe maidir le rolladh amach seirbhísí 4G a chomhlíonadh (70 faoin gcéad den daonra faoi dheireadh 2015).

Chomh maith leis sin, d'oibrigh Forfás leis an Roinn Fuinnimh, Cumarsáide agus Acmhainní Nádúrtha ar na gnéithe den Straitéis Náisiúnta Leathanbhanda a bhain le fiontraíocht.

### Eitlíocht

Ó tharla gur náisiún oileánda í Éire, baineann fíorthábhacht le nascacht aeir den chéad scoth i ndáil le tacú le forbairt fiontar agus cruthú post amach anseo. Ceann de na príomhfhachtóirí a bhíonn le cur san áireamh ag cuideachtaí agus cinneadh á dhéanamh acu maidir leis an áit ba chóir dóibh lonnú ná rochtain ar mhargaí. Is príomhfhachtóirí iad rochtain mhaith idirnáisiúnta (m.sh. líon ceann scríbe, minicíocht, agus costas) mar aon le háiseanna éifeachtacha aerfoirt agus nascacht inmheánach chun tionchar imeallach na hÉireann a mhaolú chomh fada is a bhaineann le hinfheisteoirí poitéinsiúla agus le custaiméirí ó thar lear. I mí Feabhra 2013, d'fhoilsigh an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt (RITS) páipéar buncheisteanna a bheadh mar bhonn leis an mbeartas eitlíochta nua. Seo a leanas an dá mhórcheist beartais a mbeidh ar an bhfiontar déileáil leo:

- Baineann fíorthábhacht le nascacht iontach idirnáisiúnta a chinntiú do phaisinéirí agus do lasta - rochtain ar an rogha reatha seirbhísí díreacha praghas-iomaíocha, minic agus díreach agus naisc aeir nua d'fhonn tacú le forbairt fiontar agus cruthú post. Chomh fada is a bhaineann le lastas, tá tosaíocht á tabhairt do rochtain ar an rogha reatha bealaí a chothú, a chinntiú go laghdaíonn láimhseáil lastais agus áiseanna custaim ag

aerfoirt Éireannacha moileanna agus go n-éascaíonn siad seachadadh éifeachtúil agus éifeachtach gluaiseachtaí isteach agus amach lasta; agus

- Poitéinseal na ndeiseanna fiontair san earnáil eitlíochta a uasmhéadú - ní mór d'Éire leanúint leis an méid atá á tairiscint aici a fheabhsú d'fhonn a chinntiú gur féidir léi a gníomhaíocht reatha a chothabháil agus tairbhe a bhaint as deiseanna nua, go háirithe chomh fada is a bhaineann le haerárthaí. Is ar bhonn roinnte a tharlaíonn ollchóiriú i láthair na huaire ag roinnt suíomhanna éagsúla agus i roinnt dlínsí éagsúla. Tá deis ag Éire tairbhe a bhaint as a hacmhainn shuntasach agus a cáil idirnáisiúnta san earnáil eitlíochta agus an acmhainn agus an cháil sin a bhrandáil d'fhonn tairbhe a bhaint as a poitéinseal mar mhol ollchóirithe aerárthaí. Baineann fíorthábhacht le gníomhaíocht ollchóirithe aerárthaí a ghabháil d'fhonn tacú leis an rath atá ar Éire faoi láthair chomh fada is a bhaineann le léasú agus cothabháil, deisiúchán agus ollchóiriú aerárthaí.

D'oibrigh Forfás agus na gníomhaíochtaí forbartha fiontar i ndlúthchomhar leis an Roinn Iompair ar an straitéis nua. Eisíodh dréachtráiteas an bheartais náisiúnta eitlíochta sa chéad ráithe de 2014 agus é mar aidhm tuilleadh comhairliúcháin a spreagadh.

### Iompar ar tír

Tá an RITS i mbun creat straitéiseach a fhorbairt d'infheistíocht in iompar ar tír (bóthar agus iarnród), creat ar a mbunófar an infheistíocht a theastóidh idir seo agus 2025 chun rochtain éasca ar mhargaí a chinntiú mar aon le soghluaisteacht an lucht saothair. D'oibrigh Forfás i ndlúthchomhar le Fiontraíocht Éireann agus GFT Éireann chun an phríomh-infheistíocht ghearrthréimhseach agus mheántréimhseach a aithint mar aon leis na tosaíochtaí beartais chun tacú le hearnálacha reatha agus nua atá ag trádáil go hidirnáisiúnta:

- I measc na bpríomhthosaíochtaí gearrthréimhseacha tá déileáil le líon beag bac chun rochtain bóthair idir agus mórthimpeall ar na príomhchathracha réigiúnacha a fheabhsú, cothabháil leanúnach an ghréasáin náisiúnta mótarbhealaí agus bóithre agus iompar poiblí a fheabhsú do chomaitéirí in agus laistigh de na príomhchathracha.
- I measc na dtosaíochtaí níos fadtréimhsí tá rochtain bóthair ar ardchaighdeán a sholáthar chuig tairseacha thiar thuaidh Shligigh agus Leitir Ceanainn agus feadh Bhealach an Atlantaigh (Sligeach/Gaillimh/Luimneach/Corcaigh/Port Láirge) agus nasc iarnróid chomh fada le hAerfort Bhaile Átha Cliath a fhorbairt.

D'oibrigh Forfás agus na gníomhaíochtaí forbartha fiontair i ndlúthchomhar leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt (RITS) ar an straitéis nua. Tá an RITS le dul i gcomhairle faoin gCreat Straitéiseach d'Infheistíocht san Iompar ar Tír i rith 2014 agus tá sé beartaithe aici aighneacht na gníomhaireachta fiontar a chur ar fáil mar dhoiciméad eolais.

### Seirbhísí uisce

Baineann fíorthábhacht, chomh fada is a bhaineann le forbairt fiontar, le soláthar seirbhísí uisce leordhóthanacha, iontaofa, praghas-iomaíocha, ag leibhéil cháilíochta cuí. Tá athchóiriú suntasach á dhéanamh ar sholáthar seirbhísí uisce in Éirinn. Ó mhí Eanáir 2014, tá freagracht glactha ag Uisce Éireann as soláthar seirbhísí uisce. Tá an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh (CER) freagrach as rialáil gheilleagrach na hearnála agus tá an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) freagrach as rialúchán comhshaoil. I nDeireadh Fómhair 2013, d'eisigh CER páipéar comhairliúcháin ag fáiltiú roimh thuairimí maidir lena thograí don chreat rialála geilleagraí do sheirbhísí uisce. Bunaithe ar staidéar Fhorfás ar rialáil earnála agus aighneacht chomhpháirteach gníomhaireachta 2012 chun na Roinne Comhshaoil maidir le hathchóiriú na hearnála uisce, d'ullmhaigh na gníomhaireachtaí fiontraíochta aighneacht chomhpháirteach inar sonraíodh na tosaíochtaí don fhiontraíocht:

- Ní mór go mbeadh cur chuige straitéiseach meántréimhseach nó fadtréimhseach ag Éire i ndáil le pleanáil infheistíochta a sheachadann soláthar leordhóthanach agus iontaofa seirbhísí uisce ar ardchaighdeán agus ag an am céanna a chinntiú go bhfuilimid iomaíoch ó thaobh costais de;
- Tá sé fíorthábhachtach go mbeadh cinnteacht rialála mar bhonn le hinfheistíocht éifeachtach agus margaí atá ag feidhmiú go maith. Gné bhunúsach den chinnteacht rialála é neamhspleáchas an rialaitheora. Chomh maith leis sin, is den tábhacht é go bhfuil an creat rialála sách solúbtha le freagairt do agus le déileáil le coinníollacha de réir mar a fhorbraíonn margaí; agus
- Ní leor sainorduithe agus creataí soiléire agus comhsheasmhacha a bhunú chun rialáil gheilleagrach oiriúnach agus éifeachtach a sheachadadh. Mar ar tarraingíodh aird air i ráiteas beartais an Rialtais um rialáil gheilleagrach, ba chóir meicníochtaí éifeachtacha a bhunú chun dianmheasúnú a dhéanamh ar cibé an bhfuil nó nach bhfuil na cuspóirí beartais á gcomhlíonadh agus chun cinneadh a dhéanamh maidir lena bhfuil na meicníochtaí seo oiriúnach chun leasa tomhaltóirí a chosaint agus infheistíocht a spreagadh. Ní mór go háirithe, feidhmíocht na hÉireann a thagarmharcáil i gcomparáid le príomhthíortha iomaitheora agus comparáide d'fhonn a chinntiú go bhfuil na céimeanna riachtanacha ar fad á gcur i gcrích d'fhonn a chinntiú go bhfuil costais atá á rialáil ag an Stát ar aon dul le dea-chleachtas idirnáisiúnta.

## An Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais

Bunaíodh an Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais (NCC) ar chinneadh an Rialtais i mí na Bealtaine 1997. Soláthraíonn Forfás tacaíocht taighde agus rúnaíochta don Chomhairle. Rinneadh Téarmaí Tagartha reatha na Comhairle a leasú agus a nuashonrú i nDeireadh Fómhair 2013.

### Aighneacht chuig an bPlean Gníomhaíochta do Phoist (Nollaig 2013)

Rinne an Chomhairle aighneacht chuig an *bPlean Gníomhaíochta do Phoist 2014*. Dírítear san aighneacht ar na nithe seo a leanas:

- Iomaíochas agus scileanna an mhargaidh shaothair a fheabhsú;
- Iomaíochas costais idirnáisiúnta a spreagadh;
- Tacú le fiontraíocht, agus dá réir sin, le cruthú post;
- Tacú le hearnáil tógála inbhuanaithe a fhorbairt; agus
- Rangú na hÉireann sna hinnéacsanna idirnáisiúnta iomaíochais a fheabhsú.

Luaitear san aighneacht, bunaithe ar dhearcadh beartais, nach mór d'Éire a chinntiú go bhfuil an margadh saothair ag feidhmiú mar ba chóir is go bhfuiltear ag tacú le cruthú post agus ionas nach mbeidh daoine aonair faoi mhíbhuntáiste ar bith má ghlacann siad le tairiscint fostaíocht. Chomh maith leis sin, ní mór d'Éire gach iarracht a dhéanamh a bheith páirteach i ngníomhaíocht a chuireann deireadh le neamhéifeachtúlachtaí costais. Ar deireadh, is ar earnálacha idirnasctha agus neamhspleácha a bhraitheann geilleagar sláintiúil agus bríomhar. Ní mór d'Éire a chinntiú go bhfilleann an earnáil tógála ar leibhéal inbhuanaithe gníomhaíochta arís – go mbeidh bonneagar riachtanach geilleagrach, spás oifige agus aonaid chónaitheacha den chéad scoth á soláthar.

Aighneacht NCC chuig an bPlean Gníomhaíochta do Phoist *[NCC submission to the Action Plan for Jobs]*

# Daoine

## Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí

Tá obair an tSainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí (EGFSN) á riaradh ag Forfás. Tá an taighde agus anailís a ndéantar don EGFSN á gcur i gcrích ag Forfás agus Aonad Taighde Margaidh Shaothair agus Scileanna SOLAS.

Cuireann an EGFSN comhairle ar Rialtas na hÉireann maidir le riachtanais scileanna reatha agus todhchaíoch an gheilleagair agus saincheisteanna eile an mhargaidh shaothair a bhfuil tionchar acu ar fhás fiontraíochta agus fostaíochta na hÉireann. Tá ról lárnach ag an Sainghrúpa a chinntiú go bhfuil coinne le riachtanais an mhargaidh shaothair i ndáil le hoibrithe oilte agus go bhfreastalaítear orthu. Cuimsíonn an EGFSN ionadaithe gnó, fostaithe, oideachais, ranna rialtais agus gníomhaireachtaí stáit.

Soláthraíonn an EGFSN comhairle don Rialtas maidir le saincheisteanna scileanna a bhfuil tionchar acu ar an bhfiontraíocht trí chomhairle a sholáthar faoi:

- Riachtanais scileanna ar leibhéal náisiúnta agus earnála;
- Riachtanais oiliúna tosaíochta;
- Riachtanais scileanna a chaithfear a shásamh trí imirce isteach chun na tíre;
- Oiriúnú a dhéanamh ar ábhar agus ar mhodh seachadta na gclár; agus
- Tionchar agus monatóireacht ar chur chun feidhme.

## Ag dul i ngleic le hÉileamh na Todhchaí ar Ardleibhéal Scileanna TFC

Foilsíodh tuarascáil Fhorfás/an tSainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí, *Addressing Future Demand for High-Level ICT Skills*, i mí na Samhna 2013. Sa staidéar, atá ar phríomhghníomhaíocht sa *Phlean Gníomhaíochta do Phoist 2013* de chuid an Rialtais, faoin gcuspóir um inniúlacht scileanna TFC na hÉireann a fhorbairt, tuartar an t-éileamh ar ardleibhéal scileanna TFC sna cúig bliana le teacht, thar earnálacha uile an gheilleagair. Soláthraíonn an tuarascáil eolas freisin don Phlean Gníomhaíochta TFC 2014, a sheol an tAire Oideachais, Ruairí Quinn TD agus an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, Richard Bruton TD i Márta 2014.

Príomhaidhm de chuid an staidéir ba ea dearbhú an éilimh ar dhaoine le hardleibhéal scileanna TFC, ríomhaireacht, innealtóireacht agus gairmeacha innealtóireachta leictreonach agus leictreach, ag eascairt ó laistigh den earnáil TFC agus thar earnálacha eile an gheilleagair agus chun moltaí a dhéanamh dírithe ar phíblíne an ardleibhéil scileanna TFC a bhorradh a thuilleadh.

Tá tábhacht straitéiseach leis an earnáil TFC d'Éire, i dtéarmaí líon na ngairmeach ardoillte atá fostaithe agus a rannchuidiú suntasach d'fheidhmíocht onnmhaire na hÉireann - a sheasann le haghaidh €70 billiún in onnmhairí sa bhliain. Léiríonn an tuarascáil éileamh láidir leanúnach ar ardleibhéal scileanna TFC le 44,500 oscailtí post ionchais tuartha le teacht chun cinn sa tréimhse go 2018 mar thoradh ar éileamh um athsholáthar agus leathnú. Aibhsíonn sí cáilíocht agus réimse na dtacar scileanna atá de dhíth chun freastal ar threochtaí teicneolaíochta agus margaidh atá ag athrú go gasta. Cuirfidh bonn láidir um inniúlacht scileanna TFC ar chumas dhaoine aonair oiriúnú do threochtaí speisialachais athraitheach.

Chun an acmhainneacht phost a bhaint amach, áitíonn an tuarascáil nach mór leanúint le húsáid a bhaint as luamháin bheartais ionchais uile d'fhonn soláthar an ardleibhéil scileanna

TFC a mhéadú. Ina measc seo áirítear oideachas agus oiliúint phríomhshrutha, cláir athghairme agus athoiliúna, forbairt ghairmiúil leanúnach agus tallann oilte idirnáisiúnta a mhealladh, lena n-áirítear tallann easaoránaigh. Aibhsíonn an tuarascáil an phríomh-éileamh ar ardleibhéal gairmigh TFC agus áitítear inti go bhfuil leibhéal agus cáilíocht na gcéimithe TFC intíre ina ghné ríthábhachtach i gcás soláthar na scileanna agus thar am ag cur le stoc na ngairmeach cleachta.

Molann an tuarascáil go mbeidh atriallta breise na gclár athghairme ó 2014 agus lastall ríthábhachtach chun freastal ar an éileamh méadaitheach. Le díreach os cionn bliain amháin infheistíochta ón Roinn Oideachais agus Scileanna tá os cionn 1,500 áit seachadta ar chláir athghairme TFC deartha ag tionscal. Soláthraíonn na cláir seo deis do chéimithe ó dhisciplíní eile tabhairt faoi ghairmeacha nua i TFC agus tugtar rochtain don tionscal ar linn nua céimithe tallainne a bhfuil cáilíochtaí TFC suas chun dáta acu.

Tá aschur na gcéimithe ríomhaireachta in Éirinn méadaithe faoi 25% le dhá bhliain anuas agus tá dúbailt ar aschur na gcéimithe á mheas faoin mbliain 2015 - trí bliana roimh sprioc 2018 an Phlean Gníomhaíochta. Tagann sé seo mar thoradh ar chur chun feidhme Plean Gníomhaíochta Scileanna TFC an Rialtais atá ina chomhoibriú idir an Rialtas, Tionscal agus an córas oideachais.



**Plean Gníomhaíochta TFC 2014**

Aire Oideachais, Ruairí Quinn, TD agus Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, Richard Bruton, TD ag seoladh an Phlean Gníomhaíochta TFC 2014.

Díríonn na moltaí sa tuarascáil ar na réimsí seo a leanas:

- Athbhreithniú ar Scóip agus Rialachas an Phlean Gníomhaíochta TFC
- Borradh ar Chainníocht agus Cháilíocht an Aschuir Scileanna TFC
- Tallann na Todhchaí a Spreagadh
- Idirnáisiúnachas na hÉireann a Chur Chun Cinn mar Lárionad na Tallainne TFC Domhanda
- Dul i nGleic leis an Dúshlán Scileanna
- Inniúlacht forbairt scileanna TFC na nInstitiúidí Ardoideachais a chothú

Ag dul i ngleic le hÉileamh na Todhchaí ar Ardleibhéal Scileanna TFC *[Addressing Future Demand for High-Level ICT Skills]*

## Éileamh ar Scileanna Olltiomsaithe Sonraí/Anailísíochta Sonraí go dtí 2020

Le linn 2013 d'oibrigh Forfás agus an EGFSN ar staidéar, *Assessing the Demand for Big Data and Analytics Skills in Ireland 2013-2020*, a thuarann an t-éileamh bliantúil ar anailísíocht sonraí agus scileanna gaolmhara ar fud an gheilleagair. Ábhar insoláthartha ag Forfás faoin *bPlean Gníomhaíochta do Phoist 2013* é an staidéar agus foilsíodh é i mí na Bealtaine 2014. Tá sé mar aidhm leis bearta a aithint agus taighde a dhéanamh orthu le forbairt a dhéanamh ar linn tallainne olltiomsaithe sonraí agus anailísíochta i gcaitheamh na tréimhse go 2020 i gcomhréir le héileamh fiontraíochta. I measc na mbeart áirítear aschur céimithe anailísíochta sonraí intíre agus forbairt ghairmiúil leanúnach, agus, nuair is cuí, mhealltar tallann cleachta ó thar lear lena n-áirítear tallann easaoránaigh.

Mar chuid den anailísíocht sonraí bíonn mianadóireacht, anailís, léirmhíniú agus úsáid an Olltiomsaithe Sonraí (gnóthú agus úsáid dlús mór sonraí i bhfoirmeacha struchtúrtha agus neamhstruchtúrtha araon). Tá luach an olltiomsaithe sonraí agus na hanailísíochta ag éirí dealraitheach ar fud tíortha agus mar thoradh tá éileamh méadaithe ar scileanna ábhartha.

Tá olltiomsú sonraí agus anailísíocht ar réimse sách nua de ghníomhaíocht ghnó á thréithriú ag fás gasta. Ar bhonn domhanda, tá ganntanas tuairiscithe pearsanra leis na scileanna anailísíochta doimhne riachtanacha acu agus ganntanas daoine aonair freisin leis na scileanna teicneolaíochta agus gnó atá riachtanach chun éirim ghnó a ghiniúint agus gníomh a ghlacadh i dtaca leis na léargais ginte agus d'fhonn tacú le róil teicneolaíochta. Faoi láthair, níl aon tír nó réigiún amháin a sheasann amach i dtaca le soláthar seirbhísí olltiomsaithe sonraí agus anailísíochta.

Tá beartas rialtais sa mheántéarma ann ionas gur féidir le hÉire forbairt ina tír cheannródaíoch san Eoraip don olltiomsú sonraí agus anailísíocht. D'éileodh sé seo scála na huaillmhéine a bhaint amach faoi mar atá leagtha amach sa chás ard-fáis sa staidéar seo. Faoin gcás seo, d'fhéadfadh 21,000 folúntas poist ionchais eascairt as an éileamh um athsholáthar agus leathnú sa tréimhse go dtí 2020 - ag cuimsiú 3,630 do róil anailísíochta doimhne agus 17,470 do róil le hinniúlacht san olltiomsú sonraí. Bheadh 8,780 oscailtí poist ionchais eile ann d'fhoireann teicneolaíochta tacaíochta. Tá éileamh fostaíochta reatha ar scileanna olltiomsaithe sonraí agus anailísíochta measta ag 35,080.

Ionas go mbeadh Éire ina tír cheannródaíoch ina leithéid de sheirbhísí tá sé ríthábhachtach go bhforbrófaí an inniúlacht scileanna riachtanach chun feidhmíocht ghnó um anailísíocht sonraí a spreagadh laistigh d'fhiontair eiseacha, gnólachtaí nuathionscanta agus infheistíocht dhíreach eachtrach nua ionchais. Éilíonn baint amach na críche seo tuiscint feabhsaithe i measc na n-oifigeach feidhmiúcháin sinsearach san earnáil phríobháideach agus phoiblí ar acmhainneacht sonraí agus anailísíochta i leith feidhmíocht ghnó a bhrú chun cinn. Tá cur chuige uile-fhiontair i leith riaradh na n-inniúlachtaí anailísíochta sonraí ríthábhachtach - lena n-áirítear riachtanais scileanna anailísíochta a shainmhíniú; uasoiliúint agus cothú tallainne an lucht saothair; deiseanna soiléire um ardú céime gairme a sholáthar agus tallann anailísíochta a scaipeadh go héifeachtach chun tacú le spriocanna gnó.

Measúnú an Éilimh ar Scileanna Olltiomsaithe Sonraí agus Anailísíochta in Éirinn 2013-2020 *[Assessing the Demand for Big Data and Analytics Skills in Ireland 2013-2020]*



**Forfás ag glacadh páirte sa díospóireacht ag Fóram Eacnamaíochta na Tríonóide - *ThIrd Level Education: Broke, Broken or Both*?**

Sa phictiúr (c-d) tá Marie Bourke, Bainisteoir, Oideachas, Scileanna, Comhshaol & Anailís Suirbhé, Forfás agus an Dr Darragh Flannery, léachtóir sa Roinn Eacnamaíochta, Ollscoil Luimnigh

## Ag Spreagadh Breis Ailínithe an Ardoideachais le Riachtanais Scileanna na bhFostóirí

Don tríú bliain as a chéile sholáthair Forfás na treoirlínte, *Guidance for Higher Education providers on current and future skills needs of enterprise*, chun dul i dteannta le glao an Údaráis um Ard-Oideachas ar thograí faoi thionscnamh Springboard an mhargaidh shaothair. Ciste ilbhliantuil é Springboard a sholáthraíonn cúrsaí ardoideachais páirtaimseartha, chun cuidiú leo siúd atá dífhostaithe agus iad siúd a bhíodh féinfhostaithe uasoiliúint agus athoiliúint i réimsí na riachtanas scileanna reatha agus na todhchaí.

Tarraingíonn na treoirlínte ar thaighde úrnua an EGFSN agus soláthraítear achoimre ar ghanntanais aitheanta na scileanna reatha agus na todhchaí ionas go gcinnteodh soláthraithe i mbun tairisceana don ghlao go bhfuil na cláir a soláthraítear faoi thionscnamh Springboard deartha agus ailínithe le riachtanais scileanna fiontraíochta.

Ar phríomhréimsí fócais le haghaidh Springboard 2013, leagtha amach sna treoirlínte áirítear: innealtóirí meicniúla agus déantúsaíochta; innealtóirí fíoraithe, cáilíochta, polaiméire, slabhra an tsoláthair agus uathoibrithe; innealtóirí ríomhaireachta TFC agus leictreonacha; gairmigh díolachán idirnáisiúnta le teangacha iasachta acu; anailísithe gnó le haghaidh gach earnáil le scileanna le bheith ina dtomhaltóirí éifeachtach na léargas olltiomsaithe sonraí.

Treoir do sholáthraithe an Ardoideachais ar riachtanais scileanna reatha agus na todhchaí de chuid na fiontraíochta *[Guidance for Higher Education providers on current and future skills needs of enterprise]*

## Aighneacht ó Fhorfás, an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta, GFT Éireann agus Fiontraíocht Éireann chuig an Athbhreithniú Printíseachta

D'ullmhaigh Forfás aighneacht chomhpháirteach thar ceann Fhorfás, Fiontraíocht Éireann, GFT Éireann agus na Roinne Post, Fiontar agus Nuálaíochta chuig an *Athbhreithniú ar Oiliúint Phrintíseachta in Éirinn [Review of Apprenticeship Training in Ireland]* á chur i gcrích ag an Roinn Oideachais agus Scileanna.

Sna heochairphrionsabail i leith modh ídéalach Printíseachta leagtha amach san aighneacht áiríodh léiriú níos fearr a dhéanamh ar scileanna reatha agus na todhchaí atá riachtanach sa mhargadh saothair trí: leathnú na scóipe do chomhtháthú gairmeacha/disciplíní i múnla

printíseachta; rannpháirtíocht tionscail a chinntiú i bhforbairt na gclár oiliúna; éabhlóidiú an churaclaim i leith gairmeacha ábhartha a léiríonn riachtanais an ionaid oibre nua-aimseartha; foráil le haghaidh cur chun cinn dea-struchtúrtha agus mapáilte idir an dara leibhéal, oiliúint ghairmoideachais agus oiliúint ar an láthair oibre; agus dul i ngleic le ceisteanna soláthair na todhchaí. Lena chois sin, d'iarr an próiseas aighneachta ionchur ar athruithe molta i dtaca le saincheisteanna eadhon rialachas, cothromas, maoiniú, earcaíocht, seachadadh; agus faisnéis ar chórais/chláir eile in Éirinn agus go hidirnáisiúnta lena n-áirítear iad sin le foghlaim suntasach bunaithe ar an obair.

Pléadh an aighneacht leis an nGrúpa Athbhreithnithe i mí Dheireadh Fómhair 2013.

Aighneacht Chomhghníomhaireachta chuig an Athbhreithniú Printíseachta *[Joint Agency Submission to the Apprenticeship Review]*

## Aighneacht Fhorfás chuig Ráiteas Straitéise 2014 - 2016 um Cháilíocht agus Chaighdeáin na hÉireann (QQI)

In 2013 d'oibrigh Bord agus Feidhmeannas um Cháilíocht agus Chaighdeáin na hÉireann (QQI) chun an chéad Ráiteas Straitéise de chuid QQI a chur i dtoll a chéile. Mar chuid den phróiseas scaipeadh an dréacht-Ráiteas Straitéise go fairsing le haghaidh comhairliúcháin sheachtraigh i measc ranna Rialtais, gníomhaireachtaí Stáit agus soláthraithe agus comhlachtaí ionadaíocha i réimse an oideachais agus na hoiliúna.

Dhírigh aighneacht Fhorfás ar riachtanais an mhargaidh shaothair a léiriú, infhostaitheacht a fheabhsú trí foghlaimeoirí a fheistiú leis na scileanna agus na hinniúlachtaí atá riachtanach sa timpeallacht oibre agus a chinntiú go léiríonn ábhar na gclár riachtanais athraitheacha an ionaid oibre, infhaighteacht na ngradam ag Leibhéil NFQ 1-3 agus cur chun cinn sealbhóirí na ngradam úd go Leibhéil 4 agus 5, an gá atá le comhar láidir fostóra le struchtúir choiste QQI agus an gá atá le rochtain do chomhlachtaí bronnta gradam náisiúnta agus idirnáisiúnta ar an NFQ go háirithe áiteanna ina n-aithnítear bearnaí sa soláthar eiseach.

Foilsíodh *an Ráiteas Straitéise QQI 2014 – 2016* i mí na Samhna 2013.

## Comhairle ar Bheartas Imirce Eacnamaíoch

Le linn 2013, lean Forfás ar aghaidh ag soláthar comhairle don Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta (RPFN) i dtaca le beartas imirce eacnamaíoch.

Imeasc na comhairle in 2013 áiríodh aithint na n-athruithe i dtreochtaí an mhargaidh shaothair agus ganntanais scileanna, ag eascairt as anailís cuimsithe i *bhFeasachán Náisiúnta Scileanna 2013* an EGFSN. Baineann RPFN úsáid as an eolas seo chun gairmeacha incháilithe le haghaidh Cártaí Glasa agus Ceadúnais Oibre a dhearbhú.

Chomh maith le nuashonruithe ar an margadh saothair, lean Forfás ag soláthar ionchuir don RPFN i ndáil le raon saincheisteanna imirce eacnamaíoch de réir mar a tháinig siad chun cinn. San áireamh anseo bhí cruthú catagóirí nua ceadúnas oibre lena n-áirítear Ceadúnais Fostaíochta um Scileanna Criticiúla agus bearta chun rochtain a éascú ar mhargadh saothair na hÉireann do ghairmigh TFC oilte.

## Ráiteas Gníomhaíochta 2013 an tSainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí

Soláthraíonn an *Ráiteas Gníomhaíochta* bliantúil sonraí i leith aschur agus gníomhaíocht an Ghrúpa sa bhliain roimh ré, a chuid oibre le teacht agus eolas ar acmhainní taighde agus anailíse an Ghrúpa.

Lena chois sin soláthraíonn an tuarascáil forléargas ar an dul chun cinn i dtreo gnóthú na spriocanna leagtha amach sa *Straitéis Scileanna Náisiúnta* (NSS). Leanann Éire le dul chun cinn a dhéanamh i dtreo spriocanna na *Straitéise Náisiúnta Scileanna* (NSS) a bhaint amach. Meastar go bhfuil cáilíochtaí tríú leibhéal ag 42 faoin gcéad, go bhfuil iar-bhunoideachas sinsearach/breisoideachas gnóthaithe ag 40 faoin gcéad, agus go bhfuil cion na ndaoine a bhfuil iar-bhunoideachas sóisearach nó níos ísle acu tite díreach faoi bhun aon chúigiú don chéad uair ó tosaíodh ar rianú an dul chun cinn i dtreo spriocanna an NSS.

Ráiteas Gníomhaíochta 2013 *[Statement of Activity 2013]*

## Dul chun cinn ar chur chun feidhme moltaí na tuarascála EGFSN

Téann an Grúpa i mbun monatóireachta leanúnaí ar an dul chun cinn i leith cur chun feidhme moltaí an EGFSN, lena n-áirítear athbhreithniú ar staidéir earnála tar éis a chríochnú. Scríobhtar chuig príomhpháirtithe leasmhara aitheanta leis an bhfreagracht as cur chun feidhme na moltaí tar éis a fhoilsithe agus tugtar cuireadh dóibh an EGFSN a chur ar an eolas ar dhul chun cinn i leith cur chun feidhme.

## Comhoibriú le hAonad Taighde Margaidh Shaothair agus Scileanna SOLAS

Le linn 2013, lean Forfás ar aghaidh ag obair go dlúth leis an Aonad Taighde Margaidh Shaothair agus Scileanna (SLMRU) i SOLAS. In 2013 chuir SOLAS na tuarascálacha seo a leanas i gcrích thar ceann an EGFSN:

- Bhí *Feasachán Réigiúnach na Margaí Saothair 2012,* a foilsíodh i mí Eanáir 2013, ar an gcéad cheann i sraith bhliantúil ag déanamh iniúchta ar mhargaí saothair réigiúnacha in Éirinn. Soláthraíonn sé táscairí an mhargaidh shaothair, próifíl ar phríomhghnóthaí agus ar phríomhthionscail, deiseanna fostaíochta ionchais agus soláthar scileanna reatha agus ionchais.
- Tarraingíonn *Forbhreathnú Folúntas 2012*, a foilsíodh i mí Feabhra 2013, ar roinnt foinsí sonraí coinnithe sa Bhunachar Sonraí Scileanna Náisiúnta chun forbhreathnú a sholáthar ar an éileamh ar shaothar arna thomhas ag treochtaí i bhfolúntais poist fógartha.
- Tarraingíonn an *Feasachán Náisiúnta Scileanna 2013*, a foilsíodh in Iúil 2013, ar sonraí maidir le fostaíocht, folúntais, fógraí poist agus eolas ar inimirce agus eolas cineálach eile atá sa Bhunachar Sonraí Scileanna Náisiúnta, chun éagothroime i margadh saothair na hÉireann ar leibhéal gairme a aithint.
- Soláthraíonn *Monatóireacht ar Sholáthar Scileanna na hÉireann 2013 - Treochtaí in Aschuir Oideachais agus Oiliúna*, a foilsíodh i mí Iúil 2013, léargas ar an soláthar scileanna do mhargadh saothair na hÉireann ón gcóras oideachais agus oiliúna foirmiúil trí scrúdú a dhéanamh ar eis-sreafaí ón gcóras oideachais foirmiúil thar leibhéil 1-10 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí (NFQ).

Chomh maith leis sin forbraíonn agus cothabhálann an SLMRU an Bunachar Náisiúnta Scileanna (NSD), ina dtiomsaítear gach faisnéis atá ar fáil maidir le soláthar agus éileamh ar scileanna in Éirinn. Le linn 2013 nuashonraíodh an Bunachar Náisiúnta Scileanna chun go mbeadh na staitisticí agus an fhaisnéis is déanaí le fáil air faoi fhostaíocht, táirgeacht oideachais agus oiliúna; lucht saothair inimirceach; folúntais poist a fógraíodh; múnlaí réamhaisnéise lucht saothair; múnlaí réamhaisnéise fostaíochta gairme, agus suirbhéanna ar ghníomhaireachtaí earcaíochta.

Feasachán Réigiúnach na Margaí Saothair 2012 *[Regional Labour Markets Bulletin 2012]*

Forbhreathnú Folúntas 2012 *[Vacancy Overview 2012]*

An Feasachán Náisiúnta Scileanna 2013 *[National Skills Bulletin 2013]*

Monatóireacht ar Sholáthar Scileanna na hÉireann - Treochtaí in Aschuir Oideachais agus Oiliúna 2013 *[Monitoring Ireland's Skills Supply – Trends in Education and Training Outputs 2013]*

## Tathant

Le linn 2013, lean an EGFSN ag obair le páirtithe leasmhara lena chinntiú gur scaipeadh sonraí ríthábhachtacha faoin margadh saothair i measc na bpáirtithe ábhartha uile. Thug Cathaoirleach an EGFSN agus Ceannaire Fhorfás na Rúnaíochta don EGFSN roinnt cur i láthair ar réimse leathan saincheisteanna an mhargaidh shaothair ag comhdhálacha agus fóraim i gcaitheamh na bliana. Lena chois sin, tá úsáid leanúnach á bhaint ag mic léinn, cuardaitheoirí poist agus comhairleoirí treorach as aschur an Ghrúpa trí láithreáin ghréasáin lena soláthraímid eolas scileanna, cosúil le Careers Portal, Qualifax, Career Directions agus GradIreland, d'fhonn eolas a sholáthar dá lucht féachana sprice

# Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (INAB)

# Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú

Is é Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (INAB) foras náisiúnta na hÉireann laistigh de líonra Eorpach na bhforas creidiúnaithe. Déanann INAB measúnú ar chomhlachtaí deimhniúcháin, saotharlanna agus comhlachtaí cigireachta d'fhonn comhréireacht a chinntiú le caighdeáin chomhchuibhithe idirnáisiúnta trí dhearbhú a sholáthar go léiríonn na comhlachtaí seo inniúlacht agus acmhainn feidhmíochta agus a gcuid oibre á cur i gcrích acu.

Tá ról tábhachtach ag creidiúnú ag ráthú rochtain ar tháirgí agus ar sheirbhísí Éireannacha do mhargaí AE agus domhanda araon. Tá méadú suntasach tagtha ar an éileamh atá ar chreidiúnú le deireanas de bhrí go bhfuil rialtóirí náisiúnta ag leanúint orthu ag brath ar mheasúnú comhréireachta mar mheicníocht le tacú le cur chun feidhme reachtaíocht agus inniúlacht a chinntiú.

Cinntíonn ballraíocht INAB i gcomhaontuithe idirnáisiúnta go bhfuil teastais chreidiúnaithe agus torthaí tástála a dhéantar in Éirinn inghlactha ar fud an domhain, rud a laghdaíonn bacainní teicniúla ar thrádáil idirnáisiúnta. Tá an INAB mar shínitheoir do chomhaontuithe iltaobhacha (MLA) don Eoraip trí mheán an Chomhair Eorpaigh um Chreidiúnú (EA) agus ar bhonn domhanda trí mheán an Chomhair Idirnáisiúnta um Chreidiúnú Saotharlainne (ILAC) agus an Fhóraim Idirnáisiúnta Creidiúnaithe (IAF).

## Feidhmeanna INAB

Tá cúig fheidhm ar leith ag INAB, gach ceann ag feidhmiú de réir caighdeán agus/nó rialachán sonrach Eorpach agus idirnáisiúnta mar atá leagtha amach anseo thíos.

### Creidiúnú Saotharlainne

**Tástáil agus Calabrú do ISO/IEC 17025:2005**

Is aitheantas foirmiúil ar inniúlacht saotharlainne tástálacha sonracha a dhéanamh é creidiúnú saotharlainne ISO/IEC 17025:2005, creidiúnú a bhronnann INAB. I rith 2013, rinne INAB 119 cigireacht ar an láthair ag saotharlanna creidiúnaithe/iarratasóra mar chuid den Chlár Creidiúnaithe Saotharlainne, clár arb é a bhí mar thoradh leis cothú 120 creidiúnú saotharlainne, bronnadh creidiúnú ar 10 saotharlann nua agus leathnú scóipe ar fud na ndisciplíní éagsúla.

**Creidiúnú Saotharlainne Míochaine do ISO/IEC 15189:2007**

Chothaigh INAB 60 creidiúnú saotharlainne míochaine ag caighdeán idirnáisiúnta ISO/IEC 15189:2007 i rith 2013, agus rinne INAB 84 cigireacht ar an láthair ar eagraíochtaí iarratasóra agus creidiúnaithe. Bronnadh creidiúnú ISO/IEC 15189:2007 ar 3 shaotharlann tástála míochaine in 2013 agus líon mór leathnuithe scóipe ar fud raon disciplíní éagsúla.

Lena chois sin, fuair INAB tuilleadh iarratas ar chreidiúnú sna disciplíní míochaine ar fad ón earnáil seo i rith 2013, rud a chiallaíonn gur earnáil í seo atá fós ag fás go mór.

### Creidiúnú na gComhlachtaí Deimhniúcháin

Tugann INAB creidiúnú do chomhlachtaí deimhniúcháin atá i mbun deimhniú táirge, deimhniú córas bainistíochta agus deimhniú daoine. Chomh maith leis sin, tugann sé creidiúnú do chomhlachtaí deimhniúcháin atá i mbun deimhniú EMAS - Scéim Iniúchta agus Éicea-Bhainistíochta an AE, córas bainistíochta comhshaoil (EMS).

Dá éis sin, déanann na comhlachtaí deimhniúcháin seo eagraíochtaí a dheimhniú go sraith caighdeán ISO 9000 (córais bhainistíochta cáilíochta); go ISO 14001 (córais bhainistíochta comhshaoil); go EN 50001 (córais bhainistíochta fuinnimh); go ISO 27001 (bainistiú slándáil faisnéise); go ISO 22000 (bainistiú sábháilteachta bia); go OHSAS 18001 (bainistiú sábháilteachta agus sláinte gairme), táirgí agus daoine a dheimhniú agus astuithe gáis cheaptha teasa a fhíorú faoi chreidiúnú INAB.

Rinne INAB 50 cigireacht ar an láthair i ndáil le comhlachtaí deimhniúcháin creidiúnaithe/iarratasóra i rith na bliana 2013.

**An Scéim um Thrádáil Astuithe Gáis Cheaptha Teasa**

Bhunaigh agus chuir INAB, i gcomhar leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC), clár creidiúnaithe i bhfeidhm le tacú le cur chun feidhme na scéime um thrádáil astuithe Gáis Cheaptha Teasa (GCT) atá sonraithe sa Treoir Eorpach 2003/87/CE. Tá an GCC ar an údaráis inniúla saincheaptha le haghaidh cur chun feidhme na treorach in Éirinn. Leanann an INAB ar aghaidh mar an gcomhlacht creidiúnaithe freagrach as creidiúnú a dhéanamh ar fhíoraitheoirí le fíorúcháin a dhéanamh ar thuarascálacha na n-astuithe de réir na reachtaíochta ábhartha.

In 2013, rinne INAB iarratas ar a stádas um chomhaontú iltaobhach a leathnú le go n-áireofaí creidiúnú na gcomhlachtaí fíorúcháin.

**Deimhniú na gCóras Bainistíochta**

Chothaigh INAB creidiúnú do cheithre chomhlacht deimhniúcháin creidiúnaithe d'fhonn deimhniú cuideachtaí Éireannacha a bhronnadh ar roinnt caighdeán córas bainistíochta.

Bronnadh creidiúnú i dtaca le deimhniú um chóras bainistíochta sábháilteachta bia agus deimhniú um chóras sábháilteachta agus sláinte gairme in 2013. Bhronn INAB creidiúnú ar chomhlacht measúnaithe comhréire le fógairt faoi Rialacháin na dTáirgí Tógála, EU305/2011.

**Deimhniú Táirge**

Leanann deimhniú táirgí bia mar réimse fáis suntasach atá tábhachtach go maith, le haghaidh scéimeanna dearbhú cáilíochta bia náisiúnta agus idirnáisiúnta.

In 2013, chothaigh agus leathnaigh INAB creidiúnú dá chomhlachtaí deimhniúcháin atá ag soláthar scéimeanna dearbhú cáilíochta bia do tháirgí bia ar leibhéal riachtanas idirnáisiúnta, mar aon le scéimeanna dearbhú cáilíochta bia náisiúnta, dála scéimeanna de chuid Bord Bia agus Bord Iascaigh Mhara. Tá creidiúnú INAB do dheimhniú gníomhaíochtaí feirmeoireacht orgánach in Éirinn sonraithe ag an Roinn Talmhaíochta agus Bia, i gcomhréir le Theoir an AE ar Fheirmeoireacht Orgánach, agus tá trí chomhlacht deimhniúcháin creidiúnaithe ag INAB faoi láthair don chlár seo.

Leanfaidh deimhniú táirgí bia ar aghaidh ina réimse fáis do INAB ar feadh na todhchaí is intuartha.

I dteannta le deimhniú táirge don earnáil bhia, déanann INAB creidiúnú ar chomhlachtaí deimhniúcháin ag deimhniú suiteáil seirbhísí slándála agus bronnadh creidiúnú ar dhá chomhlacht deimhniúcháin nua don scéim seo in 2013.

## Creidiúnú na gComhlachtaí Cigireachta

Déanann INAB creidiúnú ar chomhlachtaí a n-áirítear lena gcuid oibre scrúdú ar ábhair, táirgí, suiteálacha, planda, próisis, gnáthaimh oibre nó seirbhísí agus cinneadh faoina gcomhréireacht le riachtanais agus tuairisciú ar thorthaí na ngníomhaíochtaí úd ina dhiaidh

sin. In 2013, chothaigh INAB an naoi gcreidiúnú do chomhlachtaí cigireachta sa chóras. Bronnadh leathnú ar scóip na gcomhlachtaí cigireachta creidiúnaithe reatha i réimsí na gcigireachtaí bia agus innealtóireachta.

Le linn 2013rinne INAB 13 cigireachtaí ar an láthair i leith comhlachtaí cigireachta creidiúnaithe / iarratasóra agus bronnadh creidiúnú ar dhá chomhlacht cigireachta nua.

### Dea-chleachtas Saotharlainne

Is é INAB an t-údarás náisiúnta monatóireachta atá freagrach as cigireacht agus fíorú Dea-chleachtas Saotharlainne (GLP) faoi I.R. Uimh. 4 de 1991 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (GLP). Ag deireadh 2013, bhí Ráitis Chomhlíonta GLP ag ceithre háis tástála faoin gclár seo. Cuireadh i gcrích dhá chigireacht ar an láthair d'áiseanna comhlíontachta GLP in 2013.

### An Comhlacht Náisiúnta Inniúil le haghaidh EMAS

Is é INAB an comhlacht comharthaithe forásach in Éirinn do chlárú suímh atá ag glacadh páirte i Scéim Iniúchta agus Éicea-Bhainistíochta an AE (EMAS). I rith 2013, chothaigh INAB ceithre heagraíocht atá cláraithe le haghaidh EMAS, a raibh a gcórais bhainistíochta comhshaoil fíoraithe ag fíoraitheoirí creidiúnaithe EMAS de réir na Scéime Iniúchta agus Éicea-Bhainistíochta atá sonraithe i Rialachán (CE) Uimh. 1221/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

## Rialachán 765(2008)

Ar an 1ú Eanáir 2010, tháinig Rialachán AE 765/2008 i bhfeidhm le creat dlíthiúil a sholáthar i leith soláthar seirbhísí creidiúnaithe ar fud na hEorpa. Sa Rialachán úd leagtar amach na riachtanais i dtaca le creidiúnú agus faireachas margaidh maidir le margaíocht tháirgí; agus baineann sé le creidiúnú saotharlann, comhlachtaí iniúchta agus comhlachtaí deimhniúcháin atá i mbun seirbhísí creidiúnaithe um measúnú comhréire ar bhonn deonach nó d'fhonn tacú le reachtaíocht. Sonraítear ann na hoibleagáidí atá ar Bhallstáit, ar Chomhlachtaí Creidiúnaithe um Measúnú Comhréire ar an gComhar Eorpach don Chreidiúnú (EA).

Cuireann an Rialachán dualgas ar Bhallstáit creidiúnú a aithint mar an rogha is fearr chun inniúlacht na gcomhlachtaí measúnaithe comhréire a léiriú. Cuireann an creatchlár dlíthiúil do sholáthar seirbhísí creidiúnaithe bunaithe ag an Rialachán seo le muinín sa mheasúnú comhréireachta agus spreagann sé aitheantas frithpháirteach na dtorthaí agus na dteastas measúnachta comhréireachta. Tá INAB ar an t-aon chomhlacht creidiúnaithe náisiúnta amháin d'Éire.

## Comhaontuithe Iltaobhacha

Tá ballraíocht na gcomhaontuithe iltaobhacha (MLAnna) don Eoraip coinnithe ag INAB trí mheán an Chomhair Eorpaigh um Chreidiúnú (EA) agus ar bhonn domhanda trí mheán an Chomhair Idirnáisiúnta um Chreidiúnú Saotharlainne (ILAC) agus an Fhóraim Idirnáisiúnta Creidiúnaithe (IAF). In 2013, thosaigh INAB i mbun ullmhúcháin dá mheasúnú piara EA sceidealaithe go luath in 2014.

## Feasacht ar Chreidiúnú

Leanadh leis an bhfeasacht ar chreidiúnú agus aiseolas ó pháirtithe leasmhara le linn 2013 trí mheán suirbhéanna agus nuashonruithe cumarsáide. Soláthraíodh cliaint le dhá eagrán de nuachtlitir an INAB IN 2013 i dteannta le nuashonruithe teicniúla rialta.

# Comhaltaí Boird INAB

| | |
|---|---|
|  | **Tom O'Neill, Cathaoirleach Ceannaire Láithreáin, Pfizer, An tOileán Beag** |

| | |
|---|---|
| An Dr Adrienne Duff | (de bhrí oifige), Bainisteoir INAB |
| John Shine | Stiúrthóir Cleachtas Tráchtála<br>An Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí (Leaschathaoirleach) |
| An Dr Nuala Bannon | Cigire<br>An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil |
| Martin O'Halloran | Príomhfheidhmeannach<br>An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta |
| Jan van der Poel | Príomhfheidhmeannach<br>Comhlacht Creidiúnaithe na hÍsiltíre (RvA) |
| Dr Caitriona Fisher | Bainisteoir Cáilíochta<br>Bord Leigheasra na hÉireann |
| Paul Hetherington | Stiúrthóir<br>An tSaotharlann Náisiúnta Méadreolaíochta, NSAI |
| An tOll Alan Reilly | Príomhfheidhmeannach<br>An tÚdarás um Shábháilteacht Bia |
| An Dr Emer Lalor | Haemaiteolaí Comhairleach[5] |
| Ita Kinahan | Poitigéir Stáit[6]<br>An tSaotharlann Stáit |
| Jim O'Toole | Stiúrthóir na Rannóige Feola agus Beostoic[7]<br>Bord Bia |

[5] Ceaptha i mí Iúil 2013 tar éis éirí as an Dr Andrew Hodgson

[6] Ceaptha i mí Iúil 2013 tar éis éirí as Dermot Hayes

[7] Ceaptha i mí Iúil 2013 tar éis éirí as Tom Dempsey

# Rialachas Corparáideach

# Rialachas Corparáideach

Bunaíodh Forfás faoin Acht um Fhorbairt Tionscail 1993 agus feidhmíonn sé de réir fhorálacha na nAchtanna um Fhorbairt Tionscail 1986 go 2009 agus faoi choimirce an Aire Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm ag Forfás d'fhonn comhlíontacht leis na riachtanais shonracha seo a leanas a chinntiú:

## An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus an tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001

De réir fhorálacha an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus an Achta um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001, soláthraíonn Comhaltaí Boird Fhorfás agus comhaltaí de Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (INAB), a fheidhmíonn mar rannóg agus fo-Bhord de chuid Fhorfás, ráitis a mbaineann leas ábhartha leo do Rúnaí an Choimisiúin, don Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí agus cóipeanna don Rúnaí Fhorfás.

Le héifeacht ó 2011, tá comhaltaí an tSainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí (EGFSN) i dteannta le comhaltaí na Comhairle Náisiúnta Iomaíochais (NCC) ainmnithe faoi na hAchtanna.

Lena chois sin, comhlíonann comhaltaí foirne Fhorfás a bhfuil poist ainmnithe acu leis an dá Acht.

## Saoráil Faisnéise (SF)

Le héifeacht ó Eanáir 2001, tá Forfás cumhdaithe ag forálacha na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise (SF). Bhunaigh na hAchtanna seo trí cheart reachtúil:

- Ceart dlíthiúil ag gach duine rochtain a fháil a fhaisnéis atá coinnithe ag comhlachtaí poiblí;
- Ceart dlíthiúil ag gach duine faisnéis oifigiúil, atá coinnithe ag comhlacht poiblí maidir leis/léi a fháil leasaithe nuair atá sí neamhiomlán, mícheart nó míthreorach; agus
- Ceart dlíthiúil cúiseanna a fháil maidir le cinntí atá tógtha ag comhlacht poiblí, mar a bhaineann leis an duine féin.

## Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 agus 2004

Tá Forfás tiomanta do bheartas deiseanna comhionanna agus glacann sé cur chuige dearfach i dtreo comhionannais san eagraíocht.

Tá roinnt scéimeanna á reáchtáil againn, ag soláthar comhaltaí foirne le roghanna maidir lena riachtanais ghairme agus phearsanta a chomhlíonadh, roghanna dála postroinnt, saoire staidéir agus cláir oideachais.

Cloíonn Forfás lena chuid oibleagáidí reachtúla faoi na hAchtanna um Chomhionannas 1998 agus 2004. Tá beartas ar Chosaint na Dínite san Obair i bhfeidhm agus é curtha in iúl don fhoireann ar fad.

## An tAcht um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1988

Tá socruithe ann le go bhfreastalódh Fóram Comh-Rannpháirteach ar cheanglais an Achta um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit) 1998.

## An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005

De réir na hAchta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 agus Rialacháin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag Obair (Feidhmeanna Ginearálta) 2010, tá Ráiteas Sábháilteachta ullmhaithe ag Forfás lena n-áirítear na gnéithe ar fad a bhfuil tionchar acu ar leas foirne agus cuairteoirí. Tá an cháipéis seo á nuashonrú ar bhonn leanúnach.

## Íoc Pras Cuntas

Leasaíodh an tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997 (an tAcht), a tháinig i bhfeidhm ar 2 Eanáir 1998, le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002.

Tá cleachtais íocaíochta Fhorfás, mar a éilíonn an tAcht, tuairiscithe thíos don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012.

1. Tá sé de nós ag Forfás a chinntiú go n-íoctar na sonraisc go léir go pras. Tá nósanna imeachta sainiúla ar bun le cur ar a chumas rianú a dhéanamh ar na sonraisc go léir agus a chinntiú go ndéantar íocaíochtaí roimh an spriocdháta. Cláraítear sonraisc gach lá agus eisítear íocaíochtaí de réir mar a theastaíonn siad d'fhonn comhlíontacht tráthúil a chinntiú.
2. Ionchorpraíonn an córas rialaithe inmheánach srianta agus modhanna dá leithéid a meastar le bheith riachtanach chun comhlíontacht i dtaca leis an Acht a chinntiú. Cuimsíonn córas rialaithe inmheánaigh na heagraíochta rialuithe cuntasaíochta agus ríomhaireachta atá chun aitheantas na sonrasc agus na gconarthaí atá le híoc a chinntiú laistigh de dháta íocaíochta atá leagtha síos agus sainithe faoin Acht. Tá na smachta seo deartha chun árachas réasúnta, agus ní fíor-árachas, i gcoinne neamh-ghéilleadh ábhartha leis an Acht a sholáthar. Táirgeann an Rannóg Airgeadais tuairisc a aithníonn sonraisc nach bhfuil íoctha agus déantar athbhreithniú ar an dtuairisc seo go rialta.

Tá an bhainistíocht sásta gur chloígh Forfás le forálacha an Achta i dtaobh gach gné ábhartha.

Ní raibh aon fhorbairtí ábhartha ó 1 Eanáir 2013.

### Íoc Pras na Soláthraithe

Tá Forfás tiomanta dá oibleagáidí faoin Riail Íoc Pras 15 lá a chomhlíonadh, riail a cuireadh i bhfeidhm ar 1 Iúil 2011.

Cinntíonn an fhoráil seo go ndéanfar íocaíochtaí le soláthraithe i ndáil le gach sonrasc bailí faighte laistigh de 15 lá féilire.

Tuairiscíonn Forfás ar bhonn ráithiúil sa rannóg Our Commitments den láithreán gréasáin faoi chur chun feidhme na Rialach Íoc Pras 15 lá.

# Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, 2009

I ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit in 2009, tá athbhreithniú déanta ag Forfás ar a phróisis d'fhonn a chinntiú go bhfuil forálacha an Chóid Athbhreithnithe á chomhlíonadh aige.

### Nochtadh Leasanna na gComhaltaí Boird

De réir an Chóid Chleachtais Athbhreithnithe um Rialachas Comhlachtaí Stáit, 2009, soláthraíonn Comhaltaí Boird Fhorfás, tráth a gceaptha ar an mBord agus i rith a dtréimhse in oifig, sonraí leasanna a d'fhéadfadh a bheith mar bhonn le coinbhleacht leasa nó a d'fhéadfadh tionchar ábhartha a bheith aige ar an gcomhalta agus é/í ag feidhmiú nó i mbun dualgas mar chomhalta den Bhord.

### Táillí agus Tinreamh an Bhoird

| **Comhalta Boird** | **Táillí €'000** | **Tinreamh (reáchtáladh 7 gcruinniú in 2013)** |
|---|---|---|
| Eoin O'Driscoll | 21 | 7 as 7 |
| Mark Ferguson | Nialas | 5 as 7 |
| John Murphy | Nialas | 7 as 7 |
| Barry O'Leary | Nialas | 6 as 7 |
| *Frank Ryan | Nialas | 5 as 6 |
| *Julie Sinnamon | Nialas | 1 as 2 |
| Martin D. Shanahan | Nialas | 7 as 7 |

*D'éirigh Frank Ryan as ó Bhord Fhorfás i mí na Samhna 2013.

*Ceapadh Julie Sinnamon ar Bhord Fhorfás i mí na Samhna 2013.

### Costais an Bhoird

Níor íocadh aon costais le Comhaltaí Boird in 2013

# Cairt Chustaiméirí

Sonraítear i gCairt Chustaiméirí Fhorfás a thiomantas do sheirbhís ar ardchaighdeán dár gcustaiméirí. Tá an Chairt ar fáil anseo. Áirítear nós imeachta chun déileáil le gearáin sa Chairt seo.

Ní bhfuarthas aon ghearáin in 2013.

## Éifeachtúlacht Fuinnimh

Faoi Ionstraim Reachtúil (IR) 542 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (éifeachtúlacht úsáid deiridh fuinnimh agus seirbhísí fuinnimh) 2009, tá oibleagáidí sonracha tuairiscithe fuinnimh ar an earnáil phoiblí. Iarrann Forfás an modh is tíosaí ar fhuinneamh agus is cairdiúla don chomhshaol ó thaobh fuinnimh de atá ar fáil a úsáid i ngach réimse ábhartha d'úsáid fuinnimh agus seirbhísí dá bhfoirgnimh. D'fhonn comhlíonadh le riachtanais rialála tá Teastas Taispeána Fuinnimh á thaispeáint ag Forfás ina limistéar fáiltithe.

Ag deireadh 2009, chuir Forfás tús le tionscadal ilbhliantúil atá dírithe ar éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú i dTeach Pháirc Wilton le tacaíocht ó Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann. San áireamh sa tionscadal seo bhí athrú ó chóras ola go córas gáis (2010), soilsiú tíosach ar fhuinneamh a shuiteáil (2010), córas feabhsaithe bainistíochta foirgneamh agus tionscnaimh um fheasacht fuinnimh. I mí Iúil, mar chuid den phróiseas i leith Forfás a chomhtháthú leis an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta, aistríodh freagracht an phríomh-léasóra as Teach Pháirc Wilton go dtí GTF Éireann.

# Ráitis Airgeadais

# Ráiteas ar Fhreagrachtaí na gComhaltaí Boird

## Do Ráitis Airgeadais Bhliantúla 2013

Éilíonn Mír 7(2) den Chéad Sceideal leis an Acht um Fhorbairt Tionscail, 1993 ar Fhorfás gach cuntas cuí agus gnách i ndáil le hairgead a fhaigheann sé agus a chaitheann sé a choimeád, i cibé foirm a fhaomhann an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta le comhthoil an Aire Caiteachais Poiblí agus Athchóirithe.

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, éilítear ar Fhorfás:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin má tá sé míchuí a leithéid a dhéanamh;
- aon imeachtaí ábhartha ó Chaighdeáin Chuntasaíochta infheidhme a nochtadh agus a mhíniú.

Tá an Bord freagrach as leabhair chuntais chuí a choimeád, a nochtann le cruinneas réasúnach a stádas airgeadais ag am ar bith agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais le Mír 7(2) den Chéad Sceideal leis an Acht um Fhorbairt Tionscail, 1993. Tá na leabhair chuntais seo lonnaithe i gceanncheathrú na Gníomhaireachta, Teach Pháirc Wilton, Plás Wilton, Baile Átha Cliath 2. Tá an Bord freagrach freisin as a chuid sócmhainní a chosaint agus dá réir sin as céimeanna réasúnacha a ghlacadh de láimh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Thar ceann an Bhoird:

Eoin O'Driscoll

Cathaoirleach

Martin D. Shanahan

Príomhfheidhmeannach

18 Meitheamh 2014

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Forfás

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Fhorfás don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2013 faoin Acht um Fhorbairt Tionscail, 1993. Cuimsíonn na ráitis airgeadais, atáthar tar éis a ullmhú de réir na mbeartas cuntasaíochta leagtha amach iontu, na beartais chuntasaíochta, an cuntas ioncaim agus caiteachais, ráiteas na ngnóthachan agus na gcaillteanas aitheanta iomlán, an clár comhardaithe, ráiteas faoi shreabhadh airgid agus na nótaí gaolmhara. Táthar tar éis na ráitis airgeadais a ullmhú san fhoirm a fhorordaítear faoi mhír 7 den chéad sceideal leis an Acht, agus i gcomhréir leis an gcleachtas cuntasaíochta a bhfuil glactha go coitianta leis in Éirinn.

### Freagrachtaí na gComhaltaí Boird

Tá an Bord freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú dtugann siad tuairisc fíor agus chothrom ar staid ghnóthaí Fhorfás agus ar a ioncam agus a chaiteachas, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Táim freagrach as iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus as tuairisciú orthu i gcomhréir leis an dlí is infheidhme.

Déantar m'iniúchadh le tagairt do na breithnithe speisialta a ghabhann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus a bhfeidhmiú.

Déantar m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (An Ríocht Aontaithe agus Éire) agus i gcomhlíonadh le Caighdeáin Eiticiúla d'Iniúchóirí an Bhoird um Chleachtais Iniúchóireachta.

Scóip an iniúchta ar na ráitis airgeadais

Baineann iniúchadh le fianaise a bhailiú faoi na suimeanna agus na nochtaí atá sna ráitis airgeadais, fianaise ar leor í chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó aon mhíráiteas ábhartha, cibé mar gheall ar chalaois nó earráid é. Cuimsíonn sé sin measúnú ar

- cibé an bhfuil na beartais chuntasaíochta cuí do chúinsí Fhorfás, agus an bhfuil siad curtha chun feidhme ar bhonn comhsheasmhach agus á nochtadh go leordhóthanach
- réasúntacht na meastachán suntasach cuntasaíochta a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmú,
- cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais.

Déanaim iarracht freisin fianaise a ghnóthú maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais i gcaitheamh iniúchta.

Sa bhreis air sin, léim tuarascáil bhliantúil Fhorfás chun neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a aithint. Má thugaim aon mhíráiteas nó neamhréireacht dealraitheacha ábhartha faoi deara, déanaim breithniú ar na himpleachtaí a bheadh ag a leithéid ar mo thuairisc féin.

## Tuairim i leith na ráiteas airgeadais

I mo thuairim, tugann na ráitis airgeadais, atáthar tar éis a ullmhú de réir an chleachtais chuntasaíochta a bhfuil glactha go coitianta leis in Éirinn, léargas cruinn agus cothrom ar staid ghnóthaí Fhorfás ag 31 Nollaig 2013 agus ar an ioncam agus caiteachas dá chuid don bhliain 2013.

I mo thuairim, tá leabhair chuntais chuí coimeádta ag Forfás. Tá na ráitis airgeadais i gcomhaontú leis na leabhair chuntais.

## Nithe a dtuairiscím de réir eisceachta orthu

Tuairiscím de réir eisceachta sna cásanna seo a leanas

- mura bhfuil an fhaisnéis agus na míniúcháin uile a theastaigh uaim dom' iniúchadh faighte agam, nó
- má tógadh faoi deara i m'iniúchadh nach raibh airgead á úsáid chun na críocha beartaithe ina leith nó sa chás nár ghéill na hidirbhearta do na húdaráis á rialú, nó
- mura bhfuil an fhaisnéis atá tugtha i dtuarascáil bhliantúil Fhorfás comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais ghaolmhara, nó
- mura léiríonn an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais géilliúlacht Fhorfás don Chód Cleachtais ar Rialachas Comhlachtaí Stáit, nó
- más rud é gur léir dom gur ann do nithe ábhartha eile a bhaineann leis an mbealach inar cuireadh gnó poiblí i gcrích.

Níl aon rud le tuairisciú agam maidir leis na nithe sin a dtuairiscítear de réir eisceachta orthu.

Seamus McCarthy

Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

27 Meitheamh 2014

# Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

Thar ceann an Bhoird de chuid Fhorfás, aithním ár bhfreagracht as a chinntiú go gcoinníonn agus go bhfeidhmíonn an Ghníomhaireacht Córas um Rialú Inmheánach Airgeadais atá éifeachtúil.

Ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnach agus ní dearbhú absalóideach a sholáthar go ndéantar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó go ndéanfaí iad a bhrath in achar tráthúil ama.

Tá an Bord tar éis tabhairt faoi roinnt céimeanna chun a chinntiú go bhfuil timpeallacht rialaithe chuí i bhfeidhm trí:

- Nósanna imeachta foirmiúla a bhunú chun monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus cosaint a dhéanamh ar shócmhainní na heagraíochta;
- Freagrachtaí agus cumhachtaí bainistíochta a shainmhíniú go soiléir;
- Cultúr freagrachta a fhorbairt thar gach leibhéal de chuid na heagraíochta.

Tá próisis bunaithe ag an mBord chun rioscaí gnó a aithint agus a mheas trí:

- Nádúr, méid agus impleachtaí airgeadais na rioscaí atá roimh an gcomhlacht a aithint lena n-áirítear méid agus catagóirí a bhraitheann siad atá inghlactha;
- An dóchúlacht go dtarlóidh na rioscaí aitheanta a mheas;
- Ag obair go dlúth leis an Rialtas agus le Gníomhaireachtaí éagsúla chun a chinntiú go bhfuil tuiscint soiléir ar spriocanna Fhorfás agus tacaíocht le haghaidh straitéisí Fhorfás chun na spriocanna sin a bhaint amach.

Tá an Córas um Rialú Inmheánach Airgeadais bunaithe ar chreatlach d'fhaisnéis bainistíochta rialta, gnáthaimh riaracháin lena n-áirítear leithscaradh na ndualgas, agus córas tarmligean agus cuntasachta. Áirítear ann ach go háirithe:

- Córas buiséadaithe cuimsitheach ina bhfuil buiséad bliantúil atá athbhreithnithe agus aontaithe ag an mBord;
- Athbhreithnithe rialta ag an mBord ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le réamh-mheastacháin;
- Spriocanna a leagan chun feidhmíocht airgeadais agus eile a thomhas;
- Disciplíní foirmiúla um bainistíocht tionscadail.

Tá feidhm iniúchóireachta inmheánaí seachfhoinsithe ag Forfás, a fheidhmíonn de réir Creat-Chód an Dea-Chleachtais atá leagtha amach sa Chód Cleachtais ar Rialachas Comhlachtaí Stáit, a tuairiscíonn díreach chuig an gCoiste Iniúchóireachta. Faigheann obair na hiniúchóireachta inmheánaí a cuid eolais ó anailís ar an riosca atá roimh an gcomhlacht agus tá pleananna iniúchóireachta inmheánaí bunaithe ar an anailís seo. Formhuiníonn an Coiste Iniúchóireachta anailís ar an riosca agus pleananna na hiniúchóireachta inmheánaí. Buaileann an Coiste Iniúchóireachta le chéile ar bhonn ráithiúil chun athbhreithniú a dhéanamh leis an iniúchóir inmheánach ar thoradh na n-iniúchtaí agus chun fóntacht agus éifeachtacht leanúnach an Chórais um Rialú Inmheánach Airgeadais a dhearbhú. In 2010, d'fhostaigh an Bord saineolaí seachtrach chun comhairle a chur ar an gCoiste Iniúchóireachta ar ábhair airgeadais teicniúla.

# Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais (ar lean)

Bíonn monatóireacht agus athbhreithniú an Bhoird ar éifeachtacht an Chórais um Rialú Inmheánach Airgeadais bunaithe ar eolas a eascraíonn ó obair an iniúchóra inmheánaigh agus an Choiste Iniúchóireachta a dhéanann maoirseacht ar obair an iniúchóra inmheánaigh agus rialú na mbainisteoirí feidhmiúcháin laistigh d'Fhorfás atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreatchláir rialaithe airgeadais agus tuairimí de chuid an Ard-Reachtaire Cuntas & Ciste ina litir bhainistíochta.

Deimhním, maidir leis an mbliain dar chríoch 31 Nollaig 2013, go ndearna an Bord athbhreithniú ar éifeachtacht an Chórais um Rialú Inmheánach Airgeadais.

Sínithe thar ceann an Bhoird

Eoin O'Driscoll

Cathaoirleach

18 Meitheamh 2014

# Beartais Chuntasaíochta

## Na hAchtanna um Fhorbairt Tionscail 1993, 1995, 1998, 2003 agus 2009

Bunaíodh Forfás, an bord comhairleach agus comhordaithe beartais d'fhorbairt tionscail agus eolaíocht & teicneolaíocht in Éirinn, ar 1 Eanáir, 1994, faoi fhorálacha an Achta um Fhorbairt Tionscail 1993, arna leasú ag reachtaíocht iartheachtach.  Is é an comhlacht trína shanntar cumhachtaí ar Fhiontraíocht Éireann, i leith cur chun cinn an tionscail dhúchasaigh, agus ar GFT Éireann, i leith cur chun cinn na hinfheistíochta isteach.

Le cois a phríomhfheidhm comhairleach agus comhordaithe, tá Forfás freagrach freisin as costais phinsean chomhaltaí foirne scortha de chuid Fhorfás, GFT Éireann, Fiontraíocht Éireann, Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus roinnt iarghníomhaireachtaí eile, faoi na hAchtanna um Fhorbairt Tionscail 1993, 1998 agus 2003, mar atá leagtha amach i Nóta 8 leis na Ráiteas Airgeadais seo.

### 1. Bunús na Cuntasaíochta

Táthar tar éis na Ráitis Airgeadais a ullmhú i gcomhréir leis an gcoinbhinsiún costais stairiúil san fhoirm atá faofa ag an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta le comhthoil an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoin Acht um Fhorbairt Tionscail 1993.  Ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn fabhruithe, ach amháin sa mhéid atá sonraithe thíos agus tá siad i gcomhréir leis an gcleachtas cuntasaíochta a bhfuil glactha go coitianta leis.  Glactar leis na Caighdeáin Tuairiscithe Airgeadais, arna moladh ag Bord na gCaighdeán Cuntasaíochta, de réir mar atá siad infheidhme.

Ar an 16 Aibreán 2013, d'áitigh an Rialtas go foirmiúil intinn an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta comhthathú a dhéanamh ar fheidhmeanna taighde agus comhairle beartais Fhorfás isteach sa Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta. Foilsíodh an Bille um Fhorbairt Tionscail (Díscaoileadh Fhorfás) a dhéanann foráil le haghaidh díscaoileadh Fhorfás agus aistriú a chuid feidhmeanna chuig an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, Fiontraíocht Éireann, GFT Éireann agus an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta ar 19 Nollaig 2013. Mar sin féin, ní cheaptar go mbeidh aon tionchar ar luach na sócmhainní agus dliteanas sa Chlár Comhardaithe.  Sna cúinsí seo, táthar tar éis na Ráitis Airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh.

Le linn 2013, aistríodh foireann an leasa léasachta agus áiseanna gaolmhara do na foirgnimh léasaithe ó Fhorfás go dtí GFT Éireann. Mar thoradh laghdaigh deontas an Oireachtais le linn 2013.

### 2. Ioncam a Aithint

Is ionann an t-ioncam ó Dheontas an Oireachtais agus fáltais airgid iarbhír sa bhliain.

### 3. Sócmhainní Seasta agus Dímheas

Is éard atá i gceist le Sócmhainní Seasta ná sócmhainní seasta inláimhsithe faoi úinéireacht Fhorfás agus luaitear iad ag costas lúide dímheas carntha.  Ríomhtar dímheas d'fhonn costas na sócmhainní seasta a dhíscríobh thar tréimhse mheasta a saolré ionchais mar seo a leanas:

- Trealamh Ríomhaireachta: 3 bliana

- Mótarfheithiclí: 4 bliana
- Fearais agus Feistis: 5 bliana

# Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

Gearrtar dímheas sa bhliain cheannaigh agus ní ghearrtar sa bhliain diúscartha é. Caitear Fearais, Feistis agus Trealamh Ríomhaireacht faoi bhun na tairsí caipitlithe €1,000 sa Chuntas Ioncaim & Caiteachais sa bhliain cheannaigh.

### 4. Cuntas Caipitil

Léiríonn an Cuntas Caipitil na cistí neamh-amúchta úsáidte i ndáil le gnóthú na Sócmhainní Seasta.

### 5. Airgeadra Eachtrach

Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgid atá in airgeadra eachtrach ag na rátaí malairte atá i bhfeidhm ag dáta an Chláir Chomhardaithe. Aistrítear ioncaim agus costais ag na rátaí malairte atá i bhfeidhm ag dátaí na n-idirbheart bunúsach.

### 6. Féichiúnaithe

Díscríobhtar drochfhiacha aitheanta a luaithe a thagann siad chun cinn agus déantar soláthar ar leith má mheastar aisghabháil a bheith amhrasach.

### 7. Costais Phinsean

Feidhmíonn Forfás sé scéim pinsean um shochar sainithe, atá maoinithe ar bhonn bliantúil ar bhonn íoc mar a théann tú ó airgead a chuirtear ar fáil dó, lena n-áirítear airgead a chuireann an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta ar fáil agus airgead ó ranníocaíochtaí áirithe a asbhaintear ó thuarastail na gcomhaltaí foirne.

Tugann na costais phinsean léargas ar na sochair phinsean tuilte ag fostaithe sa tréimhse agus taispeántar iad ar bhonn glan ó ranníocaíochtaí coimeádta pinsin foirne. Aithnítear aon mhéid arb ionann é agus an muirear pinsean mar ioncam, sa mhéid is go bhfuil sé inghnóthaithe, agus fritháirithe ag deontais a fhaightear sa bhliain chun íocaíochtaí pinsean a scaoileadh.

Léirítear caillteanais nó gnóthachain achtúireacha ar dhliteanais scéime i Ráiteas na gCaillteanas agus na nGnóthachan Aitheanta Iomlán agus tá coigeartú comhfhreagrach aitheanta sa mhéid in-aisghafa ón Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta.

Léiríonn dliteanais phinsin luach reatha de chuid íocaíochtaí pinsean na todhchaí atá tuillte ag comhaltaí foirne go dtí seo. Is ionann an maoiniú iarchurtha pinsean agus an tsócmhainn chomhfhreagrach atá le haisghabháil ón Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta amach anseo.

Tomhaistear dliteanais scéime pinsean ar bhonn achtúireach ag úsáid modh an aonaid réamh-mheasta.

## 8. Léasanna Oibriúcháin

Tugtar cuntas ar nithe atá ar cíos faoi léasanna oibriúcháin de réir mar a bhíonn siad dlite.

# Cuntas Ioncaim agus Caiteachais

## An Bhliain Dar Críoch 31 Nollaig 2013

| | Nóta | **2013**<br>**€'000** | 2012<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| Deontas Oireachtais | 1 | **40,076** | 51,422 |
| Táillí Proifisiúnta – Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú | 2 | **2,183** | 1,888 |
| Eile | 3 | **12** | 823 |
| Cláir Rannach | 6 | **391** | 3,761 |
| Glanmhaoiniú Pinsin Iarchurtha | 8 (e) | **27,474** | 21,158 |
| | | **70,136** | 79,052 |
| **Caiteachas** | | | |
| Costais Riaracháin agus Ghinearálta | 4 | **9,282** | 13,066 |
| Dímheas | 7 | **85** | 113 |
| Costais Phinsean | 8 (c.i) | **61,499** | 61,372 |
| Cláir Rannach | 6 | **391** | 3,761 |
| | | **71,257** | 78,312 |
| (Easnamh)/Farasbarr don Bhliain | | **(1,121)** | 740 |
| Ranníocaíocht chuig Státchiste | 5 | **(488)** | (623) |
| Iarmhéid ag tús na Bliana | | **2,804** | 2,599 |
| Aistriú go Cuntas Caipitil | 9 | **76** | 88 |
| **Iarmhéid ag deireadh na Bliana** | | **1,271** | **2,804** |

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad na Beartais Chuntasaíochta, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 17.

Thar ceann an Bhoird:

Eoin O'Driscoll — Cathaoirleach

Martin D. Shanahan — Príomhfheidhmeannach

18 Meitheamh 2014

# Ráiteas na gCaillteanas agus na nGnóthachan Aitheanta Iomlán

## An Bhliain Dar Críoch 31 Nollaig 2013

| | Nóta | **2013** €'000 | 2012 €'000 |
|---|---|---|---|
| Farasbarr/ (Easnamh) don Bhliain | | **(1,121)** | 740 |
| Gnóthachan/(Caillteanas) Achtúireach ar Dhliteanais Phinsin | 8 (c.ii) | **25,395** | (194,127) |
| Coigeartú ar Mhaoiniú Pinsin Iarchurtha | 8 (c.ii) | **(25,395)** | 194,127 |
| **Gnóthachan/(Caillteanas) Aitheanta Iomlán don Bhliain** | | **(1,121)** | 740 |

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad na Beartais Chuntasaíochta, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 17.

Thar ceann an Bhoird:





Eoin O'Driscoll
Cathaoirleach

Martin D. Shanahan
Príomhfheidhmeannach

18 Meitheamh 2014

# Clár Comhardaithe

## Amhail ag 31 Nollaig 2013

| | Nóta | **2013** €'000 | 2012 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | | | |
| Sócmhainní Seasta Inláimhsithe | 7 | **58** | 134 |
| **Iomlán na Sócmhainní Seasta** | | **58** | 134 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Cuntais Infhála | 10 | **693** | 2,974 |
| Banc | | **1,092** | 386 |
| | | **1,785** | 3,360 |
| **Cuntais Iníoctha** | 11 | **514** | 556 |
| **Glansócmhainní Reatha** | | **1,271** | 2,804 |
| **Sócmhainn Maoinithe Iarchurtha** | 8 (d) | **1,189,753** | 1,187,674 |
| **Fiachas Pinsin** | 8 (d) | **(1,189,753)** | (1,187,674) |
| **Iomlán na Sócmhainní Lúide Dliteanais Reatha** | | **1,329** | 2,938 |
| Ionadaithe Ag: | | | |
| **Cuntas Caipitil** | 9 | **58** | 134 |
| **Cuntas Ioncaim agus Caiteachais** | | **1,271** | 2,804 |
| | | **1,329** | 2,938 |

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad na Beartais Chuntasaíochta, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 17.

Thar ceann an Bhoird:





Eoin O'Driscoll
Cathaoirleach

Martin D. Shanahan
Príomhfheidhmeannach

18 Meitheamh 2014

# Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid

## An Bhliain Dar Críoch 31 Nollaig 2013

| | Nóta | 2013 €'000 | 2012 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Imréiteach ar Ghlan-Ghluaiseacht don Bhliain go dtí Glan-Sreabhadh Airgid ó Oibríochtaí** | | | |
| **Farasbarr/(Easnamh) don Bhliain** | | **(1,121)** | 740 |
| Ús Bainc | | **(12)** | (30) |
| (Brabús)/Caillteanas ar Dhiúscairt Sócmhainní | | **4** | - |
| Muirear Dímheasa: | | | |
| - Sócmhainní Seasta Inláimhsithe | 7 | **85** | 113 |
| (Méadú)/Laghdú i gCuntais Infhála | | **2,281** | (339) |
| Méadú/(Laghdú) i gCuntais Iníoctha | | **(42)** | (14) |
| **Glan-Sreabhadh Airgid ó Oibríochtaí** | | **1,195** | 470 |
| **Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid** | | | |
| **Glan-Sreabhadh Airgid ó Oibríochtaí** | | **1,195** | 470 |
| **Torthaí ar Infheistíocht agus Seirbhísiú Airgeadais** | | | |
| Ús Bainc | | **12** | 30 |
| **Sreabhadh Airgid roimh Chaiteachas Caipitil** | | **1,207** | 500 |
| **Maoiniú Caipitil** | | | |
| Ceannachán na Sócmhainní Seasta Inláimhsithe | 7 | **(13)** | (25) |
| **Sreabhadh Airgid tar éis Caiteachas Caipitil** | | **1,194** | 475 |
| Ranníocaíocht chuig Státchiste | 5 | **(488)** | (623) |
| **Méadú/(Laghdú) in Airgead Tirim** | | **706** | (148) |
| **Imréiteach an Mhéadaithe/(Laghdaithe) ar Airgead Tirim go hAirgead Tirim sa Bhanc** | | | |
| **Gluaiseacht in Airgead Tirim don Bhliain** | | **706** | (148) |
| **Airgead Tirim sa Bhanc ar 1 Eanáir** | | **386** | 534 |
| **Airgead Tirim sa Bhanc ar 31 Nollaig** | | **1,092** | 386 |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

## An Bhliain Dar Críoch 31 Nollaig 2013

### 1. Deontas Oireachtais

| | | 2013 | 2012 |
|---|---|---|---|
| | | **€'000** | €'000 |
| Maoinithe ag an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta Vóta 32 | | | |
| Costais Riaracháin agus Ghinearálta | Fotheideal B.1. Forfás | **29,661** | 38,832 |
| An tAcht um Bearta Airgeadais (Nóta 8 (a.i)) | Fotheideal B.2. Forfás | **10,415** | 12,590 |
| Iomlán | | **40,076** | 51,422 |

a) Faoi Alt 11 den Acht um Fhorbairt Tionscail, 1993, arna leasú ag Alt 4(a) den Acht um Fhorbairt Tionscail, 2009, ní sháróidh méid comhiomlán na ndeontas déanta ag an Aire le Forfás agus a Ghníomhaireachtaí, le cur ar a gcumas a gcuid oibleagáidí agus dliteanas a dhíscaoileadh, €7,000,000,000. Ag 31 Nollaig, 2013 b'ionann an méid comhiomlán a sholáthraíodh dá réir d'Fhiontraíocht Éireann, GFT Éireann agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus €4,907,260,754.

b) Faoi Alt 14(3) den Acht um Fhorbairt Tionscail, 1986, Alt 37 den Acht um Fhorbairt Tionscail ,1969, agus Alt 2 agus 3 den Acht um Fhorbairt Tionscail, 1977, ní sháróidh méid comhiomlán na ndeontas déanta ag an Aire le Forfás agus a Ghníomhaireachtaí, le cur ar a gcumas a gcuid oibleagáidí agus dliteanas a chomhlíonadh i ndáil le príomhshuim agus ús de bhua Ráthaíochtaí Iasachta faoi aon chuid de na hailt seo €158,717,260. Ag 31 Nollaig, 2013 b'ionann an méid comhiomlán a sholáthraíodh dá réir agus €13,547,211.

c) I mí na Nollag 2013 bhí vírmint de chuid €1,806,000 ó Fhotheideal B.1. Forfás go Fotheideal A5(i) GFT Éireann sannta ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, bhí gá leis seo de bharr aistriú na léasanna réadmhaoine ó Fhorfás go GFT Éireann i mí Iúil 2013 agus uainiú na n-íocaíochtaí léasa roimh ré.

### 2. Táillí Gairmiúla - Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú

Bunaíodh Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (INAB) mar Choiste de chuid Fhorfás faoi Alt 10 den Acht um Fhorbairt Tionscail, 1993 arna leasú ag Alt 46 den Acht um Fhorbairt Tionscail (Fiontraíocht Éireann), 1998 chun na feidhmeanna atá sonraithe thíos a chur i gcrích.

Is é an comhlacht náisiúnta atá freagrach as creidiúnú eagraíochtaí a bhfuil baint acu le calabrú, tástáil, iniúchadh agus deimhniú cáilíochta, táirgí agus córais bhainistíochta pearsana in Éirinn, mar aon leis an údarás reachtúil GLP (Dea-chleachtas Saotharlainne) atá freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíontacht. Tá sé ar an gcomhlacht inniúil do EMAS (Scéime um Éiceabhainistíocht agus Iniúchóireacht). Gintear Táillí Gairmiúla ó na gníomhaíochtaí a áiríonn measúnú ar shaotharlanna agus ar chomhlachtaí deimhniúcháin. Áirítear costais a dtabhaítear i nginiúint an ioncaim seo faoin gceannteideal caiteachais ábhartha.

Ar an 5 Márta 2013, d'aontaigh an Rialtas reachtaíocht a thabhairt isteach chun Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú a aistriú ó Fhorfás chuig an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta. Foilsíodh an Bille um Fhorbairt Tionscail (Díscaoileadh Fhorfás) a dhéanann foráil le haghaidh díscaoileadh Fhorfás ar an 19 Nollaig 2013.

# Nótaí do na Ráitis Airgeadais

## An Bhliain Dar Críoch 31 Nollaig 2013

### 3. Ioncam Eile

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | **€'000** | €'000 |
| Ioncam Cíosa* | **-** | 793 |
| Ús Bainc | **12** | 30 |
| Ioncam Eile | **-** | - |
| **Iomlán** | **12** | 823 |

*Foligean na hEarnála Príobháidí um spás breise i bhfoirgneamh reatha na ceanncheathrún i dTeach Pháirc Wilton. D'aistrigh an léas i dtaca le Teach Pháirc Wilton ó Fhorfás go GFT Éireann i mí Iúil 2013.

### 4. Costais Riaracháin agus Ghinearálta

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | **€'000** | €'000 |
| Luach Saothair agus Costais na gComhaltaí Boird (Lena n-áirítear Luach Saothair an Phríomhfheidhmeannaigh)[1] | **222** | 282 |
| Costais Phá[2] | **5,094** | 6,089 |
| Costais Phearsanra Eile | **165** | 142 |
| Costais Taistil & Chothabhála | **167** | 180 |
| Seirbhísí Speisialaithe agus Gairmiúla | **974** | 941 |
| Taighde agus Staidéar | **784** | 633 |
| Cíosanna, Rátaí, Deisiúchán agus Cothabháil[3] | **1,405** | 4,412 |
| Costais Oibriúcháin Eile[8] | **447** | 748 |
| Oifig an Phríomhchomhairleora Eolaíochta[4] | **-** | 185 |
| Táille Iniúchta | **24** | 19 |
| Leithdháileadh an fhorchostais go clár Chathair Eorpach na hEolaíochta | **-** | (565) |
| **Iomlán** | **9,282** | 13,066 |
| Cuimsíonn Costais Phá: | | |
| Pánna agus Tuarastail | **4,695** | 5,616 |
| Costais Leasa Shóisialaigh | **339** | 389 |
| Costais Phinsean | **60** | 84 |
| **Iomlán** | **5,094** | 6,089 |

### 4. Costais Riaracháin agus Ghinearálta (ar lean)

1 Seo a leanas mar a bhí Luach Saothair na gComhaltaí Boird:

| | | 2013 €'000 | 2012 €'000 |
|---|---|---|---|
| Eoin O'Driscoll (Cathaoirleach) | | **21** | 21 |
| Barry O'Leary | | **-** | - |
| Mark Ferguson | | **-** | - |
| Martin Shanahan | | **-** | - |
| John Murphy | | **-** | - |
| Julie Sinnamon | Ceaptha 03/11/2013 | **-** | - |
| Frank Ryan | Ar scor 02/11/2013 | **-** | - |
| Don Thornhill | Scoir de bheith mar chomhalta boird in 2012 | **-** | 2 |
| William O'Brien | Scoir de bheith mar chomhalta boird in 2012 | **-** | 10 |
| Bob Brannock | Scoir de bheith mar chomhalta boird in 2012 | **-** | 10 |
| Tim Dullea | Scoir de bheith mar chomhalta boird in 2012 | **-** | 10 |
| Miriam Magner Flynn | Scoir de bheith mar chomhalta boird in 2012 | **-** | 10 |

Costais na gComhaltaí Boird €0 (2012 €11,517).

Luach Saothair an Phríomhfheidhmeannaigh:

Fuair an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin pacáiste luach saothair ag cuimsiú tuarastal €182,334 sa bhliain faoi réir socruithe pinsean caighdeánacha na hearnála poiblí agus úsáid ghluaisteáin cuideachta faoi réir sochair chomhchineáil de chuid €14,070.

Mar thoradh ar an Acht um Bearta Éigeandála Airgeadais ar mhaithe le Leas an Phobail 2013, le héifeacht ó 1 Iúil 2013 laghdaíodh Luach Saothair an Phríomhfheidhmeannaigh ó €189,115 go €175,554 sa bhliain.

Ní raibh bónas feidhmíochta ar bith i gceist.

2 Tobhach pinsean asbhainte as Pá agus tugtha don RPFN €396,907 (€438,000 in 2012)

I mí Iúil 2013, aistríodh 13 comhalta foirne ó Fhorfás go dtí GFT Éireann tar éis aistriú feidhm na nÁiseanna as eascairt as sannadh na léasanna oibriúcháin ar na foirgnimh go dtí GFT Éireann.

3 Níl cíosanna faighte ó fhothionóntaí iar-fhoirgneamh ceanncheathrú GFT sannta chuig Forfás faoin Acht um Fhorbairt Tionscail, 1993 san áireamh anseo. D'aistrigh léasanna oibriúcháin i dtaca leis na foirgnimh seo go dtí GFT Éireann i mí Iúil 2013.

4 Bhunaigh an Rialtas Oifig an Phríomhchomhairleora Eolaíochta (CSA) ar 1 Meán Fómhair 2004 chun sainchomhairle neamhspleách a sholáthar faoi aon ghné den Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht (ETN) ar iarratas an Rialtais. I mí Iúil 2012 aistríodh freagracht as saincheisteanna riaracháin, nósanna imeachta agus oibleagáidí rialachais eile i dtaca leis an oifig ó Phríomhfheidhmeannach Fhorfás go dtí Ard-Stiúrthóir Fhondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI).

Bhí Oifig an CSA freagrach as Cathair Eorpach na hEolaíochta a reáchtáil i mBaile Átha Cliath in 2012 (Nóta 6).

5 Íocadh Costais TFC de chuid €281,412 i dtaca le Forfás leis an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta in 2013.

# Nótaí do na Ráitis Airgeadais

## An Bhliain Dar Críoch 31 Nollaig 2013

### 5. Ranníocaíocht don Státchiste

Ioncam, sa bhreis ar riachtanais bhuiséadaithe, tugtha don Státchiste. Cuimsíonn an tsuim €488,000 aisíoc an Deontais Oireachtais B.1 (€341,000) agus farasbarr Féin-Ioncam (€147,000).

### 6. Cláir Rannach

Tá na cláir seo a fhaigheann maoiniú seachtrach á riar ag Forfás, thar ceann na gcomhlachtaí maoinithe anseo thíos. Áirítear na cláir seo trí ioncam a mheaitseáil le caiteachas. Taispeántar caiteachas faoi bhun/os cionn na gclár seo sna cuntais infhála (nóta 10)/iníoctha (nóta 11) mar is cuí.

| b) Cláir | **2013 €'000** | 2012 €'000 |
|---|---|---|
| Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí [1] | **391** | 361 |
| Cathair Eorpach na hEolaíochta [2] | **-** | 3,400 |
| **Iomlán** | **391** | 3,761 |

**Sonraí na gComhlachtaí Maoinithe:**

1 Ciste Náisiúnta Oiliúna na Roinne Oideachais agus Scileanna

2 An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta. Vóta 32 Fotheideal B1

| c) Maoiniú um Chathair Eorpach na hEolaíochta | **2013 €'000** | 2012 €'000 |
|---|---|---|
| An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta | **-** | 1,350 |
| Maoiniú Príobháideach (AE, Maoiniú Deontais Príobháidigh, Urraíocht agus díolacháin Taispeántais agus táillí Toscairí) | **-** | 2,050 |
| **Iomlán** | **-** | **3,400** |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

## An Bhliain Dar Críoch 31 Nollaig 2013

**7. Sócmhainní Seasta Inláimhsithe**

| | Trealamh Ríomhaireachta €'000 | Mótarfheithiclí €'000 | Fearais & Feistis €'000 | **Iomlán €'000** |
|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | |
| Ag 1 Eanáir 2013 | 952 | 47 | 2,698 | **3,697** |
| Breiseanna | - | - | 13 | **13** |
| Diúscairtí | (22) | - | (96) | **(118)** |
| Ag 31 Nollaig 2013 | 930 | 47 | 2,615 | **3,592** |
| **Dímheas** | | | | |
| Ag 1 Eanáir 2013 | 891 | 24 | 2,648 | **3563** |
| Muirear don Bhliain | 53 | 12 | 20 | **85** |
| Diúscairtí | (18) | - | (96) | **(114)** |
| Ag 31 Nollaig 2013 | 926 | 36 | 2,572 | **3,534** |
| **Glanmhéid Leabhair** | | | | |
| Ag 1 Eanáir 2013 | 61 | 23 | 50 | **134** |
| Glanghluaiseacht don Bhliain | (57) | (12) | (7) | **(76)** |
| Ag 31 Nollaig 2013 | 4 | 11 | 43 | **58** |

# Nótaí do na Ráitis Airgeadais

## An Bhliain Dar Críoch 31 Nollaig 2013

### 8. Pinsin

a) Tá Forfás freagrach as costais phinsean na gcomhaltaí foirne atá scortha ó Forfás, GFT Éireann, Fiontraíocht Éireann, Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus roinnt iarghníomhaireachtaí, faoi na hAchtanna um Fhorbairt Tionscail 1993, 1998 agus 2003. Tagann na costais seo chun cinn faoi théarmaí na scéimeanna seo a leanas:

| Scéim | Foireann Cumhdaithe | Cineál |
|---|---|---|
| **Forfás** | Cumhdaíonn scéim Forfás na catagóirí foirne seo a leanas in Forfás agus a Ghníomhaireachtaí -<br>(a) comhaltaí foirne earcaithe roimh an 5 Aibreán 1995 a shroich aois inphinsin i ndiaidh an dáta sin,<br>(b) comhaltaí foirne earcaithe i ndiaidh an 5 Aibreán 1995,<br>(c) líon beag comhaltaí foirne a bhí cumhdaithe faoi Scéim Aoisliúntais an Gharda Síochána tráth,<br>(d) líon beag comhaltaí foirne a bhí cumhdaithe faoi Scéimeanna FÁS/AnCO tráth,<br>(e) líon beag comhaltaí foirne a bhí cumhdaithe faoi Scéim Aoisliúntas Shannon Free Airport Development Co. Ltd tráth. | Ranníocach, Sochar Sainithe, Neamh-mhaoinithe.<br>Tá líon beag dóibh siúd i gcatagóir (b) san áireamh ar bhonn neamh-ranníocach. |
| **An t-iar-Údarás Forbartha Tionscail** | Comhaltaí foirne an t-iar-Údarás Forbartha Tionscail agus iad siúd a d'earcaigh Forfás agus a Ghníomhaireachtaí ag na gráid chuí idir 1 Eanáir 1994 agus 5 Aibreán 1995. | Sochar Sainithe, Ranníocach. Maoinithe go dtí 31/12/2009. **(Féach Nóta 8(a.i))** |
| **Iar-Eolas** | Comhaltaí foirne an iar-chomhlachta Eolas (seachas iad siúd atá cumhdaithe faoi iarscéim NBST thíos) agus iad siúd earcaithe ag Forfás agus a Ghníomhaireachtaí ag na gráid chuí idir 1 Eanáir 1994 agus 5 Aibreán 1995. | Sochar Sainithe, Neamh-Ranníocach, Neamh-Mhaoinithe. |
| **Iar-Bhord Náisiúnta Eolaíochta agus Teicneolaíochta (NBST)** | Líon beag comhaltaí foirne iar-NBST ag fónamh ar an 31 Nollaig 1987. | Sochar Sainithe, Ranníocach, Neamh-mhaoinithe. |
| **Iar-Chomhairle Earraí na hÉireann** | Líon beag comhaltaí foirne a bhí ag obair d'iar-Chomhairle Earraí na hÉireann ar an 31 Lúnasa 1991. | Sochar Sainithe, Ranníocach. Maoinithe go dtí 31/12/2009. **(Féach Nóta 8(a.i))** |
| **An t-iar-Bhord Tráchtála (ABT)** | Comhaltaí foirne an t-iar-ABT (seachas iad siúd atá cumhdaithe faoi scéim Chomhairle Earraí na hÉireann thuas) ar fostaithe inphinsin iad ón 22 Iúil 1998. | Sochar Sainithe, Ranníocach, Neamh-mhaoinithe. |

**8. Pinsin (ar lean)**

Seachas iar-Scéim Chomhairle Earraí na hÉireann, tá Scéimeanna Céilí agus Leanaí i gceist sna Scéimeanna ar fad.

Íocann Forfás na glanchostais a eascraíonn ó ghnáthscor. Íoctar na costais seo as an ioncam reatha. Úsáidtear ranníocaíochtaí a fhaigheann Forfás ó chomhaltaí foirne sna scéimeanna ranníocacha neamh-mhaoinithe thuasluaite chun na dliteanais leanúnacha phinsin a mhaoiniú i bpáirt.

(a.i) Faoin Acht um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009 aistríodh na sócmhainní de chuid scéimeanna an iar-Údaráis Forbartha Tionscail agus iar-Chomhairle Earraí na hÉireann go dtí an Cúlchiste Náisiúnta Pinsean ar 31 Nollaig 2009. Leanann na scéimeanna pinsean a bhaineann leis an dá chiste seo i bhfeidhm do chomhaltaí eiseacha gan tionchar ar bith ar shochair nó ar fhoráil ghaolmhar do chomhaltaí. Aisíocann GFT Éireann, Fiontraíocht Éireann agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann a ranníocaíochtaí fostóra agus fostaí le haghaidh na scéimeanna seo le Forfás d'fhonn iad a aisíoc leis an Státchiste ina dhiaidh sin lena ranníocaíochtaí féin. D'aisíoc Forfás ranníocaíochtaí iomlána fostóra (€885,307) agus fostaí (€976,412) le haghaidh na scéimeanna seo leis an Státchiste in 2013 agus tá costais phinsean tráth scoir anois á n-íoc ag an Deontas Oireachais - Vóta Uimh. 32 Fotheideal B.2: Forfás.

b) **Nochtaí Pinsin faoi FRS 17**

Éilíonn Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 17 (FRS 17) go léiríonn na ráitis airgeadais, ag luach cóir, na sócmhainní agus na dliteanais a eascraíonn as oibleagáidí aoisliúntais fostóra agus aon mhaoiniú ábhartha eile mar aon leis na costais a bhaineann le sochair aoisliúntais a aithint sna tréimhsí cuntasaíochta ina dtuileann na fostaithe iad.

| c.i) **Anailís ar an muirear iomlán pinsin** | **2013 €'000** | 2012 €'000 |
|---|---|---|
| Costais seirbhíse | **22,211** | 16,257 |
| Ús ar Dhliteanais Scéime Pinsean | **42,346** | 48,346 |
| Ranníocaíochta Fostaí úsáidte in íoc pinsean | **(3,058)** | (3,231) |
| | **61,499** | 61,372 |

| c.ii) **Anailís ar an méid aitheanta i Ráiteas na nGnóthachan agus na gCaillteanas Aitheanta Iomlán (STRGL)** | | |
|---|---|---|
| Gnóthachain ó Thaithí | **25,395** | 57,323 |
| Athruithe ar fhoshuímh | **-** | (251,450) |
| **Gnóthachain/(Caillteanais) Achtúireacha** | **25,395** | (194,127) |

# Nótaí do na Ráitis Airgeadais

## An Bhliain Dar Críoch 31 Nollaig 2013

### 8. Pinsin (ar lean)

| | | 2013 | 2012 |
|---|---|---|---|
| | | **€'000** | €'000 |
| d) | **Fiachas Pinsin** | **(1,189,753)** | (1,187,674) |
| | Iena chuimsítear: | | |
| | Luach Reatha dhliteanais na scéimeanna pinsean | **(1,189,753)** | (1,187,674) |
| | **Athrú ar Dhliteanais na Scéimeanna Pinsean** | | |
| | Luach oibleagáidí reatha scéimeanna ag tús na bliana | **(1,187,674)** | (972,389) |
| | Costais Seirbhíse Reatha | **(22,211)** | (16,257) |
| | Costais Úis | **(42,346)** | (48,346) |
| | Íocaíochtaí le Pinsinéirí | **37,083** | 43,445 |
| | Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach | **25,395** | (194,127) |
| | Luach reatha oibleagáidí scéimeanna ag deireadh na bliana | **(1,189,753)** | (1,187,674) |

| | | 2013 | 2012 |
|---|---|---|---|
| e) | **Glanmhaoiniú Iarchurtha do Phinsin sa bhliain** | **€'000** | €'000 |
| | Maoiniú inghnóthaithe maidir le costais phinsin na bliana reatha | **64,557** | 64,603 |
| | Maoiniú chun pinsin a íoc | **(37,083)** | (43,445) |
| | | **27,474** | 21,158 |

Tá Forfás ag glacadh le méid atá ag comhfhreagairt leis an dliteanas neamh-mhaoinithe iarchurtha do phinsin ar bhonn shraith toimhdí a bhfuil cur síos déanta orthu anseo thíos agus roinnt teagmhas a tharla san am atá caite mar shócmhainn. Cuimsíonn na teagmhais seo an bonn reachtúil do bhunú na scéimeanna aoisliúntais, agus an beartas agus an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le pinsin seirbhíse poiblí a mhaoiniú lena n-áirítear ranníocaíochtaí na bhfostaithe agus an próiseas meastachán bliantúil. Níl fianaise ar bith ag Forfás nach leanfaidh an beartas maoinithe seo lena leithéid sin de shuimeanna a chomhlíonadh de réir cleachtas reatha.

B'ionann an tsócmhainn mhaoinithe iarchurtha do phinsin amhail ag 31 Nollaig 2013 agus €1,190 milliún (2012: €1,188 milliún). Tá cainníochtú an dliteanais bunaithe ar na toimhdí airgeadais atá sonraithe i Nóta 8 (f). Moltar don Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta na toimhdí a úsáid, toimhdí atá bunaithe ar chomhairle achtúireach phroifisiúnta.

# Nótaí do na Ráitis Airgeadais

## An Bhliain Dar Críoch 31 Nollaig 2013

**8. Pinsin (ar lean)**

f) Bunaíodh an luacháil a úsáideadh do nochtadh FRS17 ar luacháil achtúireach iomlán ag 31 Nollaig 2013. Seo a leanas mar a bhí na toimhdí airgeadais a úsáideadh chun dliteanais scéime faoi FRS17 a ríomh amhail ag 31 Nollaig:

| **Modh luachála:** | | **Aonad Réamh-mheasta:** | |
|---|---|---|---|
| | | **2013** | **2012** |
| Ráta Lascaine | | 3.50% | 3.50% |
| Méaduithe Tuarastal | | 3.50% | 3.50% |
| Méaduithe Pinsean | | 3.00% | 3.00% |
| Ráta Boilscithe | | 2.00% | 2.00% |
| **Meán-ionchas saoil ualaithe do thháblaí mortlaíochta a úsáidtear chun oibleagáidí sochair a chinneadh ag:** | | | |
| Comhalta d'aois 65 (ionchais saoil reatha i mblianta) | Fireann | 21.0 | 21.0 |
| | Baineann | 23.9 | 23.9 |
| Comhalta d'aois 40 (ionchas saoil ag aois 65 i mblianta) | Fireann | 23.8 | 23.8 |
| | Baineann | 25.8 | 25.8 |

g) **Stair na ngnóthachan agus na gcaillteanas ó thaithí**

| | **2013** | **2012** | **2011** | **2010** | **2009** |
|---|---|---|---|---|---|
| Stair na n-oibleagáidí sochar sainithe agus na ngnóthachan agus na gcaillteanas ó thaithí | | | | | |
| Oibleagáid sochair shainithe (€'000) | 1,189,753 | 1,187,674 | 972,389 | 918,616 | 892,116 |
| Gnóthachain/(Caillteanais) ó thaithí ar dhliteanais scéime | | | | | |
| méid (€'000) | 25,395 | 57,323 | 10,889 | 38,274 | 43,262 |
| céatadán um luach reatha na ndliteanas scéime | 2.1% | 4.8% | 1.1% | 4.2% | 4.8% |

Is ionann an gnóthachan aitheanta achtúireach iomlán agus €160 milliún.

h) **Maoiniú Pinsean**

Táthar ag súil go mbeidh íocaíochtaí le haghaidh oibleagáidí neamh-mhaoinithe cothrom le €43 milliún in 2014.

i) **Díscaoileadh Fhorfás**

Déanann an Bille um Fhorbairt Tionscail (Díscaoileadh Fhorfás) a dhéanann foráil le haghaidh díscaoileadh Fhorfás, foráil le haghaidh (i) bunú Fiontraíocht Éireann, GFT Éireann agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann mar fhostóirí dlíthiúil ar leith, (ii) gach gníomhaireacht ag forbairt a scéim pinsin féin, (iii) foireann na ngníomhaireachtaí féin le bheith ina gcomhaltaí na scéimeanna seo agus (iv) na gníomhaireachtaí seo ag glacadh freagracht as na Dliteanais Phinsean gaolmhara faoi FRS17.

Beidh freagracht dlíthiúil ag an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta as na scéimeanna pinsean eiseacha, pinsinéirí agus iar-chomhaltaí foirne le sochair chaomhnaithe.

# Nótaí do na Ráitis Airgeadais

## An Bhliain Dar Críoch 31 Nollaig 2013

### 9. Cuntas Caipitil

| | | |
|---|---|---|
| | **€'000** | **€'000** |
| Ag 1 Eanáir 2013 | | **134** |
| Aistriú (go dtí)/ó Chuntas Ioncaim agus Caiteachais | | |
| - Breiseanna Costais | **13** | |
| - Diúscairtí Costais | **(118)** | |
| - Dímheas | **(85)** | |
| - Diúscairtí Dímheasa | **114** | |
| | | **(76)** |
| **Ag 31 Nollaig 2013** | | **58** |

### 10. Cuntais Infhála

| | | |
|---|---|---|
| | **2013** | 2012 |
| | **€'000** | €'000 |
| Féichiúnaithe Ginearálta | **324** | 728 |
| Réamhíocaíochtaí | **21** | 1,785 |
| Iarmhéideanna Idirghníomhaireachta | **333** | 182 |
| Párolla | **13** | 18 |
| Deontas AE infhála do chlár Chathair Eorpach na hEolaíochta | **-** | 257 |
| Cláir Rannach | **2** | 4 |
| **Iomlán** | **693** | 2,974 |

San áireamh i bhFéichiúnaithe Ginearálta tá €120,188 (2012: €217,494) CBL Infhála ag Forfás thar ceann Grúpa CBL Fhorfás (Forfás, GFT Éireann & Fiontraíocht Éireann)
Is ionann Iarmhéideanna Idirghníomhaireachta agus méideanna dlite, más ann dóibh, ó Ghníomhaireachtaí Fhorfás (GFT Éireann, Fiontraíocht Éireann agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann) agus áirítear ann CBL infhála de chuid €310,708 (2012: €74,605) ó SFI agus Fiontraíocht Éireann.

# Nótaí do na Ráitis Airgeadais

## An Bhliain Dar Críoch 31 Nollaig 2013

### 11. Cuntais Iníoctha

| | **2013** | 2012 |
|---|---|---|
| | **€'000** | €'000 |
| Fabhruithe | **162** | 295 |
| Iarmhéideanna Idirghníomhaireachta | **352** | 261 |
| **Iomlán** | **514** | 556 |

Is ionann Iarmhéideanna Idirghníomhaireachta agus méideanna dlite, más ann dóibh, do Ghníomhaireachtaí Fhorfás (GFT Éireann, Fiontraíocht Éireann agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann) agus áirítear ann CBL iníoctha de chuid €351,551 (2012: €260,857) do GFT Éireann.

### 12. Ceangaltais faoi Léasanna Oibriúcháin

Táthar tar éis glaniomlán de chuid €1,010,514 (2012: €2,902,000) a ghearradh i dtaca le léasanna oibriúcháin ar fhoirgnimh i gcuntais Fhorfás.

D'íoc Forfás costais léasa i dtaca le Teach Pháirc Wilton go dtí gur sannadh an léas go dtí GFT Éireann i mí Iúil 2013. Bhí íocaíochtaí léasa Theach Pháirc Wilton á roinnt idir Forfás, a ghníomhaireachtaí agus tionóntaí príobháideacha i gcion leis an spás oifige áitithe comhaontaithe. Táthar tar éis cíos agus costais ghaolmhara de chuid €1,010,514 a aithint i ráitis airgeadais Fhorfás (Nóta 4) ag léiriú cion Fhorfás de spás Theach Pháirc Wilton áitithe in 2013.

Níl aon táille léasa don bhliain 2013 i ráitis airgeadais Fhorfás i dtaca le Teach Knochmaun agus Teach Carrisbrook toisc gur áirigh deontas RPFN 2013 GFT Éireann leithdháileadh do chostais léasa an dá fhoirgneamh seo don bhliain 2013 trí chéile.

Go dtí 2013, bhí léasanna oibriúcháin ag Forfás le haghaidh trí háitreabh, Teach Pháirc Wilton (foirgneamh ceanncheathrún le haghaidh Forfás, GFT Éireann agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann), Teach Knockmaun agus Teach Carrisbrook. Sannadh na léasanna seo do GFT Éireann i mí Iúil 2013 mar chuid den phróiseas i leith Forfás a chomhtháthú sa Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta. Mar thoradh níl aon ceanglais le comhlíonadh ag Forfás in 2014 i dtaca le léasanna oibriúcháin.

### 13. Cánachas

Díolmhaíonn Alt 227 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, Forfás ó chánachas breise ar ioncam cíosa Chás IV agus Chás V sa bhreis ar an méid asbhainte ag an bhfoinse.

### 14. Comhaltaí Boird - Nochtadh na nIdirbheart

I ngnáthchúrsa gnó, féadfaidh Forfás dul i mbun socruithe conarthacha le gnóthais a bhfuil Comhaltaí Boird Fhorfás fostaithe iontu nó a bhfuil leas eile acu iontu.  Ghlac Forfás le nósanna imeachta de réir na dtreoirlínte atá eisithe ag an Roinn Airgeadais i ndáil le Comhaltaí Boird ag nochtadh leasanna agus chloígh Forfás leis na nósanna imeachta seo.

I rith 2013, ní dhearnadh íocaíochtaí ar bith le haon eagraíochtaí a bhfuil baint ag Comhalta Boird leo.

# Nótaí do na Ráitis Airgeadais

## An Bhliain Dar Críoch 31 Nollaig 2013

**15. Teagmhais agus Gníomhaíochtaí Dlíthiúla**

Níl teagmhais ná gníomhaíochtaí dlíthiúla ar bith a bhfuil foráil ar leith de dhíth orthu sna Ráitis Airgeadais.

**16. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais**

D'fhaomh an Bord na ráitis airgeadais ar an 11 Márta 2014.

# Aguisín 1: Comhairlí Comhairleacha

# An Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais

| | |
|---|---|
|  | **An Dr. Don Thornhill, Cathaoirleach Comhairleoir Gnó agus Stiúrthóir Cuideachta** |

| | |
|---|---|
| Martin D. Shanahan | Príomhfheidhmeannach, Forfás |
| Liam Casey | Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, PCH International Ltd. |
| An tOll. Peter Clinch | Ollamh Jean Monnet le hEacnamaíocht Eorpach agus Ollamh le Beartas Poiblí, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath |
| Shay Cody | Ard-Rúnaí, IMPACT |
| Clare Dunne | Rúnaí Cúnta, an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta |
| Isolde Goggin | Cathaoirleach, an tÚdarás Iomaíochta |
| John Herlihy | Leas-Uachtarán, Díolachán Idirnáisiúnta SMB agus Ceannaire Google Ireland |
| Jane Magnier | Comh-Stiúrthóir Bainistíochta, Abbey Tours |
| Danny McCoy | Príomhfheidhmeannach, Ibec |
| Seán Murphy | Leas-Phríomhfheidhmeannach, Chambers Ireland |
| Sean O'Driscoll | Cathaoirleach agus Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Glen Dimplex Group |
| Louise Phelan | Leas-Uachtarán Oibríochtaí Domhanda san Eoraip, sa Mheánoirthear agus san Afraic, PayPal |
| Heather Reynolds | Stiúrthóir, Eistec |
| Dave Shanahan | Ceannaire na dTionscnamh Sláinte Straitéisigh Domhanda, AbbVie |
| Paul Sweeney | Eacnamaí |
| Siobhan Talbot | Stiúrthóir Bainistíochta Grúpa, Glanbia |

## Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí



**Una Halligan, Cathaoirleach**

| | |
|---|---|
| Marie Bourke | Ceannaire na Rúnaíochta agus Bainisteoir Rannóige, Oideachas, Scileanna, Comhshaol agus Anailís Suirbhé, Forfás |
| Inez Bailey | Stiúrthóir, an Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh |
| Peter Baldwin | Rúnaí Cúnta, an Roinn Oideachais agus Scileanna |
| Ray Bowe | GFT Éireann |
| Liz Carroll | Bainisteoir Oiliúna agus Forbartha, ISME |
| Ned Costello | Príomhfheidhmeannach, Cumann Ollscoileanna Éireann |
| Margaret Cox | Stiúrthóir Bainistíochta, I.C.E. Group agus Pitman Training |
| Bill Doherty | Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin, EMEA, Cook Medical |
| Tony Donohoe | Ceann an Bheartais Oideachais, Sóisialta agus Nuálaíochta, IBEC |
| An Dr Bryan Fields | Stiúrthóir, Forbairt Curaclaim/Nuálaíocht Cláir, SOLAS |
| Sonia Flynn | Stiúrthóir EMEA um Oibríochtaí Úsáideora, Facebook |
| Deirdre McDonnell | Príomhoifigeach, an Roinn Oideachais agus Scileanna |
| Joe Hogan | Bunaitheoir, Príomhoifigeach Teicneolaíochta agus Leas-Uachtarán Openet Labs & IP Management |
| Jerry Moloney | Stiúrthóir Réigiúnach, Iarthar Láir, Fiontraíocht Éireann |
| Frank Mulvihill | Iar-Uachtarán ar Institiúid na dTreoirchomhairleoirí |
| An Dr Brendan Murphy | Uachtarán, Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí |
| John Burke | Beartas & Caiteachas Oideachais, an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe |
| Alan Nuzum | POF, Skillnets |
| Mary Liz Trant | An tÚdarás um Ard-Oideachas |

| | |
|---|---|
| Peter Rigney | Oifigeach Tionsclaíoch, ICTU |
| Martin Shanagher | Rúnaí Cúnta, an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta |
| Martin D. Shanahan | Príomhfheidhmeannach, Forfás |
| Jacinta Stewart | Príomhfheidhmeannach, Bord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath |

D'éirigh John Martin as i mí Mheán Fómhair 2013

D'éirigh Janna Gardiner as i mí Mheán Fómhair 2013

Tháinig Mary-Liz Trant in áit Muiris O'Connor mar ionadaí an Údaráis um Ard-Oideachas i mí Aibreáin 2014

Tháinig Deirdre McDonnell in áit Anne Forde mar ionadaí na Roinne Oideachais agus Scileanna i mí Aibreáin 2014

Tháinig John Burke in áit Dermot Nolan mar ionadaí na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí an Mheithimh 2014

# Aguisín 2: Foilseacháin Fhorfás

| | |
|---|---|
| **Monatóir Fiontraíochta Domhanda (GEM) 2013** ***[Global Entrepreneurship Monitor (GEM) 2013]***<br><br>Monatóir Fiontraíochta Domhanda | Meitheamh 2014 |
| **Forbhreathnú Folúntas 2013** ***[Vacancy Overview 2013]***<br>EGFSN | Bealtaine 2014 |
| **Measúnú an Éilimh ar Scileanna Olltiomsaithe Sonraí agus Anailísíochta, 2013-2020** ***[Assessing the Demand for Big Data and Analytics Skills, 2013-2020]***<br>EGFSN | Bealtaine 2014 |
| **Ráiteas Gníomhaíochta 2013 an tSainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí** ***[The Expert Group on Future Skills Needs Statement of Activity 2013]***<br>EGFSN | Aibreán 2014 |
| **Athbhreithniú ECFE ar an bPlean Gníomhaíochta do Phoist** ***[OECD Review of the Action Plan for Jobs]***<br>ECFE | Aibreán 2014 |
| **Meastóireacht ar Thacaíochtaí Fiontar maidir le Taighde, Forbairt agus Nuálaíocht** ***[Evaluation of Enterprise Supports for Research, Development and Innovation]***<br>Forfás | Aibreán 2014 |
| **Meastóireacht ar Thacaíochtaí Fiontar i gcomhair Gnólachtaí Nua-Thionscanta agus na Fiontraíochta** ***[Evaluation of Enterprise Supports for Start-Ups and Entrepreneurship]***<br>Forfás | Aibreán 2014 |
| **Suirbhé Fostaíochta Bliantúil** ***[Annual Employment Survey]***<br><br>Forfás | Aibreán 2014 |
| **Costais um Dhul i mBun Gnó in Éirinn 2014** ***[Costs of Doing Business in Ireland 2014]***<br><br>NCC | Aibreán 2014 |
| **Suirbhé Gnó Bliantúil ar Thionchar Eacnamaíoch** ***[Annual Business Survey of Economic Impact]***<br><br>Forfás | Márta 2014 |
| **Feasachán Réigiúnach na Margaí Saothair 2013** ***[Regional Labour Markets Bulletin 2013]***<br><br>EGFSN | Márta 2014 |
| **Plean Gníomhaíochta do Phoist 2014** ***[Action Plan for Jobs 2014]*** | Feabhra 2014 |

| | |
|---|---|
| Forfás, RPFN | |
| **Praghsanna Tomhaltóirí agus Boilsciú *[Consumer Costs and Inflation]***<br>Forfás | Feabhra 2014 |
| **Infheistíocht an Stáit i dTaighde agus Forbairt 2012-2013 *[State Investment In Research and Development 2012 - 2013]***<br>Forfás | Mí na Nollag 2013 |
| **Suirbhé um Thaighde agus Forbairt san Earnáil Ardoideachais 2010/2011 *[Survey of Research and Development in the Higher Education Sector 2010/2011]***<br>Forfás | Mí na Nollag 2013 |
| **Aighneacht NCC chuig an bPlean Gníomhaíochta do Phoist 2014 *[NCC submission to the Action Plan for Jobs 2014]***<br>NCC | Mí na Nollag 2013 |
| **Ag dul i ngleic le hÉileamh na Todhchaí ar Ardleibhéal Scileanna TFC *[Addressing Future Demand for High-Level ICT Skills]***<br>EGFSN | Samhain 2013 |
| **Freagra Comhpháirteach ó Forfás/Fiontraíocht Éireann/GFT Éireann/Fondúireacht Eolaíochta Éireann i leith Comhairliúchán Poiblí na Roinne Airgeadais ar an Athbhreithniú um Chreidmheas Cánach Taighde agus Forbartha *[Joint Response by Forfás/Enterprise Ireland/ IDA Ireland/ Science Foundation Ireland to the Department of Finance Public Consultation on the Review of the Research and Development Tax Credit]***<br>Forfás, Fiontraíocht Éireann, GFT Éireann, Fondúireacht Eolaíochta Éireann | Deireadh Fómhair 2013 |
| **Caiteachas Gnó ar Thaighde & ar Fhorbairt (CGFT) 2011/2012 *[Business Expenditure on Research & Development (BERD) 2011/2012]***<br>Forfás, CSO | Lúnasa 2013 |
| **Infheistíocht an Stáit i dTaighde agus Forbairt 2011-2012 *[State Investment In Research and Development 2011 - 2012]***<br>Forfás | Lúnasa 2013 |
| **Fiontar Sóisialta in Éirinn: Deiseanna Earnála agus Saincheisteanna Beartais *[Social Enterprise in Ireland: Sectoral Opportunities and Policy Issues]***<br>Forfás | Iúil 2013 |
| **Earnáil Tógála na hÉireann: Forbhreathnú agus Plean Straitéiseach go dtí 2015 *[Ireland's Construction Sector: Outlook and Strategic Plan to 2015]***<br>Forfás | Iúil 2013 |
| **Tuarascáil Bhliantúil 2012 de chuid Fhorfás**<br>Forfás | Iúil 2013 |
| **Beartú Tosaíochta Taighde: Creat do Mhonatóireacht ar Infheistíocht** | Iúil 2013 |

| | |
|---|---|
| **Phoiblí san Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht agus 14 Plean Gníomhaíochta *[Research Prioritisation: Framework for Monitoring Public Investment in Science, Technology and Innovation and 14 Action Plans]***<br>Forfás | |
| **Monatóireacht ar Sholáthar Scileanna na hÉireann - Treochtaí in Aschuir Oideachais agus Oiliúna 2013 *[Monitoring Ireland's Skills Supply – Trends in Education and Training Outputs 2013]***<br>EGFSN | Iúil 2013 |
| **An Feasachán Náisiúnta Scileanna 2013 *[National Skills Bulletin 2013]***<br>EGFSN | Iúil 2013 |
| **Suirbhé Gnó Bliantúil ar Thionchar Eacnamaíoch 2011 *[Annual Business Survey of Economic Impact 2011]***<br>Forfás | Iúil 2013 |

Tá foilseacháin Forfás agus na ngrúpaí comhairleacha a gcuireann sé tacaíocht riaracháin agus rúnaíochta ar fáil ar www.forfas.ie
Chun liostáil dár bhfoláirimh ríomhphoist, dean teagmháil linn ag info@forfas.ie nó tríd an láithreán gréasáin.

Iúil 2014

**Forfás**

Teach Pháirc Wilton
Plás Wilton
Baile Átha Cliath 2

Teil: +353 1 607 3000
Facs: +353 1 607 3030

www.forfas.ie